



roinn fiontar trádála agus fostaíochta
department of enterprise, trade and employment


Tuarascáil Bhliantúil 2005





roinn fiontar trádála agus fostaíochta
department of enterprise, trade and employment

Tuarascáil Bhliantúil 2005



Clár

Brollach – Focal ón Aire Fiontar, Trádála & Fostaíochta	4	Gallán 3 - Margaí agus Rialachán a chur ag Obair níos Fearr	57
Réamhrá an Ard-Rúnaí	6	An tÚdarás Iomaíochta.	58
Cairt Eagrúcháin	7	Iomaíocht in earnálacha cosanta	58
Ár Misean	8	Beartas Tomhaltóirí	58
Ár Luachanna	8	Dlí na gCuideachtaí agus	
Struchtúr na Roinne	8	Gníomhaireachtaí Rialála	60
Galláin & Príomhspricanna ár Straitéise	9	Creat reachtúil cuideachtaí don tionscal seirbhísi airgeadais	60
Anailís Timpeallachta	10	Reachtaíocht an AE maidir le dlí na gcuideachtaí	61
Achoimre ar Mhórgníomhartha 2005	12	Acht Comhdhlúite agus Athchóirithe Dhlí na gCuideachtaí	63
Achoimre ar Phríomh-Thosaíochtaí	13	Clár Athchóirithe maidir le cúrsaí Árachais	64
Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht & Fás	17	Gallán 4 - Soláthar Gnó, Nuachóiriú agus Fócas ar an gCustaiméir	65
Iomaíochas	18	Seirbhís Chustaiméara den Scoth	66
Grúpa Straitéise Fiontraíochta	20	Nuachóiriú	67
Trádáil Idirnáisiúnta	21	Acmhainní Daonna & Oiliúint	68
Acmhainneacht agus Cumas		Bainistíocht ar Acmhainní Daonna	69
Easpórtála a fhorbairt	22	Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide	70
An Margadh Inmheánach	23	Dílárú	71
Inbhuanaitheacht & Iomaíochas	25	Rialú Airgeadais & Luach ar Airgead	72
Gnóthaí Beaga	26	Iníúchadh Inmheánach	72
Caiteachas Poiblí agus Forbairt Fiontar	27	Ionracas, Trédhearcacht & Freagrúlacht	73
Gníomhaíocht Fiontraíochta	28	Straitéis Staitisticí	74
Úsáid TFC ag Fiontair Bheaga agus Mheánacha	30	Rialáil níos Fearr	74
Forbairt Réigiúnach &		Bainistíocht Riosca	74
Gníomhaireachtaí Forbartha	30		
Infheistiú i dTaighe & Forbairt a Chothú	31		
Maoin Intleachta	35		
Gallán 2- Obair agus Foghlaim d'Archaighdeán	37	Aguisín	75
Foghlaim Fadsaoil	38	Aguisín 2: Tuairisc ar mar a cloíodh le Forálacha an Acha um Íoc Pras Cuntas	80
Oiliúint Inchuideachta	38	Aguisín 3: Reachtaíocht arna riaradh ag an Roinn	81
Oiliúint agus Tacaí do dhaoine faoi mhíchumas	39	Aguisín 4: Reachtaíocht a achtaíodh i 2005	83
Gaimoideachas agus Oiliúint ag leibhéal an AE	40	Aguisín 5: Ionstraimí Reachtúla a rinneadh le linn 2005	84
Tacaíocht do Dhaoine Dífhostaithe	40	Aguisín 6: Treoracha ag leibhéal an AE ar glacadh leo le linn 2005	89
Straitéis Fostaíochta Eorpach	41	Aguisín 7: Orduithe Rialachán Fostaíochta a rinneadh le linn 2005	90
Oibríthe Oilte ó Iasmuigh de Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa	42	Aguisín 8: Comhlachtaí agus Oifigí a bhfuil baint acu leis an Roinn	91
Ceadanna Fostaíochta	43	Cuid 1 - Comhlachtaí Státurraithe agus a gcuid Bord	91
Caiteachas agus gníomhaíochtaí FÁS	43	Cuid 2 - Oifigí a bhfuil baint acu leis an Roinn	95
Sonraí faoin Margadh Fostaíochta	44	Cuid 3 - Boird Fiontar Contae Agus Cathrach	100
Ciste Sóisialta na hEorpa	48	Aguisín 9 - Seoltaí Oifigí na Roinne	103
Dearadh Chlár CSE 2007-2013	48		
Dialóg Shóisialta	48		
Forálacha Reachtacha, géilliúlachta agus réitigh aighnis	51		

Oibreoidimid don Rialtas
agus don phobal chun
fostaíocht
d'ardchaighdeán agus
iomaíochas náisiúnta a
chur ag fás.

Brollach

Focal ón Aire Fiontar, Trádála & Fostaíochta

Bhí Éire chun tosaigh ar a comharsana Eorpacha ó thaobh fhás na heacnamaíochta de i 2005, mar a bhí le tamall de bhlianta. Agus an iomaíocht ag gearú ar fud an domhain, leanamar orainn in iomaíocht go tréan sa mhargadh domhanda. Tá an rath seo bunaithe den chuid is mó ar ghníomhaíochtaí easpórtála cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn. Mhéadaigh luach ár gcuid easpórtálacha timpeall 5% i 2005 thar 2004 agus is é an AE ár margadh easpórtála is mó, le 62% den iomlán. I rith 2005, shroich ráta fáis bliantúil na fostaíochta in Éirinn 4.6%, an figiúr is airde le 5 bliana, shroich an fhostaíocht iomlán 2 mhilliún faoi dheireadh na bliana agus d'fhan an difhostaíocht ag ráta íseal, 4.4%. Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo breac-chuntas ar an ról tábhachtach a bhí ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, mar Roinn thábhachtach eacnamaíoch, i bhforbairt ár n-eacnamaíochta i rith 2005.

Mar aitheantas ar a thábhachtaí atá fás na ngnóthaí beaga dár bhforbairt eacnamaíoch sna deich mbliana atá romhainn, chuir mé **Fóram na nGnóthaí Beaga** ar bun i 2005 chun an timpeallacht reatha atá ann gnó beag a stiúradh in Éirinn a scrúdú agus straitéisí a mholadh don todhchaí. Tá tuairisc tugtha ag an bhFóram dom anois ar a chuid torthaí agus roinnt moltaí déanta aige. D'iarr mé ar an Roinn seo againne dul ar aghaidh le feidhmiú na moltaí seo atá laistigh de mo réimse freagrachta agus beidh mé ag plé le mo chomhghleacaithe sa Rialtas maidir le feidhmiú na moltaí eile. Ba chóir go gcabhródh an gormchló atá curtha ar fáil ag Fóram na nGnóthaí Beaga lena chinntiú go leanfaidh earnáil na ngnóthaí beaga ag cur go mór leis an eacnamaíocht agus leis an bhfás eacnamaíochta.

Ina thuarascáil 'Ahead of the Curve' d'aithin an Grúpa Straitéise Fiontraíochta gur gá don eacnamaíocht in Éirinn a bheith tiomáinte ag an bhfaisnéis agus bunaithe ar an nuálaíocht, agus tá beartas an Rialtais le blianta beaga anuas bunaithe go háirithe ar fhorás leanúnach na hÉireann i dtreo na sprice seo. Is gné rithábhachtach den bheartas seo an infheistiúocht in eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht. Faoi láthair tá an Roinn seo againne i gcomhairle le Ranna Rialtais eile ag dréachtú straitéise don Teicneolaíocht, Nuálaíocht agus Eolaíocht, a úsáidfear, i measc rudaí eile, chun méadú a dhéanamh ar thaighde agus ar fhorbairt inchuideachta agus chun an comhoibriú idir tionscail agus earnáil an oideachais a neartú. Cabhróidh sé seo le cinntiú go mbeidh cáil idirnáisiúnta ar Éirinn mar ionad taighde, agus í ag giniúint agus ag úsáid eolais nua ar son an fhoráis eacnamaíoch agus shóisialta.

Má tá dul chun cinn leanúnach le déanamh againn i gcomhthéacs eacnamaíochta atá eolasbhunaithe agus tiomáinte ag an nuálaíocht ní mór dúinn díriú go láidir ar oideachas agus oiliúint, le cinntiú go mbeidh soláthar sásúil saothair againn chun an fás eacnamaíoch a bhuanú, agus

chun deiseanna fostaíochta níos fairsinge a sholáthar dár saoránaigh i bhfostaíocht atá de shíor ag éirí níos luachmháire. Ba mhór an dul chun cinn é i 2005 an t-ardú suntasach ar thacaíocht d'oiliúint na ndaoine atá i bhfostaíocht maidir le cur chun cinn mholtaí Thuarascáil an Tascfhórsa ar Fhoghlaim

Fadsaoil agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna na heacnamaíochta. Chomh maith leis sin, réitíodh aon easpa scileanna saothair a bhí againn toisc an inimirce ó oibríthe ó Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa san AE. Le hachtú an Bhille um Cheadanna Fostaíochta cinnteofar go mbeidh beartas inimirce eacnamaíoch níos bainistithe ann, le measúnú leanúnach ar riachtanais scile agus saothair san am atá le teacht. Lean an Roinn seo ag soláthar raon clár agus seirbhísí chun iontráil daoine atá Difhostaithe go Fadtéarmach agus daoine faoi mhíchumas sa Mhargadh Fostaíochta a éascú. Ba thionscnamh é an Scéim Fhóirdheontais Pá a chuireann dreasachtaí airgeadais ar fáil d'fhostóirí a thairgeann fostaíocht do dhaoine faoi mhíchumas a mbaireann tábhacht ar leith leis.

Ba mhór an dúshlán don Roinn seo é i 2005 monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh ar chearta fostaíochta ar fud an fhórsa shaothair, nuair a sháraigh an líon daoine a bhí fostaíthe 2 mhilliún don chéad uair, agus nuair a d'fhás an meascán d'oibríthe dúchasacha agus inimircigh san eacnamaíocht. Ar iarratas uaimse, cheadaigh an Rialtas leathnú a dhéanamh ar an gCigireacht Oibreachais i 2005 chun plé leis an méadú i líon na gcigireachtaí atá de dhíth i bhfórsa saothair atá ag méadú agus i dtimpeallacht chearta fostaíochta atá ag éirí níos casta de shíor. Tabharfar tosaíocht don réimse seo de chúramáí na Roinne seo i 2006, agus do chosaint sábháilteachta, sláinte agus leasa ár gcuid oibríthe

Tá mé lántiomanta do chothú agus do chosaint leasa an tomhaltóra agus tá siad seo go hard ar an gclár oibre. Tabharfar tús áite dá réir sin don obair a leanann moltaí an Ghrúpa Straitéise Tomhaltóirí mar thosaíocht rithábhachtach don Roinn i rith ár dtreimhse straitéise reatha. Ba mholadh lárnach i dtuarascáil an Ghrúpa é go mbunófaí Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí (GNT) a chuimsíonn an oifig atá ann cheana – Oifig an Stiúrtóra Gnóthaí Tomhaltóirí. Bhí na hullmhúcháin maidir leis an nGníomhaireacht nua ar siúl ag tús 2006 agus tá sé socraithe agam go bhfeidhmeoidh an GNT mar urlabhair láidir ar son an tomhaltóra agus go mbeidh na cumhachtaí, na feidhmeanna agus an saineolas riachtanach aige le go dtabharfar cluas le héisteacht don tomhaltóir. Cheap mé



Bord eatramhach don Ghníomhaireacht i rith na bliana agus ceann de na chéad chúramaí a bheidh air ná aighneacht a ullmhú a chuirfidh tuairim an tomhaltóra faoin Ordú um Chleachtais Srianta (Grosaeirí) in iúl. B'ócáid thábhachtach don tomhaltóir Éireannach é an socrú a rinne an Rialtas tar éis an tOrdú Grósaeirí a aisghairm, agus ba shaoradh chomh maith é ar bheartas iomaíochta in Éirinn

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe Michael Ahern TD, an tAire Trádála agus Tráchtála, agus Tony Killeen, TD, an tAire Gnóthaí Oibreachais, as ucht tacaíocht leanúnach a thabhairt dúinn ar gclár Rialtais a chur i bhfeidhm sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ní foláir dom an t-aitheantas céanna a thabhairt don obair chrua a dhéanann foireann na Roinne, a thugann tacaíocht dom féin agus do mo chuid Airí Stáit chun príomhthosaíochta mo Roinne a chomhlíonadh

Chun a chinntiú go mbeidh rath leanúnach orainn agus an iomaíocht ag fás ionainn, tá sé tábhachtach go gcothódh Éire a heacnamaíocht bhríomhar agus go bhfreagrófaí i gcónaí d'éileamh éabhlóideacha na hiomaíochta idirnáisiúnta. Tá muinín agam go mbeidh cur i bhfeidhm rathúil na gcuspóirí agus na straitéisí atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise 2005-2007 na Roinne seo tábhachtach mar thoisic chun an sprioc seo a bhaint amach, agus tá mé sásta leis an dul chun cinn atá déanta chuige sin i 2005, mar atá ar taifead sa Tuarascáil Bhliantúil seo.



Micheál Martin T.D.

An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Réamhrá

an Ard-Rúnaí

Ba í 2005 an chéad bhliain de Ráiteas nua Straitéise 2005-2007 na Roinne. Is í aidhm na Tuarascála Bliantúla seo, dá bhrí sin, tuairisc a thabhairt faoin dul chun cinn a rinneadh i rith 2005 chun cuspóirí agus gníomhartha straitéiseacha an Ráitis Straitéise seo a bhaint amach. Tá ár straitéis bunaithe ar cheithre ghallán: Fiontar, Nuálaíocht agus Fás; Obair agus Foghlaim d'Ardaighdeán; Margai agus Rialachán a chur ag Obair níos Fearr; agus Soláthar Gnó, Nuachóiriú agus Fócas ar an gCustaiméir. Rinneadh dul chun cinn mór i 2005 chun ár straitéisí agus ár gcuspóirí don tréimhse 2005-2007 a chur i bhfeidhm.

Sa bhliain atá faoi chaibidil, lean an Roinn uirthi ag cur na ngealltanais a bhfuilimid freagrach astu faoi Chomhaontú Bhuanú an Fhoráis chun cinn. I measc na nithe suntasacha a baineadh amach bhí oibriú Chóras nua Comhordaithe agus Rialachais don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, le cinntiú go mbeadh cur chuige struchtúrtha ann chun beartais a fhorbairt sa réimse taighde agus forbartha; an Scéim Fhóirdheontais Pá a tugadh isteach chun dreasachtaí airgeadais a sholáthar d'fhostóirí chun daoine faoi mhíchumas a fhosú; agus bunú Fhóram Rialaithe Ghnó chun an t-ualach riaracháin ar ghnó a mhaolú. Rinneadh dul chun cinn suntasach chomh maith i réimse na sláinte agus na sábháilteachta san ionad oibre, le hachtú an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Cuireann an tAcht seo béim láidir ar chomhroinnt freagrachtaí agus ar chearta fostóirí agus a gcuid fostaithe sa réimse sláinte agus sábháilteachta. Ba mhór an t-éacht chomh maith seoladh Thuarascáil an tSainghrúpa Chomhairligh ar Bhulaíocht san Ionad Oibre, a phléifidh le fadhb na bulaíochta atá ag méadú san ionad oibre agus a chabhróidh a chinntiú go mbeidh córas atá de réir a chéile ar fáil dóibh siúd uile a gcuireann an bhulaíocht isteach orthu, agus déanfar tuilleadh oibre sa réimse seo agus moltaí na Tuarascála á gcur chun cinn. Tá tuairisc tugtha sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar mhórán eile a baineadh amach i réimsí forbairt na fiontraíochta, ar fhorbairt an fhórsa shaothair, na hiomaíochta agus chearta an tomhaltóra, idirbheartaíocht cheirde agus réimsí eile beartais atá de chúram ar an Roinn seo.

Lean an Roinn ar aghaidh i 2005 lena hiarrachtaí a chinntiú go gcuirfear seirbhís den chaighdeán is airde ar fáil dár gcustaiméirí le foilsíú ár dtríú Phlean Seirbhíse do Chustaiméirí agus trí obair shuntasach a dhéanamh ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil go díreach don phobal sa réimse reachtaíochta um chearta fostaíochta. Is céim mhór chun tosaigh é bunú Ghrúpa Cearta Fostaíochta, mar fhreagra ar mholtaí an Ghrúpa Athbhreithnithe um Fheidhmeanna na gComhlachtaí Cearta Fostaíochta, chun simpliú agus líomhchóiriú a dhéanamh ar nósanna imeachta gearáin, achomhairc agus feidhmithe sna Comhlachtaí Cearta Fostaíochta éagsúla.

Is cuid thábhachtach de chlár oibre iomaíochais na hÉireann é Státseirbhís nua-aimseartha freagrach, agus mar sin is tosaíocht rithábhachtach é an clár oibre nuachóirithe don Roinn sa tréimhse straitéise reatha. Cuireadh raon leathan de thionscnaimh nuachóirithe chun cinn sa bhliain atá faoi chaibidil, forbairt ar tháscairí feidhmíochta a cheadódh tuairisciú bainistíochta níos fearr san áireamh, chomh maith le cur chun cinn chlár oibre comhionannais na Roinne agus an obair leanúnach ar Fheidhm an Bhainistithe ar Acmhainní Daonna atá lárnach agus straitéiseach a bhunú don Roinn. Chomh maith leis sin, leanamar orainn ag forbairt, ag feabhsú agus ag méadú líon na ngníomhaíochtaí atá 'ar líne' trí shuímh dhílisithe ghréasáin éagsúla agus tionscnaimh ríomh-Rialtais.

I rith 2005, agus don tríú bliain as a chéile, luadh an Roinn seo ar liosta de na 50 eagraíocht Éireannach is fearr le hobair iontu. Is cuid de thionscnamh Choimisiún na hEorpa é "Na Cuideachtaí is Fearr le hobair dóibh in Éirinn" atá dírithe ar na hionaid fhorásacha iomadúla atá ar fud na hEorpa a aithint. Is éacht é go mbíonn rath orainn i gcónaí sa chomórtas seo, agus tá mé féin agus mo chomhghleacaithe go léir an-bhródúil as, mar go léiríonn sé an dul chun cinn suntasach atá déanta sa Roinn le cúpla bliain anuas chun clár oibre bhainistíú an athraithe a chur chun cinn, le fócas láidir ar dhaoine, a ligeann dúinn soláthar ár gcuid seirbhísí a fheabhsú dár bpáirtithe leasmhara go léir trí chur chuige nua-aimseartha le béim ar obair bhuíne chun ár ngnó a chur i gcrích.


Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do dhúthracht na foirne ar fud na Roinne, a chinntigh lena gcomhoibriú agus a gcuid oibre crua i rith na bliana go ndéanfaí dul chun cinn tábhachtach chun gach ceann de na cuspóirí atá inár Ráiteas Straitéise a bhaint amach. Tá mé cinnte go leanfaimid orainn ag comhlionadh na ndúshlán a chuireann an Rialtas, an tOireachtas, agus ár mbonn leathan custaiméirí romhainn, lena dtacaíocht leanúnach le linn 2006 agus sna blianta atá romhainn.



Sean Gorman
Ard-Rúnaí na Roinne



Cairt Eagrúcháin



Department's Management Board

Back Row (left to right) Seamus O Morain, Margo Monaghan, Brian Whitney, Ronald Long, John Walsh, Martin Shanagher Front Row (left to right) Dermot Mulligan, Sean Gorman (Secretary General), Clare Dunne, Ned Costello. Absent, Martin Cronin, Chief Executive of Forfás.

Ár Misean

Oibreimid don Rialtas agus don phobal chun fostaíocht d'ardchaighdeán agus iomaíochas náisiúnta a chur ag fás.

Tá ár mbeartais dírithe ar iomaíochas a fheabhsú, cabhrú le timpeallacht a chruthú ina mbeidh rath ar an bhfiontraíocht agus cosaint ann do thomhaltóirí, scileanna an fhórsa shaothair a fheabhsú, deiseanna inbhuanaithe fostaíochta a chur ar fáil, coinníollacha san ionad oibre a fheabhsú, agus páirt a ghlacadh i gcruthú sochaí cuimsithí.

Ár Luachanna

Tá ár gcur chuige maidir le hdirghníomhú lenár bpríomhpháirtithe leasmhara – an Rialtas agus an tOireachtas, baill den phobal, eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha eile agus go himheánach lenár bhfoireann oibre – bunaithe ar na croiluacha¹ seo a leanas:

- ▶ Cothroime agus Meas
- ▶ Oscailteacht agus Trédhearcacht
- ▶ Solúbthacht agus Freagrúlacht
- ▶ Comhpháirtíocht agus Comhairliúchán
- ▶ Freagracht
- ▶ Inspreagadh agus Feidhmíocht
- ▶ Seirbhís
- ▶ Gairmiúlacht

Struchtúr na Roinne

Tá an Roinn roinnte i seacht rannóg mar seo leanas:

- ▶ Fiontar agus Gníomhaireachtaí
- ▶ Iomaíochas agus Gnóthaí Idirnáisiúnta
- ▶ Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Maoin Intleachtúil
- ▶ Forbairt an Fhórsa Shaothair
- ▶ Cearta Fostaíochta & Caidrimh Thionscail
- ▶ Dlí Chuideachtaí, Iomaíocht agus Beartas Tomhaltóirí
- ▶ Seirbhísí Corparáideacha agus Beartas Eacnamaíoch

¹ Féach *Straitéis Acmhainní Daonna 2005-2007* na Roinne

Galláin & Príomhspríocanna ár Straitéise

Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo bunaithe ar ghníomhaíochtaí de réir na gceithre ghallán atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2005-2007 agus tá spríocanna ardleibhéil faoi gach ceann de na galláin, atá mar bhonn is mar thaca d'obair na Roinne le linn na tréimhse. Seo a leanas na Galláin agus na Spríocanna:

Gallán a hAon – Fiontar , Nuálaíocht, Fás

Príomhspríocanna

- ▶ Leibhéil iomaíochais agus táirgiúlachta na hÉireann a fheabhsú chun earraí agus seirbhísí a chuireann le leas an náisiúin a tháirgeadh agus a dhíol ar mhargáí domhanda.
- ▶ Beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an timpeallacht fiontar a fheabhsú ar mhaithe le rátaí arda de ghníomhaíocht inbhuanaithe fiontraíochta, gnólachtaí iomaíocha a chur ar bun agus a chur ag fás, infheistíocht dhíreach leanúnach choigríche a chothú agus forbairt inbhuanaithe.
- ▶ Lucht gnó a spreagadh chun a dtiomantas do T&F a mhéadú, nuálaíocht agus cultúr fiontraíochta a chothú i measc lucht taighde agus luach saothar a thabhairt do naisc éifeachtacha idir fiontar agus lucht léinn.
- ▶ Leas a bhaint as cumas na heacnamaíochta eolasbhunaithe ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch agus sóisialta, táirgí agus seirbhísí a chruthú le heolas, agus obair ar son fiontar a fhorbairt a bheidh in ann dul san iomaíocht go hidirnáisiúnta agus dá réir sin fostaíocht bhreise a chur ar fáil ar mhaithe le cách.
- ▶ Obair leis na páirtithe leasmhara ábhartha le cinntiú go mbeidh cáil idirnáisiúnta ar Éirinn mar ionad taighde, agus tús áite aici i nginiúint agus in úsáid eolais nua ar son an fhoráis eacnamaíoch agus shóisialta, i gcultúr atá tiomáinte ag an nuálaíocht.
- ▶ Beartais thionsclaíocha a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir na héabhlóide sa timpeallacht iomaíochais, forbairtí maidir le heacnamaíocht uile-óileáin agus an gá atá le cothromaíocht réigiúnach.

Gallán a Dó - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán

Príomhspríocanna

- ▶ Beartais don mhargadh fostaíochta a lorg a chothaíonn forbairt an chaipitil dhaonna agus na

foghlama fadsaoil, cabhrú chun riachtanais scileanna an bhonneagair a réiteach, méadú i rannpháirtíocht agus fáil ar fhostaíocht a éascú, agus ár gcuid a dhéanamh ar son na cuimsitheachta sóisialta.

- ▶ Fostaíocht d'ardchaighdeán a fheabhsú níos mó trí chearta agus teidlíochtaí fostaíochta a fheabhsú agus a chur i bhfeidhm, sábháilteacht agus sláinte ag an obair san áireamh, agus an chomhpháirtíocht shóisialta, síocháin thionsclaíoch agus réiteach éifeachtach ar dhíospóidí a chothú.

Gallán a trí ~ Margáí agus Rialachán a chur ag Obair níos Fearr

Príomhspríocanna

- ▶ A chinntiú go soláthraíonn na córais rialacháin reatha margáí éifeachtacha agus iomaíocha le hardchaighdeán rialachais chorparáidigh agus le cosaint don tomhaltóir.
- ▶ Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcreatlach reachtúil, le haird ar an gcleachtas rialacháin is fearr, go háirithe na prionsabail a bhaineann le Rialachán níos Fearr.
- ▶ An costas a bhaineann le cúiteamh a sholáthar agus soláthar amanna próiseála d'éilimh ar ghortú pearsanta a laghdú d'fhonn feidhmiú an mhargaidh árachais a fheabhsú ar mhaithe le tomhaltóirí agus le gnóthaí.

Gallán a Ceathair ~ Soláthar Gnó, Nuachóiriú agus Fócas ar an gCustaiméir

Príomhspríocanna

- ▶ Tacaíocht ardleibhéil ghairmiúil agus comhairle a sholáthar ar fud na Roinne i réimsí tábhachtacha tacaíochta, le cinntiú go sroichimid ár spríocanna gnó agus go mbeimid i gcónaí ar thús cadhnaíochta sa chlár oibre nuachóirithe.
- ▶ Seirbhísí den scoth a sholáthar dár gcustaiméirí seachtracha agus dár bpáirtithe leasmhara trina chinntiú go mbainfear an úsáid, an fhorbairt agus an fheidhm is éifeachtaí as ár n-acmhainní agus an luach is fearr a fháil as ár gcaiteachas.

Anailís Timpeallachta

Rinne eacnamaíocht na hÉireann go maith i 2005. Meastar gur fhás an OTN 5.4%, agus go raibh an OTI ag fás go leanúnach agus gur fhás sé 4.7% i 2005².

Ar an iomlán bhí fás 5.4% ar an eacnamaíocht i 2005, an ráta is airde i Limistéar an Euro, ar chomhchéim le fás OTI lasmuigh de limistéar an Euro. Ach cé go raibh an eacnamaíocht ag feidhmiú go láidir ar an iomlán, bhí ar Éirinn aghaidh a thabhairt ar dhúshlán gan fasach chun poist ardhá a choinneáil agus a chur ag fás san eacnamaíocht agus ar an infheistíocht dhlútheolais atá de dhíth chun ár bhfeidhmíocht a choinneáil sa todhcháil.

Lean cruthú fostaíochta ag méadú i 2005 agus bhí an ráta fáis bliantúil 4.6% níos airde ná mar a bhí le cúig bliana. Faoi dheireadh na bliana, bhí figiúirí foriomlána fostaíochta de 2 milliún ann. Ba neamhnáisiúnaigh iad 9% den fhórsa saothair faoi dheireadh 2005, i gcomparáid le 7% ag deireadh 2004. Tá ár ráta difhostaíochta, 4.4%, ag timpeall leath an mheáin Eorpaigh 8.6% faoi láthair, agus an figiúr fadtéarmach difhostaíochta, 27,000, nó 1.3%, ag timpeall aon trian den mheán Eorpach. Tháinig laghdú tuairim is 7.5% ar iomarcaíochtaí i 2005 ar an líon i 2004.

I mbliain ina raibh na coinníollacha trádála deacair ar fud an domhain agus rátaí isle fáis sna móreacnamaíochtaí Eorpacha, d'éirigh go maith le feidhmíocht na hÉireann sa réimse seo i gcónaí, agus léiríonn na figiúirí trádála go raibh ardú 5% ar easpórtálacha i rith na bliana. Is é an tAontas Eorpach an margadh is mó atá againn i gcónaí, agus glacann sé le 62% dár n-easpórtálacha. D'fhan ár n-easpórtálacha go SAM cobhsaí ag 19%, in ainneoin na gcoinníollacha deacra trádála a bhí i réim ar feadh na bliana. Bhí deacrachtaí, áfach, ag easpórtálaithe earraí déantúsaíochta in earnáil atá iomaíoch ó thaobh costais agus is mór an dúshlán é seo d'Éirinn sna blianta atá ag romhainn.

Tháinig méadú beag ar an mboilsciú i 2005, le meánráta 2.5% i gcomparáid le 2.2% i 2004

Tá pointe rithabhachtach ina forbairt eacnamaíoch sroichte ag Éirinn anois agus ní mór di dul i ngleic leis na dúshláin mhóra a eascraíonn as an domhandú agus an méadú san iomaíocht. Ní mór do chuideachtaí Éireannacha dul san iomaíocht sa timpeallacht seo leis an nuálaíocht, le heolas margaidh agus le fócas ar ghnóthachain tháirgiúlachta agus ar mhéadú ar an uathobriú. Beidh gá le breis airde a thabhairt ar straitéisí forbartha chun tionscail na hÉireann a shuí i lár an aonaigh san fhás eacnamaíochta agus i gcruthú fostaíochta. Rud a chuideoidh go mór le hiomaíochas eacnamaíoch thionscail na hÉireann ná foilsíú **Phlean Straitéise do Thionscail na hÉireann** le Fiontraíocht Éireann i mí Bealtaine 2005, a bhfuil sé d'aidhm aige

fiontair na hÉireann a athrú ó bhonn trí bhéim láidir a chur ar thaighde agus nuálaíocht, ar easpórtálacha, ar iomaíochas agus ar fhiontraíocht. Ar na forbairtí suntasacha eile bhí bunú chiste nua iomaíochais, An **Ciste Feabhsúcháin Iomaíochais** le buiséad iomlán €17 milliún go deireadh 2006.

Beidh fás na ngnóthaí beaga tábhachtach d'fhás eacnamaíochta na tíre sna deich mbliana atá romhainn agus ní foláir béim nua a chur ar fhiontair bheaga agus mheánacha dhúchasacha láidre a thógáil. Cuirfidh **Fóram na nGnóthaí Beaga**, a bunaíodh i 2005, ar chumas an Rialtais féachaint go sonrach ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn gnóthaí beaga in Éirinn agus straitéisí nua nó leasaithe a bhreithniú, a chabhródh le gnóthaí beaga a gcion a dhéanamh ar son fhás na heacnamaíochta.

Is mór an dúshlán agus an deis é forbairt leanúnach eacnamaíocht an eolais chun ár mbuntáiste iomaíoch a chur chun cinn, agus is gné thábhachtach de bheartas an Rialtais an infheistíocht in eolaíocht, i dteicneolaíocht agus i nuálaíocht. Is céimeanna tábhachtacha iad bunú **Fhochoiste na Comh-aireachta um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht**, a bhfuil an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ina chathaoirleach air, agus forbairt na Straitéise Eolaíochta Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, i bhfeidhmiú cuir chuige uile-rialtais i leith na saincheisteanna tábhachtacha seo agus i gcur chun cinn chlár oibre Taighde agus Forbartha.

Beidh leabú chlár oibre agus chosaint an tomhaltóra ina ghné thábhachtach chun a chinntiú go bhfeidhmeoidh margáil go neamhspleách agus go hiomaíoch agus chun go neartófaí agus go gcumasófaí an guth atá ag ár dtomhaltóirí. Foilsíodh tuarascáil an Ghrúpa Straitéise Tomhaltóirí i mí Bealtaine 2005, "Make Consumers Count", leis an moladh lárnach ann go mbunófaí Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí chun feidhmeanna tathanta ar son an tomhaltóra, feidhmeanna taighde, faisnéise, feidhmithe agus oideachais & feasachta a chomhlíonadh, agus is céim thábhachtach í seo chun timpeallacht nua cosanta don tomhaltóir a chruthú a neartóidh ról an tomhaltóra sa mhargadh.

Chun gur féidir leanúint ar aghaidh leis an dul chun cinn i gcomhthéacs eacnamaíochta atá eolasbhunaithe agus tiomáinte ag an nuálaíocht, ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh soláthar leordhóthaineach lucht saothair againn chun ár bhfás eacnamaíoch a chothú. Má táimid le líon na ndaoine san ionad oibre a mhéadú i gcomhthéacs líon na ndaoine óga atá ag teacht isteach sa mhargadh fostaíochta a bheith ag titim, ní mór dúinn ár mbeartas inimirce eacnamaíoch a oiriúnú chun dul i ngleic leis an nganntanas lucht saothair agus leis na riachtanais scileanna atá

aitheanta. Cé nach féidir inimirce eacnamaíoch a úsáid in ionad uas-sciliú agus oiliúint don daonra dúchasach, fós féin is féidir leis dul chun sochair na heacnamaíochta má dhéantar bainistiú ceart air. I dtuarascáil an **tSainghrúpa ar Scileanna sa Todhchaí/Forfás**, a seoladh i rith na bliana, aithníodh na réimsí ina mbíonn bearnaí scileanna san eacnamaíocht agus rinneadh mionscrúdú ar chumas thíortha limistéar Eacnamaíoch na hEorpa freastal ar an éileamh scileanna in Éirinn, agus measadh gur sna deich dtír aontachais AE atá an cumas is fearr chun oibríthe a mhealladh ó thaobh infhaighteachta, soghluaisteachta agus leibhéal scileanna de.

I gcomparáid le figiúr 20,784 lá a cailleadh i 2004 ba mhéadú 28.3% é seo ar an mbliain roimhe sin. Ba iad na haighnis chaidrimh thionscail in Irish Ferries agus in An Post an dá chúinse ba mhó a chuir leis na figiúirí seo. I rith na bliana bhí an Rialtas agus na Comhpháirtithe Sóisialta ag obair le chéile le cobhsaíocht sa mhargadh saothair a chinntiú trí fheabhsúcháin phraiticiúla inrochtana a fhorbairt san ionad oibre. Tugadh aitheantas don ghá atá ann comhlíonadh agus feidhmiú ar chearta fostaíochta a chur in oiriúint do chúinsí atá de shíor ag athrú nuair a cuireadh ar bun **Grúpa Cearta Fostaíochta** chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt eagraíochta simplithe um reachtaíocht chearta fostaíochta.

Is i gcomhthéacs geilleagar a bhí ag fás níos mó ná dhá uair an meán don AE a suíodh Ráiteas Straitéise 2005 – 2007 na Roinne, a foilsíodh le linn 2005. Tá sé mar aidhm ag an Roinn cur go suntasach leis fás an iomaíochais náisiúnta, ach na spriocanna agus na cuspóirí sa Ráiteas sin a bhaint amach, chun go mbeadh Éire mar áit níos tarraingtí chun cónaithe, chun oibre agus le gnó a dhéanamh ann. Tá súil caite ar an dul chun cinn a rinneadh in 2005, maidir leis sin, sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

Achoimre ar Mhórgníomhartha 2005

Gallán 1 Fiontar, Nuálaíocht & Fás

- ▶ Bunú **Fhóram na nGnóthaí Beaga** chun an timpeallacht reatha maidir le gnóthaí beaga a stiúradh in Éirinn, agus leorgacht fhreagraí na mbeartas poiblí, a mheas go ginearálta i gcomhthéacs na timpeallachta sin, idirghabháil na gníomhaireachtaí forbartha fiontar san áireamh.
- ▶ Seoladh **Straitéis Ríomhghnó Náisiúnta**. Tá sraith moltaí sa Straitéis chun cabhrú constaici a réiteach a bhaineann le húsáid níos éifeachtaí TFC ag fiontair bheaga agus mheánacha agus ag micrifhiontair agus chun úsáid optamach TFC ag fiontair bheaga agus mheánacha agus ag micreafhiontair a spreagadh.
- ▶ Bunú **Fhochoiste Comh-aireachta um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht** mar chuid den Chóras nua Comhordaithe agus Rialachais don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht.~

Gallán 2 Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán

- ▶ Seoladh **Scéim Fóirdheontais Pá** (SFP) a bhfuil sé d'aidhm aige líon na ndaoine faoi mhíchumas atá fostaithe a mhéadú trí dhreasachtaí airgeadais a thairiscint d'fhostóirí, lasmuigh den earnáil phoiblí, chun daoine faoi mhíchumas a fhostú a oibríonn ar feadh níos mó ná 20 uair an chloig sa tseachtain.
- ▶ Foilsíú ar an m**Bille um Cheadanna Fostaíochta 2005** ar mhaithe le creatlach reachtúil a bhunú trínar féidir beartas gníomhach bainistithe inimirce eacnamaíoch a chur i bhfeidhm; agus cosaint thábhachtach nua a sholáthar d'oibríthe inimirceacha in Éirinn.
- ▶ Tosach feidhme an **Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005**, a ndearnadh dlí de ar an 1 Meán Fómhair 2005. Déanann an reachtaíocht phríomhúil seo sábháilteacht, sláinte agus leasa a chomhdhlúthú in aon reacht amháin agus cuireann sé béim láidir ar na freagrachtaí agus cearta atá i gcoiteann ag fostóirí agus fostaithe sa réimse sláinte agus sábháilteachta.
- ▶ Bunú **Ghrúpa Cearta Fostaíochta** chun impleachtaí oibriúcháin a bhaineann le héifeacht a thabhairt do mholtaí an Ghrúpa Athbhreithnithe um Fheidhmeanna na gComhlachtaí Cearta Fostaíochta a mheas agus comhairle a chur ar fáil dá réir.

Gallán 3 Margatá agus Rialachán a chur ag Obair níos Fearr

- ▶ Tar éis próiseas comhairliúcháin phoiblí, fógraíodh go raibh an **tOrdú Grósaerí á aisghairm** go hiomlán. Achtaíodh An tAcht Iomaíochta (Leasú) 2006, an reachtaíocht phríomhúil chun an tOrdú a aisghairm, i mí Márta 2006.
- ▶ Foilsíodh Tuarascáil dheiridh an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí "**Make Consumers Count: A New Direction for Irish Consumers**". Tá os cionn 30 moladh éagsúil sa Tuarascáil chun straitéis náisiúnta beartais chustaiméirí a fhorbairt.

Gallán 4 Soláthar Gnó, Nuachóiriú agus Fócas ar an gCustaiméir

- ▶ Foilsíodh **Ráiteas Straitéise 2005-2007** na Roinne, agus forbraíodh **Táscairí Feidhmíochta** aontaithe a mbeidh Tuarascálacha Bainistíochta níos fearr mar thoradh orthu de réir chuspóirí an Chreata Faisnéise Bainistíochta.
- ▶ Foilsíodh ár dtríú Plean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméara (féach www.entemp.ie – *Quality Customer Service*).
- ▶ **Liostáladh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta mar cheann den 50 eagraíocht is fearr le hobair dóibh in Éirinn i 2005**. Don tríú bliain as a chéile, bhí an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta liostáilte i measc na 50 "Cuideachta is fearr obair dóibh in Éirinn". Is cuid de thionscnamh Choimisiún na hEorpa é "Na Cuideachtaí is Fearr le hobair dóibh in Éirinn" atá dírithe ar na hionaid fhorásacha iomadúla atá ar fud na hEorpa a aithint, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon.

Achoimre ar Phríomh-Thosaíochtaí

Grúpa Straitéise Fiontraíochta

Bunaíodh an Grúpa Straitéise Fiontraíochta (GSF) chun roghanna beartais a fhorbairt do straitéis fiontar na hÉireann ar son an fháis agus na fostaíochta sna deich mbliana atá romhainn. Foilsíodh a dtuarascáil - *Ahead of the Curve, Ireland's Place in the Global Economy*, i mí Iúil 2004. Tar éis é a fhoilsiú d'aontaigh an Rialtas plean gníomhaíochta a leanfadh uaidh. Cruthaíonn an plean gníomhaíochta seo an bonn do chur i bhfeidhm mholtaí an GSF.

Ar an 9 Deireadh Fómhair 2005, bhunaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an Grúpa Comhairleach Fiontar. Tá an tUasal Michael Buckley ina chathaoirleach ar an nGrúpa ar a bhfuil seisear ionadaithe gnó, agus Ard-Rúnaithe na Rann ábhartha rialtais ag freastal mar is gá. Tá sé de chúram ar an nGrúpa monatóireacht a dhéanamh ar impleachtaí mholtaí an GSF de réir phlean gníomhaíochta atá faofa ag an Rialtas. Beidh an Grúpa ag tuairisciú don Aire faoi dhó sa bhliain faoi stádas feidhmithe na moltaí. Tarlóidh sé seo i 2006

Gnóthaí Beaga

Bunaíodh **Fóram na nGnóthaí Beaga** i mí Iúil 2005 chun an timpeallacht reatha maidir le gnóthaí beaga a stiúradh in Éirinn, agus leogacht & oiriúnacht fhreagraí na mbeartas poiblí a mheas go ginearálta i gcomhthéacs na timpeallachta sin, idirghabháil na ngníomhaireachtaí forbartha fiontar san áireamh.

Chomh maith leis sin, i rith 2005 chuir an Roinn caiteachas caipitil iomlán €17.7m ar fáil do na 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach mar tacaíocht do mhicrifhiontair agus chun forbairt a dhéanamh orthu. Bhain os cionn €10.8m de sin le caiteachas ar thacaíocht airgeadais do thionscadail i bhfoirm Deontais Chaipitil, Deontais Fostaíochta agus Deontais le haghaidh Staidéir Féidearthachta. Eisíodh timpeall trian den tacaíocht seo i bhfoirm inaisíochta.

Cuireadh i gcrích go sásúil an obair chun síneadh a chur le Scéim na nIonad Fiontar Pobail (a fheidhmíonn Fiontraíocht Éireann) nuair a d'fhógair an tAire go gcuirfí €7m ar fáil mar mhaoiniú don tréimhse 2006-2008. Tá an Scéim dírithe ar fhiontar pobail a chothú i gceantair a bhfuil easpa spáis ann d'fhiontair, a d'fhulaing mórchailliúint post, nó a bhfuil stair mhíshásúil acu maidir le forbairt ar fhiontair.

Infheistiú i dTaisce & Forbairt

Is gné riachtanach é de gach eacnamaíocht a bhfuil ardrath uirthi é cruthú agus saothrú an eolais. Tá Taighde agus Forbairt lárnach do bhaint amach eacnamaíocht eolais agus tá an-bhéim curtha ag an Rialtas ar an réimse seo le tamall anuas.

Faoin bPlean Forbartha Náisiúnta atá i bhfeidhm faoi láthair, tá an infheistiú sa teicneolaíocht, sa nuálaíocht agus sa taighde eolaíochta á méadú faoi chúig. Tá caiteachas €2.5 billiún pleanáilte don tréimhse 2000 go 2006, i gcomparáid le €0.5 billiún don tréimhse 1994 go 1999. Tá seasca faoin gcéad den chaiteachas seo faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus é á-oibriú ag Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Forfás.

Caitheadh €195 milliún ar na cláir seo i 2004. Caitheadh €222 milliún ar na cláir seo i 2005.

Saincheisteanna a bhaineann le hinimirce eacnamaíoch

Cruthaítear an beartas um inimirce eacnamaíoch trí dhírú ar fhreastal ar riachtanais scileanna na hÉireann mar seo leanas:

- ▶ ar an gcéad dul síos, scileanna an fhórsa shaothair atá againn a fheabhsúsa dara háit, an bearna a líonadh atá ann,
- ▶ toisc easnamh scileanna, le náisiúnaigh ó Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa, agus
- ▶ sa tríú háit, forbairt a dhéanamh ar bheartas inimirce atá sofhreagrach, bainistithe agus scilbhunaithe trí chárta glas nua a thabhairt isteach mar aon le córas leasaithe ceadanna fostaíochta, chun freastal ar na riachtanais scileanna nach féidir freastal orthu ar shlí ar bith eile.

Foilsíodh an Bille um Cheadanna Fostaíochta 2005 i mí Meithimh agus chuaigh sé trí dhiospóireachtaí 1ú agus 2ú céime sa Dáil i nDeireadh Fómhair/Samhain 2005. Tá sé le breithniú ag an gComhchoiste Oireachtais ar Fhiontar agus Gnóthaí Beaga in earrach na bliana 2006.

Foghlaim Fadsaoil

Lean an Roinn ar aghaidh lena hidirghabháil le heagraíochtaí eile chun tionscnaimh san foghlaim fadsaoil a chothú agus rinne an Roinn Oideachais agus Eolaíochta dul chun cinn leanúnach maidir le moltaí Thuarascáil an Tascfhórsa ar Foghlaim Fadsaoil a chur i bhfeidhm. Ar na nithe is suntasaí a baineadh amach i 2005 bhí na harduithe móra i dtacaíocht d'oiliúint na ndaoine fostaithe - go háirithe an fógra go raibh mandáid nua 5 bliana á tabhairt do Skillnets Ltd, an chuideachta oiliúna fiontarbhunaithe, agus seoladh, i Meán Fómhair, ar an gcéad ghloch ar mholtaí faoi Chlár Accel³ le níos mó ná €9 milliún geallta do thionscadail faoia i 2005, agus seoladh thogra FÁS 'One Step Up', le buiséad bliantúil os cionn €35 milliún, a dhéanann soláthar ar leith d'oiliúint i mbunscileanna litearthachta agus uimhearthachta.

Daoine faoi Mhíchumas

Cuireadh síneadh breise le raon na ndeontas FÁS agus na scéimeanna chun cabhrú le himeascadh daoine faoi mhíchumas sa mhargadh fostaíochta i 2005 le seoladh Scéim Fóirdheontais Pá atá dírithe ar dheiseanna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a mhéadú.

Daoine Dífhostaithe agus Daoine atá Dífhostaithe go Fadtéarmach

Chomh maith le seirbhísí láithrithe agus gairmthreoracha, tá clár éagsúla oiliúna agus tacaíochta don margadh fostaíochta á gcur ar fáil i gcónaí ag FÁS. Rinne an Roinn coimisiúnú ar athbhreithniú ar an Straitéis Choisctheach don Phlean Gníomhaíochta Fostaíochta (ina ndéantar idirghabháil go luath le daoine atá i mbaol a bheith dífhostaithe go fadtéarmach agus atá atreoraithe chuig FÁS ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar mhaithe lena gcomhtháthú sa mhargadh fostaíochta) agus cuireadh é i gcrích i 2005. Tá tuairisc ar an athbhreithniú seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.entemp.ie/labour/services/neapolisstrategy.htm

Grúpa Straitéise Tomhaltóirí (GST)

Foilsíodh Tuarascáil dheiridh an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí "**Make Consumers Count: A New Direction for Irish Consumers**" i mí Bealtaine 2005. Tá os cionn 30 moladh

éagsúil sa Tuarascáil chun straitéis náisiúnta beartais chustaiméirí a fhorbairt.

Ba é moladh lárnach an Ghrúpa ná go mbunófaí Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí nua, a chorpróidh Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí atá ann faoi láthair. Mhol an grúpa go mbeadh freagrachtaí sonracha reachtúla ar an nGníomhaireacht úr maidir le tacú le tomhaltóirí, taighde, oideachas agus feasacht, cur i bhfeidhm agus faisnéis. D'aontaigh an Rialtas chomh maith, agus bunú Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí á fhaomhadh aige, go gceapfaí Bord don Gníomhaireacht úr chun gníomhú go heatramhach go dtí go mbeidh an GNT bunaithe ar bhonn reachtúil. Táthar ag súil go bhfoilseofar an reachtaíocht a bhunaíonn an Gníomhaireacht nua i 2006 agus go mbeidh an Gníomhaireacht nua i mbun oibre i 2007.

Mar gheall ar scóip agus fairsinge Thuarascáil an GST, bunaíodh Coiste Idir-Rannach Ardleibhéil chomh maith chun scrúdú a dhéanamh ar impleachtaí na moltaí i dTuarascáil GST.

Beartas Iomaíochta (BI)

Mar thoradh ar na moltaí a rinne an Grúpa Straitéise Tomhaltóirí i mí Márta 2005 rinne an Roinn athbhreithniú mionsonrach ar Ordú na gCleachtas Srianta (Grósaerí) 1987, ina raibh próiseas cuimsitheach comhairliúcháin phoiblí san áireamh. Nuair a bhí an t-athbhreithniú seo déanta, chinn an Rialtas ar an Ordú a aisghairm i mí na Samhna 2005. Tá reachtaíocht phríomhúil ag teastáil chun an tOrdú a aisghairm agus tá sí seo le hachtú go luath i 2006.

Comhaontuithe Comhpháirtíochta Náisiúnta

Bhí an Roinn rannpháirteach go hiomlán i gcónaí sa phróiseas comhpháirtíochta sóisialta, ó thaobh chomhlíonadh na ngealltanais sonracha a thug an roinn faoi chomhaontú Bhuanú an Fhoráis féin agus ó thaobh monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chomhaontaithe go ginearálta. Rinneadh dul chun cinn i gcur i bhfeidhm raon leathan de ghealltanais i 2005, agus tá sonraí tugtha sa chuid den Tuarascáil seo a phléann an "Dialóg Shóisialta".

3 Is tionscnamh de chuid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta é Accel a bhfuil sé d'aidhm aige deis a thabhairt d'fhostóirí agus d'fhostaithe an bonn scileanna reatha atá acu a fheabhsú, a athdhírú nó a leasú.

An Diminsean Idirnáisiúnta

Chinntigh an Roinn gur lean an fhorbairt ar aghaidh ar mhargaí easpórtála na hÉireann. In ainneoin na ndeacrachtaí eacnamaíocha a bhí ag cuid dár bpríomhpháirtithe trádála, d'fhás leibhéal na n-easpórtálacha i rith na bliana, agus rinneadh dul chun cinn maith, go háirithe i margaí tábhachtacha nua, go háirithe san Áise. Bhí barrachas sláintiúil trádála ag Éirinn arís i 2005. Cuireadh leasa trádála na hÉireann chun cinn an oiread agus ba fhéidir ag cruinnithe bheartas trádála an AE (Coiste Airteagal 133) agus rinneadh monatóireacht ar fhorbairtí idirbheartaíochta Chlár Oibre Forbartha Doha (DDA) trí fhreastal ar chruinnithe na hEagraíochta Domhanda Trádála.

Toghadh Éire ina Leas-Chomhalta d'Údarás Rialaithe na hEagraíochta Oibreachais Idirnáisiúnta (ILO) ag an 93ú Comhdháil Bhliantúil Oibreachais Idirnáisiúnta i mí Meithimh 2005. Ba é seo an triú huair a toghadh Éire sa phost seo ó fuair sí ballraíocht san ILO i 1923. Ritheann an téarma trí bliana go dtí Meitheamh 2008. D'fhreastail toscaireacht thrípháirteach ar an gComhdháil, ionadaithe na bhfostóirí, na gceardchumann agus an Rialtais, agus ba é an tAire Gnóthaí Oibreachais a bhí á dtreorú.

Dílárú

Mar chuid de Chlár Diláraithe an Rialtais, caithfidh an Roinn 250 post a aistriú go Ceatharlach. Rinneadh leasú ar Phlean Feidhmithe na Roinne um Dhílárú i mí Márta i bhfianaise na moltaí a rinne an Grúpa Feidhmithe um Dhílárú ina thriú Tuarascáil⁴. Rinneadh nuashonrú ar an bPlean chun an Roinn a chur san áireamh ann i measc na n-eagraíochtaí a d'fhéadfadh a bheith i measc na n-eagraíochtaí a "bhogfadh go luath" faoin gClár Diláraithe. Leagann an plean seo amach conas a thabharfar faoi sholáthar foirne, faoi oiliúint, faoi sheirbhís chustaiméara, leanúnachas gnó agus ceisteanna bainistithe an mhórtionscadail seo ionas go n-uasmhéadófaí leanúnachas gnó i rannóga gnó atá ag dílárú agus go gcoinneofar seirbhís chustaiméara ag leibhéal ard.

Ar na mórfhorbairtí eile sa chlár diláraithe i 2005 bhí cur i gcrích cheannach suímh shuntasaigh i lár bhaile Cheatharlaigh mar a dtógfar oifigí nua na Roinne. Lean an Roinn ag obair go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí i rith na bliana chun riachtanais chóiríochta oifige a shonrú. Lean an obair sin ar aghaidh isteach i 2006.

Tá Gníomhaireachtaí eile atá faoi choimirce na Roinne - is é sin FÁS, an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, Fiontraíocht Éireann agus an tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte, le dílárú freisin agus d'fhoilsigh gach ceann de na Gníomhaireachtaí seo Plean Feidhmithe don Dílárú i 2005.

An Clár Oibre Nuachóirithe

Mar chuid den iarracht ar fud na Státseirbhíse seirbhís nuachóirithe a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus dár bpáirtithe leasmhara ar mhodh níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí, lean an Roinn lena clár oibre nuachóirithe i 2005. Tá ceithre Ghrúpa Oibre um Thionscnamh Bainistíochta Straitéisí i mbun chur chun cinn na dtograí nuachóirithe sa Roinn –

- ▶ Seirbhís Chustaiméara den Scoth & Oscailteacht, Trédhearcacht agus Cuntasacht
- ▶ Bainistíocht Airgeadais
- ▶ Bainistíocht Acmhainní Daonna, agus
- ▶ Bainistíocht Córas Faisnéise

Tháinig na Grúpaí seo le chéile go rialta i rith 2005 chun a gláir oibre féin agus clár oibre nuachóirithe na Roinne a chur chun cinn. Cuireadh tús le raon leathan de ghníomhaíochtaí nuachóirithe i rith 2005, agus cuireadh chun cinn nó i gcrích iad ar fud na Roinne: Ina measc bhí:

- ▶ Feabhas leanúnach a chur ar ár seirbhísí dár gcustaiméirí trí Phlean Gníomhaíochta na Roinne um Sheirbhís Chustaiméara a cheapadh agus a fhorbairt.
- ▶ Cuireadh roinnt tionscadal tábhachtach TF i gcrích chun seirbhís chustaiméara a dhearadh nó a fheabhsú, ina measc bhí:
 - Córas nua Íocaíochtaí Iomarcaíochta a thabhairt isteach
 - Roghanna íocaíochta leictreonacha a thabhairt isteach san Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus in Oifig na bPaitinní.
 - Forbairt ar chóras nua Bainistíochta chun maoirseacht a dhéanamh ar Cheadanna Fostaíochta.
 - Suíomh gréasáin a fhorbairt don Bhinse Achomhairc Fostaíochta;
 - Athdhearadh ar roinnt de shuímh ghréasáin na Roinne.

4 Grúpa Feidhmithe um Dhílárú – tuairisc don Aire Airgeadais – *Selection of organisations/locations for inclusion in the first phase of moves*, 19 Samhain 2004.

Cuireadh chun cinn go leanúnach i rith na bliana plean mionsonrach gníomhaíochta na Roinne, a forbraíodh chun éifeacht a thabhairt do ghealltanais nuachóirithe Bhuanú an Fhoráis. Cuireadh dhá nuashonrú faoi fheidhmiú na ngealltanais iomadúil sa phlean gníomhaíochta faoi bhráid Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse (CSPVG) i rith 2005. Thug an CSPVG faoi deara go háirithe go raibh an-dul chun cinn déanta maidir le seirbhís chustaiméara, úsáid éifeachtach acmhainní, feidhmiú mholtaí na n-athbhreithnithe caiteachais agus forbairt na dtáscairí feidhmíochta ag an Roinn.

Rialáil níos Fearr

I mí na Samhna 2005, bhunaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Fóram um Rialáil Ghnó (FRG) chun oibriú ag an am céanna leis an nGrúpa um Rialáil níos Fearr⁵. Is i atá san FRG ná díológ sheasta idir an Rialtas agus lucht gnó maidir le réiteach saincheisteanna faoi ró-ualach rialála.

Tá páipéar straitéise dréachtaithe chomh maith ag an Roinn chun Anailís Tionchair Rialála (ATR) a chur i bhfeidhm ar bhonn córasach ar fud na Roinne – is riachtanas é an ATR chun measúnú foirmiúil a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag rialáil nó athraithe rialála ar mhaithe lena fháil amach roimh ré an mbeidh an tionchar atá ag teastáil ag an rialáil atá molta. Is cabhair é ATR chun aon fho-thoradh nó costas folaithe a bhainfeadh leis an rialáil nua a aithint agus cainníochtú a dhéanamh ar na costais ghéilliúlachta a d'fhéadfadh a bheith ann dá bharr, ar an saoránach aonair nó ar an ngnó, chomh maith leis an gcostas a bheadh ar an stát é a chur i bhfeidhm.

5 Déanann an Grúpa um Rialáil níos Fearr, le Roinn an Taoisigh sa chathaoir, maoirseacht ar fheidhmiú an Phlean Ghníomhaíochta atá leagtha aamch i bPáipéar Bán an Rialtais faoi Rialáil níos Fearr.

Gallán 1

Fiontar, Nuálaíocht
& Fás



Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht & Fás

Iomaíochas

Cuspóir

An t-iomaíochas a chur chun cinn chun leibhéil táirgiúlachta a bhaint amach in Éirinn a bheadh cothrom leis na heacnamaíochtaí is mó forbartha ar domhan trí thosaíocht a thabhairt d'idirghabháil beartais i réimse na fiontraíochta, i dtaighde agus i bhforbairt, i mbeartas iomaíochta agus tomhaltóra, leasú rialála, forbairt acmhainní daonna agus leasú na hearnála poiblí. Déanfar comhlánú ar an méid sin trí dhíriú ar iomaíochas costais ar mhaithe le praghsanna coibhneasta a chur ar ais ionas go mbeidís inchomparáide le tíortha atá in iomaíocht linn; agus trí dhíograis a léiriú i leith na hoibre lenár gcomhpháirtithe AE chun spriocanna iomaíochais Lisbon a bhaint amach.

Bearta Straitéiseacha

Coinneoidimid próifil ard maidir le saincheisteanna agus dúshlán iomaíochais le linn thréimhse na straitéise trí thuairisciú don Rialtas gach sé mhí.

Tabharfaimid tuairisc don Rialtas gach bliain faoi Thuarascáil Bhliantúil agus Dúshlán na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais agus cuirfimid na moltaí sin i ngníomh.

D'fheabhsaigh iomaíochas náisiúnta ar an iomlán i 2005 agus chuaigh Éire chun cinn ón 30ú go dtí an 26ú háit i dTuarascáil an Fhórait Eacnamaíochta Dhomhanda um Iomaíochas 2005-2006. Bhí páirt ghníomhach ag an Roinn i gcónaí i gcothú saincheisteanna iomaíochais trí ghrúpaí idir-rannacha agus trí obair le Forfás agus leis an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais araon. I rith 2005 thug an Roinn tuairisc don Rialtas maidir leis an dul chun cinn a bhí déanta ó thaobh cur i bhfeidhm mholtaí an CNI i 2004. Cuireadh mórán de mholtaí na Comhairle i 2004 i bhfeidhm de réir bheartas an Rialtais. Bhain tábhacht ar leith leis na nithe seo a leanas:

- ▶ An méadú in acmhainní an Údaráis Iomaíochta;

- ▶ Aisghairm Ordú na nGrósaeirí agus baint amach na caidhpe ar spás urláir in ollstórais mhiondiála i gcúinsí áirithe;
- ▶ Bunú údaráis neamhspleácha aerfoirt i mBaile Átha Cliath, sa tSionainn agus i gCorcaigh agus oscailt mhargadh leictreachais na hÉireann go hiomlán don margadh;
- ▶ Foilsiú ar threoirleabhar faoi mheasúnú tionchair rialála;
- ▶ Athstruchtúrú ar na líonraí agus tacaí margaidh thar lear atá ag Fiontraíocht Éireann, agus bunú ar 'An Ciste Feabhsúcháin Iomaíochais' le buiséad iomlán €17 milliún go deireadh 2006, chun cabhrúhaint amach.

D'fhoilsigh an CNI a dTuarascáil Bhliantúil Iomaíochais agus a nDúshlán Iomaíochais 2005. Tugann an dá thuarascáil seo aitheantas don éacht iontach atá déanta i straitéis eacnamaíoch na hÉireann le fiche bliain anuas. Dhearbaigh siad chomh maith an neart eacnamaíoch atá ag Éirinn faoi láthair. Dar leis an CNI bhí Éire sa dara háit as 15 tír⁶ maidir le OTI per capita agus sa séú háit as 15 tír in OTN per capita.

D'ainmnigh an CNI ina dTuarascáil Dúshlán Iomaíochais 2005 chomh maith, na príomhdhúshlán agus na tosca tionchair a dheimhneoidh cumas na hÉireann a hiomaíochas a bhuanú san eacnamaíocht dhomhandaithe. Dar leis an CNI, beidh siad seo a leanas i measc na ndúshlán is mó a bheidh ann d'Éirinn:

- ▶ Domhandú agus méadú san iomaíocht
- ▶ Bonn costais méadaithe
- ▶ Athrú ó dhéantúsaíocht go seirbhísí
- ▶ Sochaí an eolais agus tionchar an athraithe theicneolaíochta
- ▶ Caighdeán maireachtála agus ceisteanna déimeagrafacha

Mhol an Chomhairle tionscnaimh beartais i gceithre réimse chun dul i ngleic leis na dúshlán seo (Cáin agus Rialáil, Bonneagar, Oideachas agus Oiliúint, Fiontraíocht agus Nuálaíocht). Chun moltaí na Comhairle a chur chun cinn beidh an Roinn ina cathaoirleach ar ghrúpa idir-rannach, atá freagrach as maoirseacht agus feidhmiú a dhéanamh, mar is cuí, ar mholtaí na Comhairle ar fud an Rialtais.

6 Tá na tíortha seo roghnaithe chun príomhpháirtithe trádála agus iomaítheoirí na hÉireann ar son sruthanna infheistíochta a léiriú. Tá seacht dtír as limistéar an euro ann, dhá thír lasmuigh de limistéar an euro, dhá bhall nua den AE, agus ceithre thír neamh-Eorpacha.

Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht & Fás



Micheál Martin, T.D., Minister for Enterprise, Trade & Employment and Dr Don Thornhill, Chairman, National Competitiveness Council at the launch of the NCC 8th Annual Competitiveness Report

Déanfaimid anailís théamúil nó earnálach ar cheisteanna iomaíochais ó am go ham de réir mar is gá.

D'fhoilsigh an Roinn plépháipéar dar teideal *Irish Electricity Market Principal Challenges*. Scrúdaigh an páipéar seo margadh leictreachais na hÉireann agus rinne a chion chun beartas foriomlán náisiúnta fuinnimh, atá ar bun ag an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha, a shoiléiriú. I gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil, chuir an Roinn tús, chomh maith, le leasuithe ar threoirilínte na dtáillí forbartha áitiúla.

Mar chuid den chion náisiúnta ar son Straitéis Lisbon, tabharfaimid tacaíocht ghníomhach do ghlacadh agus d'fheidhmiú éifeachtúil na bhfearann agus na n-ionstraimí beartais, a aontáidh tar éis athbhreithniú Iárthearma Lisbon, atá i measc chúramai na Roinne. Mar chuid den ghealltanas cur le "húinéireacht" na bpáirtithe leasmhara náisiúnta ar an gclár oibre, déanfar cumarsáid thráthúil éifeachtúil leis an gCoiste Oireachtais ar Ghnóthaí AE faoi shaincheisteanna ar bith a thagann chun cinn. Beidh páirtíocht éifeachtúil againn chomh maith i bhfoirne tras-Rannacha a phléann leis an AE, agus le clár oibre Lisbon go háirithe.

Ghlac an Roinn an fhreagracht tosaigh uirthi féin as clár oibre Lisbon ar fhás agus poist, i gcomhairle le Ranna Rialtais eile, chun beartais mhicreacnamaíochas agus fostaíochta a dhréachtú agus a ullmhú chun an Clár Leasaithe Náisiúnta a chur faoi bhráid Choimisiún na hEorpa. Cuireadh obair chomhordaithe, líonraithe, bailiú eolais agus tionchar ar shaincheisteanna i gcrích a bhain go háirithe le Comhairle Iomaíochais an AE. Maidir leis sin, bhí

páirt leanúnach ghníomhach againn in idirbheartaíocht AE chun dul i bhfeidhm ar thorthaí reachtaíochta AE agus ar bhearta neamhreachtúla ar nós fócas láidir a choinneáil ar lomaíochas agus táirgiúlacht; rialáil níos fearr agus simpliú reachtaíocht an AE; beartas nuálaíochta, Clár T&F, reachtaíocht Ceimiceán (ar a dtugtar "REACH"); agus Seirbhísí agus an Margadh Inmheánach.

Ghlac an Roinn páirt ghníomhach i gcóras chun Grinnscrúdú Oireachtais a dhéanamh ar thograí AE agus phléigh sí le níos mó ná 81 moladh a ndearnadh nótaí faisnéise a ullmhú dóibh agus a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais. Rinneadh ocht gcinn de na moltaí seo a atreorú le haghaidh tuilleadh grinnscrúdaithe chuig an gComhchoiste ar Fhiontar agus Gnóthaí Beaga agus atreoraíodh ceithre cinn le haghaidh tuilleadh grinnscrúdaithe chuig an gComhchoiste Oideachais agus Eolaíochta. Chuir an Roinn dhá thuarascáil sé mhíosúla do 2005 faoi bhráid an Oireachtais faoi Acht an Aontais Eorpaigh (Grinnscrúdú), 2002.

Tabharfaimid tacaíocht réamhghníomhach do na hiarrachtaí chun príomhthiománaí leasaithe a bhaineann le h-iomaíochas a dhéanamh de Chomhairle Iomaíochais an AE ag leibhéal an Aontais.

Ghlac muid páirt ghníomhach sa Ghrúpa Ardleibhéil um Iomaíochas agus Fás agus sa Ghrúpa Beartas Fiontar agus lenár nIonadaíocht Bhuan sa Bhruiséil bhí muid páirteach sna díospóireachtaí agus sna tionscnaimh a bhain le rialáil níos fearr, beartas tionsclaíoch, beartas Fhiontair Bheaga agus Mheánacha agus i réimsí eile de Chlár Oibre Lisbon.

Leanfaimid ar aghaidh leis an gcomhairliúchán faoi shaincheisteanna a théann i bhfeidhm ar earnálacha fiontar ar leith, agus cothóimid an fheasacht fúthu, agus déanfaimid an oiread airde agus is féidir a dhíriú ar na gnóthaí seo ag leibhéil náisiúnta, AE, agus idirnáisiúnta.

Lenár dtacaíocht d'fheidhmiú na moltaí a eascraíonn as tuairiscí an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta agus na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais cuireamar na príomhuirlisí ar fáil chun na saincheisteanna a théann i bhfeidhm ar an earnáil fiontar ag leibhéal náisiúnta a réiteach. Ag leibhéal AE, thugamar tacaíocht do ghníomhaíochtaí faoi príomhghnéithe Chlár Oibre Lisbon a bhaineann leis an earnáil fiontar agus tá muid á bhfeidhmiú faoin gClár Leasaithe Náisiúnta.

Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht & Fás

Grúpa Straitéise Fiontraíochta

Cuspóir

Moltaí tuarascáil an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta a fheidhmiú mar a chinneann an Rialtas.

Bearta Straitéiseacha

Cuirfidh moltaí tuarascáil an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta i bhfeidhm de réir mar a chinneann an Rialtas, agus de réir an phlean chomhaontaithe ghníomhaíochta.

Bainfidh fónamh as an Sainghrúpa a bunaíodh chun monatóireacht a dhéanamh ar mholtaí an GSF, chun forás marthanach a chinntiú chun an cuspóir seo a bhaint amach.

Ar an 9 Deireadh Fómhair 2005 bhunaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an Grúpa Comhairleach Fiontar agus chuir de chúram air monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú mholtaí an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta (GSF). Tá an tUasal Michael Buckley ina chathaoirleach ar an nGrúpa ar a bhfuil seisear ionadaí gnó, agus Ard-Rúnaithe na Rann ábhartha rialtas ag freastal mar is gá. Beidh an Grúpa ag tuairisciú don Aire faoi dhó sa bhliain faoin staid ag a bhfuil cur i bhfeidhm na moltaí. Bhí a chéad chruinniú ag an nGrúpa ar an 8 Nollaig 2005, agus cuirfidh sé comhairle ar an Aire faoi fheidhmiú forásach mholtaí an GSF sa dá bhliain atá romhainn.

Tá dul chun cinn suntasach déanta cheana féin maidir leis na moltaí GSF seo leanas:

Export Ireland: I mí Bealtaine 2005 sheol Fiontraíocht Éireann Plean Straitéise nua, agus mar chuid den straitéis nua, bhunaigh Fiontraíocht Éireann Rannóg Lárnach Díolacháin agus Pártíochta Idirnáisiúnta, mar a bhfuil an Líonra Eachtrach á bhainistiú mar aonad aonair comhtháite. Freagra díreach a bhí anseo ar mholtaí GSF go mbunófaí struchtúr ar leith laistigh de Fhiontraíocht Éireann chun easpórtálacha na hÉireann a chothú. **Díriú níos mó ar Chumas Bainistíochta:** Cruthaíodh rannóg nua de bharr straitéis nua Fhiontraíocht Éireann, an Rannóg Bainistíthe Cliant, Forbartha agus Meantóireachta. Bunaíodh an Rannóg seo mar fhreagra ar mholtaí an GSF faoin ngá atá ag gníomhaireachtaí fiontraíochta le níos mó béime a chur ar chumais bhainistíochta ghnóthaí atá ag fáil tacaíochta uathu.

Líonraí Gnó: I mí na Nollag 2005 thug an Roinn cead do Fhiontraíocht Éireann dul ar aghaidh le tionscadal píolótach a fheidhmiú a bhaineann le líonraí atá faoi threoir tionscail

agus cuirfeadh tús leis an tionscadal píolótach seo go luath i 2006.

Aonad Lárnach Comhordaithe na mBord Fiontar Contae laistigh de Fhiontraíocht Éireann: Táthar á réamh-mheas go gcabhróidh bunú an Aonaid laistigh de Fhiontraíocht Éireann chun an struchtúr is comhtháite agus is féidir a sholáthar chun tacú le gach fiontar dúchasach, go n-éascóidh sé malartú taithí agus saineolais idir Fiontraíocht Éireann agus na Boird Fiontar Contae agus go gcabhróidh sé chomh maith le Fhiontraíocht Éireann gnóthaí nua le hardphoitéinseal a aithint. Tar éis don Rialtas an moladh a fhormhuíniú, chuir an Roinn tús le próiseas comhairliúcháin leis na Boird Fiontar Contae agus le Fhiontraíocht Éireann araon, le fáil amach conas is fearr a chuirfí na moltaí chun cinn agus a chuirfí i bhfeidhm iad, agus chun clár ama cuí a bhunú chun raon d'fheidhmeanna na Roinne, maidir le BFCnna a aistriú go Fiontraíocht Éireann. Tá sé i gceist na feidhmeanna seo a aistriú go foirmiúil agus an tAonad a bheith bunaithe faoi lár 2006.

Forbairt na Sionainne: D'fhógair an tAire mandáid don Chuideachta ar an 28 Iúil 2005. Faoi théarmaí na mandáide nua cuirfidh an Chuideachta níos mó béime ar ghnéithe a bhaineann le forbairt eacnamaíoch réigiúnach atá laistigh dá théarmaí tagartha, agus cuirfeadh béim ar leith ar fhreastal ar riachtanais na gcoda is tearcfhorbartha den réigiún. De réir mholtaí an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta, déanann an mhandáid nua soláthar le go bhfillfidh na feidhmeanna maidir le fiontair dhúchasacha i réigiún na Sionainne a dhéanann Forbairt na Sionainne thar ceann Fiontraíocht Éireann (FÉ) ar FÉ agus go nglacfaidh GFT Éireann freagracht as infheistíocht a chothú agus tacú le hinfeistíocht choigríche dhíreach i Réigiún Saorthrádála na Sionainne.

Leanúint leis an maoiniú do Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI): Tá maoiniú geallta ag an Rialtas ar bhonn ilbhliantúil don tréimhse 2005-2009 do SFI don aistriú chuig an Straitéis nua Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta agus an Plean Forbartha Náisiúnta.

Beartas Inimirce Scilbhunaithe: D'fhógair an tAire Martin beartas eacnamaíoch inimirce scilbhunaithe ar an 12 Deireadh Fómhair 2005. Beidh córas Cárta Glais i gceist leis seo a dhéanfaidh cónaí fadtéarmach nó buan a thairiscint tar éis dhá bhliain, athaontú láithreach teaghlaigh agus ceart uathoibríoch oibre don chéile. Tabharfar an córas isteach faoi lár 2006 le haghaidh raon leathan gairmeacha ina bhfuil an leibhéal tuarastail os cionn €60,000 sa bhliain.

Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht & Fás

FÁS – Fócas ar Oiliúint an Fhórsa Shaothair: Fuair FÁS €35.6 milliún le haghaidh oiliúint na ndaoine atá i bhfostaíocht i 2005. Cuirfear suimeanna den chineál céanna ar fáil sa dá bhliain atá romhainn. Tá 20 mórthionscadal faofa ag FÁS faoin tionscnamh ‘One Step Up’⁹ agus 10 gcinn eile á meas.

Ciste Nuálaíochta don 3ú Leibhéal: I 2005 d’fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta an Ciste Straitéise Nuálaíochta d’institiúidí ardléinn, ar mhaithe le hathrú agus nuálaíocht a chothú i measc institiúidí agus eatarthu. I mBuiséad na bliana 2006 leithdháileadh €300 milliún don Chiste Straitéise Nuálaíochta do thréimhse cúig bliana.

Beimid ag tuairisciú faoi dhó sa bhliain don Rialtas faoin dul chun cinn i bhfeidmiú mholtaí an GSF agus tuairisceoidimid na gníomhaíochtaí i dtuarascáil bhliantúil na Roinne.

Beidh an Grúpa Comhairleach Fiontar ag tuairisciú don Aire faoi dhó sa bhliain faoi dhul chun cinn fheidmiú na moltaí ón nGrúpa Straitéise Fiontraíochta. Mar go raibh a chéad chruinniú ag an nGrúpa ar an 8 Nollaig 2005, cuirfidh sé a chéad tuarascáil faoi bhráid an Aire i rith an chéad leath de 2006.



Michael Ahern, T.D., Minister for Trade & Commerce at the GSM Telecommunications Conference in Cannes

Trádáil Idirnáisiúnta

Cuspóir

An tairbhe is fearr a bhaint amach d’Éirinn as críochnú sásúil idirbheartaíocht Chlár Oibre Forbartha Doha, maidir le rochtain margaidh, maoin intleachtúil agus rialacha trádála.

Beart Straitéiseach

Déanfaimid comhordú ar phríomhleasa na hÉireann maidir le nithe a thagann aníos faoi chreatlach Chomhbheartas Tráchtála an AE agus beimid ag dul i bhfeidhm ar oscailt leanúnach na margáí agus ar léirscaoileadh forbairtí beartais thrádála trínár rannpháirtíocht ar Choiste 133, agus ar chríochnú sásúil ar an idirbheartaíocht bhabhta Doha.

I rith 2005, lean idirghabhálaithe trádála na hÉireann orthu ag aithint, ag plé agus ag cothú leasa iltaobhacha trádála na

hÉireann i gcomhthéacs na hidirbheartaíochta leanúnaí faoi Chlár Oibre Forbartha Doha (DDA). Ghlac Éire páirt chomh hiomlán agus a d’fhéadadh sí agus chuir sí na leasa seo chun cinn ag cruinnithe beartais thrádála AE (Coiste Airteagal 133) agus rinne monatóireacht ar idirbheartaíocht DDA ag cruinnithe den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO). Cinntíonn sé seo go bhfuil leasa trádála straitéiseacha na hÉireann léirithe go soiléir i gComhbheartas Tráchtála an Aontais Eorpaigh.

I mí na Nollag 2005, ag an 6ú Comhdháil Airí WTO i Hong Cong, ghlac Comhaltaí an WTO, Ballstáit an Aontais Eorpaigh ina measc, le Ráiteas Airí an WTO. Rinne an comhaontú a rinneadh i Hong Cong soláthar don leanúint leis an idirbheartaíocht i ngach réimse de Chlár Oibre Forbartha Doha, agus moladh go mbeadh spriocdháta ann chun críochnú rathúil a chur leis an idirbheartaíocht i 2006.

⁷ Is é FÁS a fheidhmíonn an tionscnamh ‘One Step Up’ agus tá sé dírithe ar oiliúint a sholáthar dóibh siúd atá fostaithe.

Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht & Fás

Acmhainneacht agus Cumas Easpórtála a fhorbairt

Cuspóir

A chur ar chumas easpórtálaithe Éireannacha leas a bhaint as na deiseanna trádála atá ar fáil i margaí an domhain agus córas a chruthú chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar chóras ceadúnaithe easpórtála na hÉireann.

Bearta Straitéiseacha

Beimid ag comhoibriú le Ranna Rialtais eile, le Fiontraíocht Éireann agus le gníomhaireachtaí eile atá freagrach as easpórtálacha a chothú ionas go mbainfidh ár n-easpórtálaithe an leas is mó as buntáistí na margaí domhanda. Déanfar modhanna a fhorbairt a chuirfidh ar chumas na gcliant atá i gceist – na heaspórtálaithe féin – ábhair imní, nó moltaí faoin gcaoi a bhféadfaí beartas, tacaí agus nósanna imeachta riaracháin a mhaolú nó a oiriúnú a chur in iúl ionas go bhfíorófaí iarrachtaí an Stáit chun feabhas comhsheasmhach a chur ar fheidhmiú ár n-easpórtálacha.

Threoraigh an tAire agus Airí Stáit na Roinne 20 misean trádála éagsúil thar lear i rith 2005. Eagraíodh na misin trádála i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus bhí rannpháirtíocht i gCuairt Stáit an Uachtaráin ar an gCóiré agus ar an tSeapáin san áireamh; an Misean mór trádála faoi threoir an Taoisigh chun na Síne; 12 misean trádála i dtíortha éagsúla san Eoraip agus Mísín i réigiúin eile, na Stáit Aontaithe agus an Astráil ina measc.

Chabhraigh na misin trádála seo le cuideachtaí Éireannacha caidrimh a chur sa tsiúl nó a fhorbairt le comhpháirtithe reatha nó poitéinsiúla sna margaí éagsúla ar díriodh orthu. Léiríonn an raon margaí a roghnaíodh an gá atá le tacaíocht a thabhairt i margaí tábhachtacha seanbhunaithe agus cabhrú chomh maith le cuideachtaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a n-acmhainneacht easpórtála agus éagsúlú a dhéanamh trí rochtain a fháil ar mhargaí atá ag teacht chun cinn go háirithe in Oirthear na hEorpa agus san Áise.

De réir shonraí sealadacha an Phríomh-Oifig Staidrimh, mhéadaigh luach na n-easpórtálacha i 2005 timpeall 5% ó 2004. Is é an AE an margadh easpórtála is mó atá againn i gcónaí, agus é ag glacadh le os cionn 62% den iomlán. B'ionann ár n-easpórtálacha go dtí na Stáit Aontaithe agus 19% den iomlán, agus is é SAM an margadh aonair easpórtála is mó atá againn i gcónaí.

Seoladh tionscnamh nua comhairleoireachta do pháirtithe leasmhara, an Fóram Náisiúnta Trádála, ar an 29

Meitheamh 2005. Cuireann sé seo fóram díospóireachta ar fáil faoi chlár oibre na todhchaí chun beartas trádála a fhorbairt agus eagraíodh é i gcomhar le Forfás. Seoladh Ráiteas na Roinne ar Pholasaí Náisiúnta Trádála i rith na bliana chomh maith. Cuireann an straitéis seo, “*Trading for Economic and Social Development*”, sintéis ar fáil de sheasamh reatha na hÉireann faoi thrádáil agus na beartais atá laistiar dár seasamh trádála, agus aithníonn sé cuid de na dúshláin a bheidh i ndán d’Éirinn mar náisiún trádála sna blianta atá romhainn.

Aisghabháil Fiacha Árachais Chreidmheasa Onnmhairíochta Mar gheall ar fhorálacha na Ráthaíochtaí Creidmheasa Onnmhairíochta, tá fiacha móra amuigh ar an Stát i gcónaí – cuid díobh amuigh le blianta fada a measadh roimhe seo nach bhféadfaí iad a aisghabháil. Tá iarrachtaí gníomhach idir lámha chun na fiacha sin a fháil ar ais ó cuireadh deireadh le Scéim Árachais Chreidmheasa Onnmhairíochta i 2003 agus tá an-rath orthu. Rinneadh aisghabháil ar os cionn €1 milliún san iomlán le linn 2005.

Tabharfaimid isteach nósanna imeachta leasaithe chun tuairisciú agus monatóireacht a dhéanamh ar thionchair na misin thrádála thar lear le súil le tascairí ratha poitéinsiúla a aithint mar thagarmharcanna do thorthaí na todhchaí.

Tá socraithe ag an Roinn le Fiontraíocht Éireann go gcuirfí tuarascála ar dhul chun cinn mhisin thrádála na nAirí thar lear ar fáil. Beidh sé níos éasca dá bharr sin anailís a dhéanamh ar thosca ratha agus ar thorthaí misin dá leithéid. Chomh maith leis sin, tá teimpléad a dhearadh chun tascairí ratha meántéarmacha agus fadtéarmacha a aithint, a bheifear in ann a úsáid mar thagarmharcanna do thorthaí na todhchaí. Cabhróidh an obair seo leis an Roinn an luach is mó agus is féidir a bhaint as na misin seo, a bhfuil ról chomh tábhachtach acu maidir le feidhmiúocht easpórtála na hÉireann.

Tabharfaimid éifeacht do mholtaí Athbhreithnithe an Chórais Cheadúnaithe Easpórtála, agus beidh tabhairt isteach ar reachtaíocht nua mar chuid de sin.

Bhí páirt ghníomhach ag an Roinn sa Ghrúpa idir-Rannach atá freagrach as moltaí athbhreithnithe 2004 ar Chóras Ceadúnaithe Easpórtála na hÉireann a fheidhmiú. Tá Forfás - an bord náisiúnta comhairleach beartais don fhiontar, trádáil, eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht, ina chathaoirleach ar an nGrúpa seo, agus tá ionadaithe ann ón Roinn Gnóthaí Eachtracha, ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, ón Roinn Comhshaoil agus Rialtas Áitiúil agus ó na Coimisinéirí Ioncaim. Cuireadh tús, laistigh den Roinn, le dréachtú ar reachtaíocht nua chun rialuithe easpórtála na hÉireann a chur in oiriúint do na cleachtais idirnáisiúnta is fearr agus a chinntiú go

Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht & Fás

gcomhlíonann Éire a hoibleagáidí AE agus idirnáisiúnta go hiomlán. Lean an obair sin ar aghaidh i 2006.

Beimid ag obair i dtreo Straitéis nua Áiseach a fheidhmiú don tréimhse atá romhainn.

Sheol an Taoiseach, An tUasal Bertie Ahern, T.D. an dara céim de Straitéis na hÁise (“A Decade of the Asia Strategy 1999-2009”) go hoifigiúil ar an 4 Aibreán 2005. Leagann sé seo spriocanna agus tosaíochtaí amach chun naisc thrádála agus eacnamaíochta le príomheacnamaíochtaí na hÁise a leathnú. Bunaíodh Grúpa Ardleibhéil Straitéis na hÁise, le hionadaíocht phoiblí agus phríobháideach, chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na Rann Rialtais agus na nGníomhaireachtaí ábhartha chun sainspriocanna atá leagtha amach chun an Straitéis a fheidhmiú a bhaint amach. Bhí a chéad chruinniú ag an nGrúpa ar na 24 Deireadh Fómhair 2005.

Déanfaimid athbhreithniú fadréimseach ar shaincheist na hinfheistíochta díri amach. Breithneofar na himpleachtaí beartais nó na hionstraimí atá de dhíth chun tacú le gníomhaíocht sa réimse seo le linn an athbhreithnithe i 2005.

Bhí plé ag an Roinn le Forfás maidir le beartas náisiúnta a chruthú faoi Infheistíocht Dhíreach Amach agus na saincheisteanna a ghabhann leis san fhadtéarma. Mar chéim eatramhach, tá measúnú tosaigh déanta ag Forfás ar Infheistíocht Dhíreach Amach agus ar a himpleachtaí do lucht déanta beartais agus tabharfar breac-chuntas de seo sa ‘Tuarascáil Trádála agus Infheistíochta, 2005’ atá le foilsiú go luath i 2006.

An Margadh Inmheánach

CUSPÓIR

Feidhmiú an Mhargaidh Inmheánaigh a neartú, trí réimeas a fhorbairt chun Margadh Inmheánach i seirbhísí a chruthú, agus trí Threoracha AE a thrasú go tráthúil.

Bearta Straitéiseacha

Leanfaimid leis an obair chun Margadh Inmheánach éifeachtach a chruthú d’Earraí agus do Sheirbhísí. Le linn thréimhse na straitéise seo díreofar go háirithe ar chur leis an obair ar an Treoir AE atá molta maidir le Seirbhísí sa Mhargadh Inmheánach.

Is moladh leathan uileghabhálach é an Dréacht-threoir Seirbhísí chun saoirse a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí a gcuid seirbhísí a chur ar fáil thar teorainneacha an AE nó iad féin a bhunú i mBallstáit eile. Cé nach gclúródh an Dréacht-Threoir gach seirbhís, is ionann iad siúd atá clúdaithe ag an Treoir agus timpeall 40% den OTI, tuairim is dhá oiread an méid atá i gceist le déantúsaíocht.

Lean an obair ar aghaidh i 2005 ar Dhréacht-Threoir sa Ghrúpa ábhartha Oibre Comhairle faoi Uachtaránachtaí Lucsamburg agus na Ríochta Aontaithe. Chuir Uachtaránacht na RA cáipéis nua oibre den togra i láthair i mí na Nollag 2005.

Thuairiscigh deich gCoiste Pharlaiminteacha Eorpacha ar an Dréacht-Threoir i 2005, agus ba iad Coiste an Mhargaidh Inmheánaigh agus Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) agus an Coiste Gnóthaí Sóisialacha (ESAC) a bhí ar thús cadhnaíochta ina measc. Chríochnaigh Parlaimint na hEorpa a chéad léamh den Dréacht-Threoir ar an 16 Feabhra 2006. Tá Coimisiún na hEorpa le togra mionathraithe a chur i láthair ag am éigin i 2006 a chuireann céadléamh na Parlaiminte agus díospóireachtaí na Comhairle go dtí seo san áireamh.

Chuir an Roinn próiseas forleithheadach comhairliúcháin ar bun faoin Dréacht-Threoir le gach Roinn, le comhlachtaí Stáit, leis na comhpháirtithe sóisialta (gnó agus ceardchumainn) agus le páirtithe leasmhara eile i 2005. Lean an próiseas comhairliúcháin ar aghaidh i 2006.

Cinnteoimid go gcomhlíonfar agus go gcuirfear i bhfeidhm go tráthúil dlí an Mhargaidh Inmheánaigh AE in Éirinn, trí obair le Ranna Rialtais eile chun monatóireacht dhlúth a dhéanamh agus tuairisciú ar thrasú ceart ar gach Treoir faoin Margadh Inmheánach agus iad sin a fhógairt.

Tá an phríomhfhreagracht maidir le feidhmiú ceart an Mhargaidh Inmheánaigh ar na Ballstáit. Is é a leas féin é a chinntiú go bhfeidhmíonn an Margadh Inmheánach i gceart ar mhaithe lena ngnóthaí agus a gcuid saoránach. Mura gcuirtear rialacha an Mhargaidh Inmheánaigh i bhfeidhm go héifeachtach agus in am, cuirfear isteach orthu a gcion a dhéanamh ar son fhás agus iomaíochas an AE.

Déanann Clár Scóir an Mhargaidh Inmheánaigh, a fhoilsíonn Coimisiún na hEorpa, iniúchadh ar thaifid na mBallstát agus iad ag cinntiú go sásaítear na coinníollacha a ligfidh don Margadh Inmheánach feidhmiú go maith. Déanann sé é seo ar dtús trí fhéachaint ar chomh mear agus chomh maith is a dhéanann gach ceann de na Ballstáit dlíthe náisiúnta as Treoracha an Mhargaidh Inmheánaigh. Tá na Treoracha seo agus na spriocdhátaí dá thrasú aontaithe ag na Ballstáit ag leibhéal an AE.

Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht & Fás

Fuair Éire grádú trasuimh easnaimh 1.6% le haghaidh bearta AE i gClár Scóir an Mhargaidh Inmheánaigh do Iúil 2005 (Clár Scóir uimh. 14), agus bhíomar comhrangaithe sa 12ú háit. Bhí Éire i gcomhrang a 19 ag deireadh na Samhna 2005 (Clár Scóir Uimh. 14 bis), le heasnamh trasuimh 1.8%. Tá sé de cheangal ar Bhallstáit gan easnamh níos mó ná 1.5% a bheith acu.

Tá Treoir nua don chur i bhfeidhm ag gach Roinn faoi thrasú ar reachtaíocht AE, chun luas agus éifeacht an phróisis thrasuimh náisiúnta a mhéadú. Tá easnamh trasuimh na hÉireann laghdaithe go 22 Treoir ó shin, rud a thuga grád easnaimh 1.35% ar an 20 Feabhra 2006. Ar an iomlán tá an meáneasnamh is ísle ar an gClár Scóir seo (1.6%) do gach Ballstáit ó cuireadh tús le Clár Scóir an Mhargaidh Inmheánaigh. Sa chás seo tá na difríochtaí i rátaí trasuimh idir fhorhóir na mBallstáit an-bheag ar fad.

Clár Solvit chun bacainní sa Mhargadh Aonair a bhaint

Dírionn SOLVIT ar chásanna ina mbaineann údarás áitiúla sna Ballstáit mí-úsáid as dlí Mhargadh Inmheánach an AE. Tá Ionad SOLVIT na hÉireann lonnaithe sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus tá sé ar cheann de 27 Ionad SOLVIT, ceann i ngach Ballstáit den AE agus de Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa. Is féidir le saoránaigh agus le gnóthaí teagmháil a dhéanamh lena nIonad SOLVIT áitiúil má tá siad den tuairim go bhfuil a gcearta sa Mhargadh Inmheánach á séanadh orthu i mBallstáit mar go gcreideann siad nach bhfuil na húdaráis á gcur i bhfeidhm i gceart. Má tá an tIonad SOLVIT sásta go bhfuil mí-úsáid á bhaint as dlí AE sa chás a atreoraítear chuige, tógann sé an cheist lena chomhionad sa Bhallstáit atá i gceist ar mhaithe leis an saoránach nó leis an ngnó a bhfuil gearán acu. Tá sé beartaithe ag na hIonad SOLVIT atá páirteach go ndéanfaí gach iarracht chun réiteach a fháil laistigh de dheich seachtaine, nó i gcásanna eisceachtúla, ceithre seachtaine déag.

I rith 2005, bhí méadú ar líon na bhfiosrúcháin chuig Ionad SOLVIT na hÉireann, mar a bhí sna hIonad SOLVIT go léir. Phléigh an tIonad le 11 cás i 2005, 3 cinn a chuir Ionad SOLVIT na hÉireann sa tsiúl agus 8 gcinn a chuir Ionad SOLVIT eile sa tsiúl. Chomh maith leis sin, ar nós gach Ionad eile, láimhseáil Ionad na hÉireann an-chuid

fadhbanna agus fiosrúcháin eile ó shaoránaigh agus ó gnóthaí. Chuir an tIonad athbhreithniú dá chéad trí bliana go leith i mbun oibre i gcrích (Iúil 2002 go deireadh mhí na Nollag 2005), agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.entemp.ie. Bhí an tIonad rannpháirteach i seimineár SOLVIT d'Ionaid Eolais do Shaoránaigh de chuid Choimisiún na hEorpa i mBaile Átha Cliath.

Tá tuilleadh eolais faoi SOLVIT, chomh maith le sonraí teagmhála gach Ionad SOLVIT, ar fáil ag: http://europa.eu.int/solvit/site/index_en.htm

TaieX (Cúnamh Teicniúil agus Malartú Faisnéise)

Cuireann Oifig TAIEX (Cúnamh Teicniúil agus Malartú Faisnéise) Choimisiún na hEorpa tacaíocht um thógáil institiúidí ar fáil i ngach réimse de reachtaíocht an AE le súil le tacú le hailiniú, le feidhmiúchán agus le cur i bhfeidhm na reachtaíochta sna Ballstáit nua, sna Tíortha atá ina nIarrthóirí, na Balcáin Thiar agus Pobal Turcach Cipireach thuaisceart na Cipire.

Cuireann TAIEX cúnamh teicniúil gearrthéarmach le bainistíocht lárnach ar fáil i réimse neastacháin, feidhmiúcháin agus cur i bhfeidhm reachtaíocht an AE. Freagraíonn sé d'iarratais atá tiomáinte ag éilimh ar chúnamh ó na Tíortha Tairbhíthe, ó Sheirbhísí an Choimisiúin agus ó na Ballstáit nua. Cuireann saineolaithe ón earráil phoiblí sna Ballstáit cúnamh TAIEX ar fáil. Tá bunachar sonraí de na saineolaithe seo cruthaithe ag Coimisiún na hEorpa agus is féidir iad a chur sa tsiúl go mear nuair a iarrtar cúnamh.

Tá líon na saineolaithe Éireannacha a úsáideann TAIEX ag méadú de réir a chéile – 63 i 2002, 93 i 2003 agus 99 i 2004. Tá figiúr sealadach 144 ann do 2005. Is í an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an Pointe Teagmhála Náisiúnta do TAIEX in Éirinn. Feidhmíonn an Roinn chomh maith mar phointe teagmhála do chlár chúnaimh PHARE agus TACIS¹⁰ an Choimisiúin.

8 Dhá thogra AE iad seo chun cabhrú leis an bhforbairt eacnamaíoch ag grúpa leathan stát in oirthear na hEorpa agus san Áise. Clúdaíonn PHARE 13 tír i lár agus in oirthear na hEorpa agus tá sé dírithe ar iad a chumasú chun Acquis Communautaire an AE a chomhlíonadh. Tá dhá thosaíocht shonrach aige: institiúidí a thógáil agus infheistíochtaí a mhaoiniú. Cuireann an clár TACIS cúnamh teicniúil ar fáil le cúnamh deontais do 12 tír in oirthear na hEorpa agus i lár na hÁise agus díríonn den chuid is mó ar an próiseas trasdula a fheabhsú sna tíortha seo.

Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht & Fás

Inbhuanaitheacht & Iomaíochas

CUSPÓIR

Inbhuanaitheacht agus iomaíochas a chomhtháthú agus a chinntiú go bhfeabhsaíonn forbairt an bheartais chomhshaoil ag leibhéal náisiúnta agus AE an t-iomaíochas, go gcothaíonn sé an fhiontraíocht agus go spreagann sé an nuálaíocht.

Bearta Straitéiseacha

Pléifimid, i gcomhar leis an Roinn Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, seasamh an AE faoi athrú aeráide don tréimhse iar-Kyoto (2012 ar aghaidh), ag súil le cur chuige níos cothroime a chuireann iomaíochas agus cúinsí comhshaoil san áireamh a chinntiú.

Ghlac an Roinn páirt sa díospóireacht beartais iar-2012 ag leibhéal náisiúnta trína rannpháirtíocht san Fhoireann Idir-rannach um Athrú Aeráide. Ag leibhéal an AE, spreag an Roinn ionchur ón gComhairle Iomaíochais i gComhairle Earraigh na hEorpa, a chuir béim ar chomh tábhachtach is atá sé rannpháirtíocht idirnáisiúnta san athrú aeráide a leathnú amach agus idirbheartaíocht a dhéanamh le mórpháirtithe trádála roimh an idirbheartaíocht faoi bheartais athraithe aeráide iar-2012.

Beimid ag obair i gcónaí ar fheidhmiú Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe na Roinne a bhfuil sé d'aidhm aici slí a chur ar fáil d'fhiontair chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.

Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe: Is é aidhm Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe 2003-2005 na Roinne ná slí a chur ar fáil don Roinn agus d'fhiontair forbairt a bhaineann cothromaíocht amach idir diminsin eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil an fháis a chothú. Rinneadh dul chun cinn nach beag sna ceithre réimse tosaíochta seo a leanas:

I. Athrú Aeráide

Thosaigh céadtréimhse trádála (2005-2007) i Scéim Trádála Astuithe an AE (EU ETS) ar an 1 Eanáir 2005. Is gné lárnach de straitéis athraithe aeráide an AE é EU ETS chun a ghealltanais faoi phrótocal Kyoto go laghdófaí

leibhéal na n-astuithe dé-ocsaíd charbóin (CO²) a chomhlíonadh. Caithfidh gach Ballstát Plean Náisiúnta Leithdháiliúcháin (PNL) a ullmhú do gach tréimhse trádála (2005-2007 agus 2008-2012), chun líuntais CO₂ a dháileadh ar chuideachtaí atá rannpháirteach san EU ETS. Chinntigh an Roinn, trína rannpháirtíocht san Fhoireann Idir-Rannach um Athrú Aeráide, atá faoi threoir na Roinne Chomhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, go gcuirfí cúrsaí iomaíochais san áireamh agus beartas don dara PNL á dhearbhu don tréimhse trádála 2008-2012. Ghlac an Roinn páirt chomh maith sa phlé a bhain le ceapachán Ghníomhaireacht Bainistithe an Chiste Náisiúnta mar ghníomhaire ceannacháin don stát chun líuntais carbóin a cheannach.

I 2005, chuir Coimisiún an AE tús le hathbhreithniú ar EU ETS agus rinne an Roinn seo a cion don phróiseas sin trína rannpháirtíocht san Fhoireann Idir-Rannach um Athrú Aeráide agus i nGrúpa Oibre Choimisiún na hEorpa um Thrádál Astuithe.

II. Inbhuanaitheacht Iomaíoch

Is comhthionscnamh idir Ard-Stiúrthóireacht Comhshaoil agus Ard-Stiúrthóireacht Taighde Choimisiún na hEorpa é Plean Gníomhaíochta an AE um Theicneolaíochtaí Comhshaoil (ETAP) chun acmhainneacht na dteicneolaíochtaí comhshaoil a úsáid chun cur le hiomaíochas agus le fás. I gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, tá an Roinn rannpháirteach san idirbheartaíocht i nGrúpa Oibre Ardleibhéil an AE, agus tá sí ag iarraidh a chinntiú go mbeidh tús áite ag ceisteanna iomaíochais sa tionscnamh. Bhí sí rannpháirteach sa Ghrúpa Stiúrtha idir-rannach/idirghníomhaireachta, a cuireadh ar bun chun Slí do Theicneolaíochtaí Comhshaoil a fhorbairt in Éirinn.

III. Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Ag aithint go bhfuil deiseanna gnó ann ach fónamh a bhaint as an tsineirgíocht dhearfach idir iomaíochas agus caomhnú comhshaoil, lean an Roinn ar aghaidh ag obair lena Grúpa Oibre d'ílpháirtithe leasmhara chun moltaí Thionscadal BEST an AE, atá dírithe ar ghlacadh na gCóras Bainistíochta Comhshaoil (EMS) in Éirinn, a fheidhmiú. Cuireann EMS slí ar fáil do chuideachta chun a tionchair chomhshaoil a íoslaghdú.

Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht & Fás

Tá an Roinn ag obair i gcónaí le Fiontraíocht Éireann atá freagrach as raon tionscadal atá deartha chun feidhmiú comhshaoil thionscail na hÉireann a fheabhsú, m.sh. Táirgí Ardchéimíúla Comhshaoil, Córais Bhainistithe Chomhshaoil agus an suíomh gréasáin *environcentre.ie*.

Bhí an Roinn rannpháirteach chomh maith i bpainéal na moltóirí ag gradaim tuairiscithe inbhuanaitheachta Chomhlachas na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe (ACCA) .

IV. Inbhuanaitheacht Rannach

Chuir Foireann Ghlas na Roinne, i gcomhar lenár nAonad Eagrúcháin, feidhmiú Phlean Bainistithe Comhshaoil (EMP) na Roinne chun cinn. Leagtar slí amach san EMP chun a chinntiú go mbeidh an cleachtas comhshaoil is fearr mar chuid de ghníomhaíochtaí na Roinne féin. Diríodh i 2005 ar áiseanna athchúrsála a leathnú amach go gach foirgneamh sa Roinn, agus ar ghníomhaíochtaí chun feasacht a chothú.

Cuireadh cúrsa oiliúna faoi Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil ar fáil d'oifigigh ábhartha na ngníomhaireachtaí forbartha i mí Iúil 2005.

Comhlíonaimid ár ról ceannais idirbheartaíochta maidir le moltaí REACH faoi cheimicí.

Beimid i mbun idirbheartaíochta ag leibhéal AE ar raon tionscnamh comhshaoil a théann i bhfeidhm ar thionscail, tionscnaimh athraithe aeráide⁸ san áireamh agus tograí faoi reachtaíocht nua ceimiceán.

D'fhorbair an Roinn seasamh idirbheartaíochta na hÉireann faoi Dhréachrialachán an AE maidir le Clárú, Luacháil, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán [REACH]. Rinneadh é seo i gcomhar leis an ngrúpa oibre idir-rannach/idirghníomhaireachta agus é ag brath ar staidéar measúnachta tionchair a rinneadh ar son Forfás, agus comhairliúcháin leanúnacha le páirtithe leasmhara. Tá an seasamh idirbheartaíochta dírithe ar iomaíochas an tionscail cheimiceán agus an tionscail iarmhartacha déantúsaíochta an AE a fheabhsú, chun nach gcuirfí ualach trom ar thionscal nach gcuirtear ar a phríomhiomaitheoirí, agus an leas optamach a chinntiú as córas rialaithe ceimiceán chun beartais sláinte agus caomhnú comhshaoil a threorú sa todhchaí. Baineadh amach comhaontú polaitiúil ag Comhairle Iomaíochais an AE i mí na Nollag 2005, agus táthar ag súil go nglacfar faoi dheireadh leis an Rialachán REACH, faoi dheireadh 2006.

Chuir an Roinn pleananna chun cinn chun REACH a fheidhmiú in Éirinn, le cinneadh an Rialtais i mí Iúil 2005 go n-ainmneofaí an tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte

mar údarás inniúil in Éirinn, agus aontaíodh go mbeadh 44 ball foirne eile ann nuair a bheadh REACH faoi lánseol.

Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an Roinn I.R. 844 de 2005, Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Glantaigh) 2005, a chuirfidh tuilleadh éifeachta le Rialachán na Comhairle 648/2004 agus a leasaíonn reachtaíocht an Chomhphobail maidir le hin-bhithmhillteacht dhromchlaghníomhaithe, lipéadú glantach agus nithe gaolmhara.

Gnóthaí Beaga

Cuspóir

A chinntiú go mbeidh timpeallacht fhabhrach ann chun gnóthaí beaga a fhorbairt agus a fhás in Éirinn.

Bearta Straitéiseacha

Déanfaimid athbhreithniú ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn gnóthaí beaga in Éirinn, le haird ar leith ar na tosca a éascaíonn forbairt agus fás gnóthaí.

Bunaíodh **Fóram na nGnóthaí Beaga** i mí Iúil 2005 chun an timpeallacht reatha maidir le gnóthaí beaga a stiúradh in Éirinn, agus leorgacht & oiriúnacht fhreagraí na mbeartas poiblí, a mheas go ginearálta i gcomhthéacs na timpeallachta sin, idirghabháil na ngníomhaireachtaí forbartha fiontar san áireamh. Iarradh ar an bhFóram díriú ar cheisteanna a bhaineann go háirithe le hearnáil na ngnóthaí beaga mar a gcabhródh straitéisí nua nó leasaithe le gnóthaí beaga a gcion a dhéanamh d'fhás na heacnamaíochta.

Bhí ionadaíocht leathan ar an bhFóram ó pháirtithe leasmhara iomadúla atá rannpháirteach i bhforbairt ar ghnóthaí beaga in Éirinn – úinéirí/bainisteoirí ar ghnóthaí as an raon earnála atá i gcóhórt na ngnóthaí beaga, eagraíochtaí ionadaíochta do ghnóthaí beaga, lucht léinn a bhfuil saineolas acu ar an réimse, gníomhaireachtaí forbartha agus an Roinn féin. D'fhoilsigh an Fóram cuireadh poiblí i 2005 le go gcuirfí aighneachtaí faoina bráid agus fuarthas níos mó ná 70 aighneacht ó pháirtithe leasmhara. Bhí roinnt cruinnithe ag an bhFóram le gnóthaí beaga ar fud na tíre chomh maith chun na hábhair inniúla acu a phlé leo agus chun tuairimí a fháil uathu maidir leis an bhfeabhas a d'fhéadfaí a chur ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn gnóthaí beaga. Ghlac beagnach 100 gnó páirt sna cruinnithe sin.

Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht & Fás



Micheál Martin, T.D., Minister for Enterprise, Trade & Employment and Mr Joe Macri, Chairperson, at the establishment of the Small Business Forum

Cinnteoimid go mbeidh dialóg leanúnach neamhiata ann le hearnáil na ngnóthaí beaga trí chruinnithe comhstádais a reáchtáil le gnóthaí beaga.

Tháinig Cruinniú Comhstádais na nGnóthaí Beaga le chéile i mí Eanáir 2005. Rinneadh cur i láthair faoi Shimpliú agus Nuachóiriú dhlí na gCuideachtaí, agus faoi ríomhsheirbhísí gnó do Ghnóthaí Beaga agus Meánacha, ag an gcruinniú seo. Ó tharla go raibh ionadaithe as formhór na neagraíochtaí a bhí páirteach sa Chruinniú Comhstádais ar Fhóram na nGnóthaí Beaga, measadh go mbeadh sé cuí aon chruinniú eile den Chruinniú Comhstádais a chur siar go dtí go mbeadh obair an Fhórait críochnaithe.

Caiteachas Poiblí agus Forbairt Fiontar

CUSPÓIR

Glúthmhonatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chaiteachais poiblí ar fhorbairt fiontar agus ar éifeachtacht a chuid gníomhaireachtaí maidir leis seo.

Bearta Straitéiseacha

Déanfaimid maoirseacht ar shraith athbhreithnithe bunúsacha buiséid ar chlár gach gníomhaireachta.

Bhí an Roinn ag plé le Fiontraíocht Éireann atá ag dréachtú plean gníomhaíochta a léiríonn na hathbhreithnithe atá i gceist acu a dhéanamh i rith 2006 agus 2007. Ag tosú i 2005, éilíonn an Roinn go mbeadh bearta feidhmíochta leagtha amach i dtograí maoinithe Fhiontraíocht Éireann. Tá riachtanas soiléir maidir le feidhmíocht a thomhas sna ceadanna a thug an Roinn do Fhiontraíocht Éireann. Cinntíonn an fhorbairt nuálaíoch seo gur féidir scéimeanna a thomhas i gcomparáid leis na cuspóirí a bhí luaite leo. Leanfaidh an tionscnamh seo ar aghaidh de réir mar a thagann tograí nua isteach. Tá dul chun cinn déanta freisin chun táscairí feidhmíochta tábhachtacha eile a bhunú ar fud na gníomhaireachtaí forbartha fiontar.

Freagróimid do dhúnadh mórchuideachtaí trína chinntiú go gcuirfear gach tacaíocht abhartha ó Ghníomhaireachtaí Stáit i bhfeidhm ar bhealach tráthúil comhordaithe chun an freagra is fearr agus is féidir a fháil ón Stát ar dhúnadh dá leithéid.

Rinne an Roinn maoirseacht i 2005 ar idirghabháil ó na gníomhaireachtaí Stáit atá faoina scáth mar fhreagra ar dhúnadh cuideachtaí agus an chailliúint post a bhí ann dá bharr. I measc na mbearta seo bhí oiliúint, athoiliúint agus anailís scileanna d'oilbhríthe, chun iad a chumasú do dheiseanna fostaíochta in earnálacha nua atá ag teacht chun cinn.

Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht & Fás

Gníomhaíocht Fiontraíochta

CUSPÓIR

Féachaint le ráta gníomhaíochta fiontraíochta a fheabhsú chun gnóthlachaí nua agus iomaíochas i measc gnóthlachaí a fheabhsú.

Beartha Straitéiseacha

Tabharfaimid tacaíocht do GFT Éireann chun suímh thionsclaíochta ardsónraíochta a sholáthar ar fud na réigiún ionas go mbeidh ar a chumas dul san iomaíocht agus tionscadail ardluacha a ghnóthú sna hearnálacha Bithchógaisíochta agus TFC araon.

Tá an IDA dírithe faoi láthair ar roinnt suíomh mór, agus an bonneagar tacaíochta, a aithint agus a fhorbairt ionas go mbeidh Éire in ann tionscadail TFC agus bhithchógais a mhealladh agus cóiríocht a sholáthar dóibh agus infheistíocht bhreise a ghnóthú in earnálacha a mbaianeann tábhacht straitéiseach leo.

I 2005, rinne an Rialtas faomhadh ar mhaoiniú ó GFT Éireann chun Institiúid Náisiúnta Bithphróiseála, Taighde agus Oiliúna (NIBRT) a bhunú. Is infheistíocht straitéiseach eolaíochta agus teicneolaíochta é seo in institiúid úrscothach dírithe ar thionscal a bhfuil sé d'aidhm aige buntáiste iomaíoch a thabhairt d'Éirinn ó thaobh freastal ar an tionscal domhanda bithchógaisíochta. Tá Coláiste na hOllscoile, BÁC, Coláiste na Tríonóide, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus IT Shligigh ina mbaill bhunaidh de agus beidh sé lonnaithe i bPáirc Thionscail Choláiste na hOllscoile BÁC i mBaile Átha Cliath.

Léiríonn fógraí ó chuideachtaí ar nós Google agus Wyeth Research, agus ó chuideachtaí airgeadais ar nós BISYS (i bPort Láirge), IFS (Droichead Átha) AXA (Áth Luain) agus PFPC (Loch Garman agus An Uaimh) go bhfuil seasamh ag Éirinn anois mar shuíomh ardluacha d'infheisteoirí sna hearnálacha Bithchógaisíochta agus TFC.

Beimid ag tacú leis na gníomhaireachtaí forbartha tionscail chun cláir a sholáthar a chabhróidh leis an earnáil fiontar fás agus forbairt a dhéanamh trí thacaí airgeadais, cláir chun acmhainneacht bainistíochta a thógáil agus gníomhartha chun an fhiontraíocht agus cultúr na fiontraíochta a chothú ar fud na heacnamaíochta.

Fiontar Áitiúil

Le linn 2005 chuir an Roinn caiteachas caipitil iomlán €17.7m ar fáil do na 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach mar tacaíocht do mhicrifhiontair agus chun forbairt a dhéanamh orthu. Bhain os cionn €10.8m de sin le caiteachas ar thacaíocht airgeadais do thionscadail i



Michael Ahern, T.D., Minister for Trade & Commerce at the formation of the National Standards Authority of Ireland Committee on Goalpost Safety.

bhfoirm Deontais Chaipitil, Deontais Fostaíochta agus Deontais le haghaidh Staidéir Féidearthachta. Cuireadh tuairim is trian de seo ar fáil i bhfoirm inaisíochta. I rith 2005 chuir an Roinn caiteachas iomlán caipitil de €17.7m ar fáil do na 35 Bord Fiontar Contae agus Cathrach mar tacaíocht do mhicrifhiontair agus chun forbairt a dhéanamh orthu. Bhain os cionn €10.8m de sin le caiteachas ar thacaíocht airgeadais do thionscadail i bhfoirm Deontais Chaipitil, Deontais fostaíochta agus Deontais Staidéir Féidireachtaí. Bhí timpeall aon trian den tacaíocht seo i bhfoirm inaisíochta. Cuireadh an chuid eile, €6.9m, ar fáil chun bearta “seachas tacaíocht airgeadais” a sholáthar d’earnáil na micrifhiontair ar nós comhairle agus faisnéis ghnó, oiliúint agus forbairt bainistíochta, oiliúint riomh-Thráchtála, oideachas faoi fhiontair, meantóireacht agus cothú na fiontraíochta i measc na mban.

Faomhadh deontais de €12.5m san iomlán d’earnáil na micrifhiontair, agus íocadh os cionn €10.8m amach i ndeontais. Faomhadh 948 tionscadal ar fad le haghaidh cúnámh airgeadais; agus cruthaíodh os cionn 2,000 post i bhfiontair le cabhair na mBFC. Ghlac os cionn 17,000 duine páirt i gcláir san Fhorbairt Bainistíochta agus Oiliúna a chuir na BFC ar fáil.

Tá comh-mhaoiniú á dhéanamh faoi láthair do na BFC faoin bPlean Forbartha Náisiúnta le ranníocaíochtaí ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa. Dhearbhaigh an tAire Martin i 2005 go raibh sé ar intinn aige go mbeadh leibhéal cuí maoinithe ag leanúint ar aghaidh amach anseo do na BFC (ach go mbraitheadh an tsuim chruinn a chuirfí ar fáil do na BFC ar chomhthéacs na srianta buiséid a bheadh ann ag an am). Léiríonn sé seo tiomantas leanúnach na

Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht & Fás

Roinne tacú le cláir chun cabhrú le hearnáil na micrifhiontar tuilleadh fáis agus forbartha a dhéanamh.

GFT Éireann íocadh €126.6 milliún san iomlán le GFT Éireann ón Státchiste mar fhóirdheontas pá agus riaracháin, mar dheontais do thionscail agus do chostais an chlár maoin. Ghin an Ghníomhaireacht a hioncam acmhainne féin, €48.5 milliún, as maoin thionsclaíoch a dhíol, as cíos ar mhaoin, aisíoc deontas, cumas teileachumarsáide a dhíol agus a chur ar cíos agus roinnt bheag ioncain infheistíochta.

Ó thaobh raon agus caighdeán na n-infheistíochtaí nua, forbairt acmhainneacht agus cumas taighde agus cruthú post, ba í 2005 an bhliain ab fhearr ó 2000 i leith. Tháinig athrú suntasach ar chineál agus ar chaighdeán na n-infheistíochtaí le bliain anuas. Tá Éire ina suí go daingean anois ar léarscáil an domhain mar eacnamaíocht eolais agus is é an dúshlán atá ann don todhchaí ná a chinntiú go leanfar ar aghaidh ag mealladh go leor infheistíochtaí nuálaíocht-bhunaithe ardeicneolaíoch a chruthaíonn fostaíocht den chaighdeán is airde ionas go mbeidh ár n-eacnamaíocht in ann leanúint ar aghaidh ag fás.

Bhí glanardú 4,296 post buan (nó 3%) ann i 2005 i rith na bliana i gcuideachtaí a fhaigheann cúnamh ó GFT. Tháinig méadú 1,500 ar fhostaíocht san earnáil déantúsaíochta, rud a dhearbhaíonn chomh tábhachtach is atá an déantúsaíocht i gcónaí in Éirinn. Bhí cáilíochtaí tríú leibhéal ag teastáil le haghaidh os cionn 50% de na poist a cruthaíodh i ngach earnáil, ó TF, seirbhísí airgeadais, agus dearadh gréasáin go hinnealtóirí bogearraí, bith-theicneolaíche agus fisicithe. Thacaigh GFT Éireann le timpeall is 50 tionscadal infheistíochta T&F ina raibh infheistíocht iomlán gnó de níos mó ná €260m – curiarracht ó thaobh líon agus luach de, agus ardú 85% i luach ó 2004. Rinne an rialtas faomhadh ar mhaoiniú GFT Éireann chun Institiúid Náisiúnta Bithphróiseála, Taighde agus Oiliúna (NIBRT) a bhunú. Roghnaigh cuideachtaí ilnáisiúnta ionaid réigiúnacha lasmuigh de Bhaile Átha Cliath i 46 de 71 infheistíocht, rud a léiríonn tiomantas an GFT don chothromaíocht réigiúnach.

Fiontraíocht Éireann

Íocadh €92 milliún san iomlán le Fiontraíocht Éireann ón Státchiste le haghaidh a chostais pá, riaracháin agus cothabhála. Chaith Fiontraíocht Éireann €66 milliún chun tacú le forbairt fiontar, agus gineadh timpeall €20 milliún de seo as ioncam acmhainní na gníomhaireachta féin – cíosanna monarchana/oifige, aisíoc deontais, díol infheistíochtaí srl.

D'aontaigh an Roinn roinnt scéimeanna le Fiontraíocht Éireann i 2005 mar thacaíocht do straitéis na

Gníomhaireachta, síneadh ar Scéim na nIonad Fiontar Pobail, scéim phiólótach chun Acmhainneacht Díolacháin a mhéadú agus scéim a thacaíonn le forbairt Líonraí Tionscal-threoraithe ina measc. D'éascaigh an Roinn athruithe eagrúcháin laistigh de Fhiontraíocht Éireann chomh maith, chun cabhrú leis a mhisean a bhaint amach, m.sh. clár scoir deonach a cheadaigh earcaíocht scileanna nua.

An tAcht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) 2005

Tugadh an tAcht isteach chun leas an Stáit a chosaint mar gheall ar fhadhb a tháinig chun cinn do na gníomhaireachtaí forbartha tionscail, GFT Éireann, Forbairt na Sionainne agus Údarás na Gaeltachta.

Is é cuspóir na reachtaíochta ná a chinntiú nach mbainfí de chumas na ngníomhaireachtaí na gníomhaíochtaí ina n-eastáit tionscail a stiúradh, nach n-úsáidfí sócmhainní an le haghaidh cuspóirí seachas iad siúd atá i mandáideanna forbartha tionscal na ngníomhaireachtaí, agus chun cumas na ngníomhaireachtaí cúnaint agus riachtanais eile a fheidhmiú de réir a sainchúram agus chun iad a chur chun cinn.

Féachfaimid leis na torthaí is fearr agus is féidir a fháil as Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa trí mhonatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú airgeadais agus fisiceach Chlár Oibriúcháin na hEarnála Táirgiúla.

Is í an Roinn an tÚdarás Bainistíochta do CO na hEarnála Táirgiúla, a chuireann infheistíocht €4.5 billiún ar fáil i réimsí a chlúdaíonn Taighde, Forbairt Theicneolaíoch agus Nuálaíocht, chomh maith le hInfheistíocht Dhúchasach agus Choigríche. Déantar monatóireacht agus bainistiú an chlár i rith na bliana ar fad, agus bíonn cruinniú ag an gCoiste Monatóireachta faoi dhó sa bhliain.

Ghlac Coimisiún an AE go foirmálta le Tuarascáil Feidhmithe Bhliantúil an Choiste Mhonatóireachta 2004 i Meán Fómhair 2005. Mar is gá faoi rialacháin AE, rinneadh Measúnú Nuashonraithe ar ghnéithe comh-mhaoinithe AE an chlár i rith 2005. Thug an tuarascáil dá aire go raibh an caiteachas ar réigiún BMW faoi bhun na spriocanna, ach dúirt go bhfuil an dul chun cinn fisiceach níos cóngaraí don sprioc.

Ag cruinniú Choiste Mhonatóireachta an Earraigh, d'aontaigh an Coiste Monatóireachta go ndéanfaí timpeall is €102 milliún a ath-thiomnú ón gclár. Bhí timpeall €30 milliún de chúnamh AE (€28 m as Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus €2m ón Ionstraim Airgeadais um Threoir lascaigh), chomh maith le maoiniú gaolmhar

Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht & Fás

príobháideach agus maoiniú ón rialtas náisiúnta san áireamh. Aistríodh na cistí seo chuig na Cláir Oibriúcháin Réigiúnacha, le cinntiú nach gcaillfí Éirinn. Bogadh formhór an mhaoinithe as beart Tionscal TFTN réigiún an BMW, mar gur léir nach mbeadh an réigiún in ann an caiteachas beartaithe a ghlacadh, mar gheall ar dhlús coibhneasta íseal na tionsclaíochta agus na n-institiúidí tríú leibhéal sa réigiún.

Féachfaimid le rannpháirtíocht ghníomhach na hÉireann a chinntiú sa Chlár Ilbhliantúil Fiontar agus Fiontraíochta 2001-2005 agus ina chomharba.

Is plean creatlaí gníomhaíochtaí é an Clár Ilbhliantúil Fiontar agus Fiontraíochta (MPEE) 2001-2005 a bhfuil na haidhmeanna seo a leanas aige:

- ▶ fás agus iomaíochas gnó a fheabhsú in eacnamaíocht eolasbhunaithe idirnáisiúnaithe;
- ▶ fiontraíocht a chothú;
- ▶ an creatlach riaracháin agus rialacháin a shimpliú do lucht gnó ionas go mbeidh rath ar nuálaíocht agus ar chruthú gnóthaí go háirithe;
- ▶ an timpeallacht airgeadais a fheabhsú do lucht gnó, go háirithe Fiontair Bheaga agus Mheánacha;
- ▶ Go mbeadh fáil níos éasca ag gnóthaí ar sheirbhísí tacaíochta, ar chláir agus ar líonraí Pobail agus feabhas a chur ar an gcomhordú ar na háiseanna sin.

Bhí an Roinn gníomhach i rith na bliana ar Choiste Monatóireachta an Chláir Fiontar a dhéanann bainistiú ar MPEE 2001-2005 agus thacaigh sí le síneadh an chláir go 2006. Rinne an Coiste faomhadh ar chlár oibre leis na tionscadail chun Cleachtas is Fearr a chothú. Ina measc bhí:

- ▶ Nósanna imeachta simplithe do fhiontair bheaga agus mheánacha maidir le comhlíonadh ceangaltais chánach Sainghrúpa ar Ilionaid Tacaíochta Gnó
- ▶ Iarmhairtí na Teipe sa Ghnó agus Modhanna Luathrabhaidh
- ▶ Tagarmharcáil a dhéanamh ar thacaíocht réigiúnach agus náisiúnta do fhiontair bheaga agus mheánacha maidir le Maoin Intleachtúil
- ▶ Freagracht Shóisialta Chorporáideach i measc FBM a mhórsruthú
- ▶ Cumhdach sóisialta do Fhiontraíthe nua

D'eagraigh an Roinn rannpháirtíocht na hÉireann sna tionscadail seo chomh maith.

Úsáid TFC ag Fiontair Bheaga agus Mheánacha

Cuspóir

Úsáid níos mó agus níos éifeachtaí TFC i measc FBM a spreagadh i ngach earnáil

Bearta Straitéiseacha

I rith thréimhse na straitéise seo, cuirfimid an straitéis ríomh-Ghnó a sheol an Roinn i mí na Nollag 2004, i bhfeidhm go céimneach. Beidh maoirseacht á dhéanamh ag Grúpa Oibre tras-Rannógach/trasghníomhaireachta ar fheidhmiú an chláir oibre seo.

Seoladh ar Straitéis Ríomhghnó Náisiúnta ar an 30 Nollaig 2004. Tá sraith moltaí sa Straitéis chun cabhrú constaici a réiteach a bhaineann le húsáid níos éifeachtaí TFC ag fiontair bheaga agus mheánacha agus ag micrifhiontair agus chun úsáid optamach TFC ag fiontair bheaga agus mheánacha agus ag micrifhiontair a spreagadh. Cuireadh Grúpa Oibre IdirRannach/Idirghníomhaireachta ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na moltaí seo agus tá dul chun cinn nach beag déanta go dtí seo. Cuirfear tuarascáil ar dhul chun cinn fheidhmiú na straitéise ar fáil faoi dheireadh mhí Márta, 2004, agus cuirfear an straitéis chun cinn a thuilleadh le linn 2006.

Forbairt Réigiúnach & Gníomhaireachtaí Forbartha

Cuspóir

A chinntiú go ndéanfaidh straitéisí na ngníomhaireachtaí forbartha a gcion go soiléir infhíoraithe ar son fhorbairt chothrom na réigiún.

Bearta Straitéiseacha

Cuirfimid de cheangal ar na gníomhaireachtaí forbartha fiontar athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar a straitéisí forbartha réigiúnacha agus beimid ag obair leis na gníomhaireachtaí chun dul i ngleic leis na torthaí a eascraíonn as na hathbhreithnithe.

Chuir Fiontraíocht Éireann dréacht-athbhreithniú dá Straitéis Réigiúnach i gcrích agus cuireadh é faoi bhráid na Roinne go luath i 2006. Chomh maith leis sin, i 2005, bhí an Roinn ag obair le Fiontraíocht Éireann chun straitéisí soiléir chomhlánaithe réigiúnach a fhorbairt. Breathnóidh

Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht & Fás

an Roinn an dréacht-straitéis, ag cur tosaíocht na Straitéise Náisiúnta Spásúlachta (SSN) agus aon chúinsí a d'fhéadfadh eascairt as comhthéacs an phlean náisiúnta forbartha nua san áireamh, i rith 2006.

Rinne GFT Éireann athbhreithniú bunúsach ar a straitéis fhoriomlán le linn 2005. Níl aon athrú mór déanta ar straitéis réigiúnach na heagraíochta mar gheall ar an athbhreithniú straitéiseach, ach moladh go ndéanfaí roinnt athruithe suntasacha ar struchtúr na heagraíochta, agus mar thoradh air sin tá clár oibre don fhorbairt réigiúnach i gcroílár mhisean an GFT agus cuireann sé cuspóirí beartais an Rialtais in iúl tríd an SSN agus prionsabail an chothromais agus na héifeachtachta.

De réir mhandáid nua Fhorbairt na Sionainne, cuirfidh an Chuideachta níos mó béime feasta ar an bhforbairt eacnamaíoch réigiúnach ina théarmaí tagartha, le béim ar leith ar riachtanais na gceantar is tearcfhorbartha i réigiún an Iarthair Láir. Beidh Forbairt na Sionainne ag obair go dlúth i gcónaí le GFT Éireann agus le Fiontraíocht Éireann trí réitigh maoine tionsclaíocha a sholáthar do thionscail as Éirinn agus na tionscail choigríche ar fud an réigiúin.

Infheistiú i dTaighe & Forbairt a Chothú

Cuspóir

Beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun na spriocanna a bhaint amach a bhaineann le hEacnamaíocht Eolais na hÉireann a Thógáil – Plean Gníomhaíochta na hÉireann chun Infheistiú i T&F a Chothú go dtí 2010. An sprioc fhoriomlán ná go dtiocfadh méadú chuig 2.5% den OTN faoi 2010 ar an ollchaitheas ar T&F toisc feabhas a theacht ar fheidhmíocht sa ghnó, san ardoideachas agus san earnáil phoiblí T&F.

Beart Straitéiseach

Forbairt a dhéanamh agus úsáid a bhaint as na struchtúir agus as na meicníochtaí chun comhordú agus cur i bhfeidhm a dhéanamh ar an mbeartas náisiúnta d'Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht in Éirinn.

Comhordú agus Rialachas don ETN Tháinig an Córas nua Comhordaithe agus Rialachais don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus don Nuálaíocht (ETN) a chinn an Rialtas i Meitheamh 2004, i bhfeidhm le linn 2005. Chinntigh an creatlach straitéiseach seo go mbeadh sineirgíocht,

comhleanúnachas agus comhordú beartais níos struchtúrtha sa timpeallacht chasta seo atá de shíor ag athrú. I measc na socruithe nua struchtúrtha tá Fochoiste Dilsithe Comh-aireachta, le tacaíocht ó Choiste Idir-rannach d'oifigigh sinsearacha, agus an Roinn seo ina Chathaoirleach orthu araon. Bhí cruinnithe ag Fochoiste na Comh-aireachta i mí Feabhra agus i mí Meithimh 2005 faoi Chathaoirleacht an Aire, Mícheál Martin, agus tháinig an Coiste Idir-rannach le chéile go rialta i rith na bliana.

Bunaíodh Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta agus d'aontaigh an Fochoiste Comh-aireachta clár oibre na chéad bhliana i mí Feabhra 2005. Rinneadh anailís ar láidreachtaí, laigí, deiseanna agus bagairtí na hÉireann mar Eacnamaíocht Eolais, agus cuireadh i gcrích é i mí Márta 2005. (Bhí folúntas ann i mí na Samhna 2005, nuair a d'éirigh an Príomhchomhairleoir Eolaíochta as a phost). Tháinig Comhairle Chomhairleach Eolaíochta in áit Chomhairle Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta (ICSTI) na hÉireann mar fhóram comhairleach do pháirtithe leasmhara i mí Bealtaine 2005, le beirt chomhaltaí déag, agus thosaigh sé ar a chláir oibre tosaigh a fhorbairt i gcomhar leis an gCoiste Idir-rannach.

Leagtar fis amach d'Éirinn san fhoilseachán 'Building Ireland's Knowledge Economy – Investment in R&D to 2010' mar thír "a mbeadh cáil idirnáisiúnta uirthi toisc feabhas a cuid taighde agus í ar thús cadhnaíochta i nginiúint agus in úsáid eolais nua don fhorás eacnamaíoch agus sóisialta, i gcultúr atá tiomáinte ag an nuálaíocht." Chun an fhís seo a bhaint amach, go 2010 agus uaidh sin amach, agus chun oibriú i dtreo na spriocanna uailmhianacha seo, tá gá le cur chuige straitéiseach uile-rialtais. I mí Feabhra 2005, chuir Fochoiste na Comh-aireachta um ETN de chúram ar an gCoiste Idir-rannach Straitéis ETN go 2013 a chruthú agus ba chuid thábhachtach de chláir oibre an Choiste Idir-rannaigh é seo i 2005, agus 2006 chomh maith.

Beimid ag obair i gcomhar le Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann chun athbhreithniú, agus leasú mar is gá, a dhéanamh ar chláir Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann atá dírithe ar acmhainneacht T&F a glicant-chuideachtaí a neartú, comhoibriú T&F a fhorbairt i measc na gcuideachtaí seo agus idir na cuideachtaí agus comhlachtaí T&F na n-earnálacha ardléinn agus poiblí, agus an taighde a eascraíonn as na foinsí seo a thráchtáil.

Cuireadh i gcrích Athbhreithniú ar Scéimeanna Caiteachais T&F Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann, a tosaíodh faoi phróiseas Athbhreithnithe ar Chaiteachais na Roinne Airgeadais i 2005, go luath i 2006. Tá an t-athbhreithniú bunaithe den chuid is mó ar thrí mheasúnú neamhspleácha a rinneadh faoi choimirce Forfás maidir le scéimeanna éagsúla deontais a thugann tacaíocht do

Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht & Fás

ghnólachtaí, chomh maith le scéim dheontais a dhéanann maoiniú ar chomhoibriú taighde idir tionscail agus na hinstiúidí taighde.

Tá cuid de na moltaí a d'eascair as an athbhreithniú seo agus as tuarascáil an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta curtha i bhfeidhm cheana féin. Tá bearta glactha chun na cláir chun líonraí comhoibrítheacha a thógáil idir ghnólachtaí, coláistí agus instiúidí a nuashonrú. Tá fócas níos láidre ar scéimeanna chun torthaí an taighde a fuair maoiniú poiblí a thráchtáil. Tá atheagar forleiththeadach curtha ar Chláir Ardteicneolaíochta Fhiontraíochta Éireann agus tá na hoibríochtaí dírithe anois ar thaighde a dhéanamh sna coláistí tríú leibhéal agus sna heagraíochtaí taighde seachas é a bheith déanta ag foireann a bheadh fostaithe ag FE.

Faoi cheannteideal an Chomhoibríthe, tá Comhpháirtíocht Nuálaíochta FE, a thugann tacaíocht do thionscadail taighde a dhéantar i gcomhpháirt idir comhlacht taighde agus gnó aonair, méadaithe ag scéim Líonraí tionscailthreoraithe a dhéanann coimisiúnú ar thaighde i gcomhlachtaí taighde ar bhonn cláir oibre atá forbartha ag ionadaithe Tionscail. Tá tús curtha le scéim um Fheabhsú Taighde Fheidhmigh chun acmhainn taighde na hInstiúidí Teicneolaíochta a neartú. Tá na Tionscnaimh Líonraithe a cuireadh ar bun chun obair taighde na gcoláistí éagsúla a nascadh neartaithe.

Tá sé tábhachtach nach bhfanadh an taighde comhoibrítheach idir tionscail agus lucht léinn ina thaighde foilsithe amháin ach go gcuirtear ar aghaidh é chuig céimeanna na forbartha agus na táirgeachta ar tháirgí. Cuireadh go mór le neart agus líon na mbearta chun é seo a bhaint amach i 2005. Tá Cód Cleachtais náisiúnta i bhfeidhm ar thráchtáil ar mhaoin intleachtúil a bhraitheann 100% ar mhaoiniú poiblí, agus foilsíodh Cód Cleachtais eile i 2005 ar thráchtáil ar mhaoin intleachta ag eascair as taighde atá maoinithe i bpáirt ag na hearnálacha poiblí agus príobháideacha. Caitheann FE timpeall is €1.2m sa bhliain anois ar a Chiste Maoine Intleachta chun cabhrú le lucht léinn agus le cuideachtaí cearta maoine intleachta a fháil agus a chosaint. Tá Ciste um Thráchtáil forbartha ag FE (le buiséad €21.04m i 2005) chun tacú leinn a dtaighde a chur i dtreo an tráchtálaithe. Tá clár chun Ilionad Tacaíochta Gnó a thógáil i ngach Instiúid Teicneolaíochta mar lárionad do chuideachtaí beaga atá gníomhach i dtaighde, iad siúd atá bunaithe ar thaighde san Instiúid atá i gceist, ag teacht chun críche.

Tabharfar faoi mholtaí eile a eascraíonn as na measúnuithe agus ó thuarascáil an Ghrúpa Straitéise Fiontraíochta sa Straitéis ETN atá ag teacht go luath. Beidh bearta i gceist go háirithe chun scéimeanna faoi dheontais i leith T&F a

dhéanann ghnólachtaí a neartú, oifigí idirbheartaíochta/tráchtálaithe na gcoláistí tríú leibhéal a neartú, agus Ionaid Inniúlachta a fhorbairt.

Déanfaimid maoirseacht agus measúnú ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus acmhainn móra á úsáid aici chun acmhainn taighde agus feabhais a thógáil mar dhúshraith don iomaíochas sa todhchaí.

Bunaíodh Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) i 2000 agus é d'aidhm fhadtéarmach aici mais chriticiúil ardfheiceálach d'ardchaighdeán domhanda a chruthú i réimsí straitéiseacha a bhaineann le forbairt eacnamaíoch, go háirithe sa Bhith-theicneolaíocht agus sna Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide.

Chun an misean seo a chomhlíonadh bronnann SFI deontais de réir athbhreithnithe piaraí idirnáisiúnta ar mholtaí ó lucht taighde. Rinne SFI maoiniú ar 394 dámhachtain i 2005 – os cionn €121.7 milliún – ar 18 instiúid tríú leibhéal ar fud na tíre. Faoi dheireadh 2005, bhí eann taighde, ionad agus taighdeoir ar cuairt, atá i mbun an eolais a chruthú agus na fionnachtana a thiomáint a bheidh mar dhúshraith don iomaíocht i dtionscail rithábhachtacha.

D'iarr an Roinn ar Forfás measúnú seachtrach a dhéanamh ar SFI i 2005 agus rinne painéal measúnaithe d'eolaithe agus d'innealtóirí ardchéimíúla idirnáisiúnta an obair seo faoi chathaoirleacht an Ollaimh Richard Brook, Stiúrthóir ar an Leverhulme Trust i Londain.

Seoladh an Tuarascáil Mheasúnaithe seo – “Science Foundation Ireland – The First Years 2001-2005” i mí na Nollag 2005. Cé go léiríonn an Painéal sa tuarascáil go bhfuil sé róluath i saol SFI chun tionchar fadtéarmach cultúrtha agus eacnamaíochta an taighde a dtugann sé tacaíocht dó a mheas, ar an iomlán tacaíonn sé le bunú agus treoir straitéiseach SFI. Ba é barúil an Phainéil gur fórsa dearfach tiomána é SFI chun córas taighde na hÉireann a athrú le blianta beaga anuas agus go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta chun acmhainn den scoth a fhorbairt sa bhith-theicneolaíocht agus i TFC in achar gearr. Is dearbhú láidir í an tuarascáil ar an ngá atá le SFI agus ar an gcion atá déanta aici, agus atá á dhéanamh i gcónaí aici, chun ár gcóras náisiúnta taighde, atá chomh bunúsach don eacnamaíocht eolais atá mar uailmhian againn, a neartú.

Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht & Fás

Feabhsóimid leibhéal feasachta na hóige, agus an phobail i gcoitinne, faoin eolaíocht, tríd an gclár feasachta a bunaíodh le gairid, Discover Science & Engineering, agus déanfar monatóireacht ar dhul chun cinn Exploration Station, an t-ionad idirghníomhach eolaíochta agus foghlama atá le hoscailt i 2006, agus tabharfar tacaíocht dó.

Clár Feasachta Discover Science & Engineering

Is clár comhtháite feasachta é Discover Science a& Engineering (DSE) chun feasacht an phobail faoin eolaíocht a chur chun cinn agus daoine a mhealladh chun na heolaíochta. Tá an clár ag díriú go sonrach ar dheireadh a chur leis an titim i líon na ndaltaí a roghnaíonn ábhair eolaíochta ag an dara agus an tríú leibhéal, claonadh a mbeidh tionchar mór aige ar chumas na hÉireann chun an t-aistriú go heacnamaíocht eolais a dhéanamh mura n-athraíonn an scéal.

Tá an clár á bhainistiú ag Forfás thar ceann na hOifige Eolaíochta agus Teicneolaíochta. Rinneadh é a fhorbairt i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, FÁS agus Institiúid Innealtóirí na hÉireann i gcomhairle le mórán grúpaí atá ag plé le cothú na heolaíochta ar fud na tíre. Bhí cionroinnt buiséid €2.5 milliún ag an gclár do 2005, agus €0.5m de sin á leithdháileadh mar bhreis go sonrach do Discover Primary Science sna bunscoileanna. Is iad seo leanas mórtograí 2005:

I. Seachtain 'Discover Science' Eagraíodh an tSeachtain Discover Science and Engineering ba rathúla a bhí riamh in Éirinn i mí na Samhna 2005, le os cionn 350 taispeántas agus tionscadal ar fud na tíre.

II. Discover Primary Science

Leathnaíodh an clár 'Discover Primary Science' le go gcuimseofaí os cionn 560 scoil ar fud na tíre agus timpeall 16,000 dalta. Is é aidhm an chláir seo níos mó spéise a mhúscaillt agus dá réir sin daltaí bunscoile a spreagadh i dtreo gairmeacha san eolaíocht, agus tá sé i gceist go mbeadh gach scoil páirteach ann faoi dheireadh 2007.

III. Sraith Teilifíse 'Scope'

Craoladh an dara sraith den chlár teilifíse, Scope, ar éirigh thar barr leis go dtí seo agus atá dírithe ar dhaoine idir 15-19 bliain d'aois, i 2005 agus tá an tríú sraith beartaithe do 2006.

IV. STAR

Reáchtáladh an clár STAR (Secondary Teacher Assistant Researchers) arís i 2005 i gcomhar le Cumann Múinteoirí Eolaíochta na hÉireann (ISTA), an Roinn seo agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, chun cabhrú le múinteoirí a spéis san eolaíocht mar thaighdeoirí a athnuachan agus múineadh na heolaíochta sa chóras oideachais a fheabhsú.

V. Exploration Station

I mí na Nollag 2003 d'fhógair an Tánaiste go raibh Ionad Idirghníomhach Foghlama – *Exploration Station* – le lonnú i nGeata Heuston, faoi réir na ngnáthchoinníollacha pleanála. Tá dlúthbhaint ag taispeántais agus clár an ionaid leis an gcuraclam náisiúnta agus tá stiúrthóir DSE ceaptha ar an mBord. Déanfaidh Irish Children's Museum Ltd, cuideachta neamhbhrabaigh a bunaíodh chun áis idirghníomhach eolaíochta den scoth a fhorbairt, an t-ionad a dhearadh agus a rith. Leanadh ar aghaidh leis na hullmhúcháin chun Exploration Station a sheoladh i 2005.

VI. Urraíocht

Ar na tionscnaimh eile a bhí ar bun ag DSE bhí clár uailmhianach urraíochta le haghaidh gníomhaíochtaí feasachta san eolaíocht ar fud na tíre. Eagraíodh Bliain Fisice Hamilton i gcomhar le hAcadamh Ríoga na hÉireann agus tionóladh Féile Eolaíochta an British Association i gColáiste na Tríonóide i 2005, agus d'fhreastail na sluaite orthu.

Déanfaimid ár ndícheall a chinntiú go mbeidh an rannpháirtíocht agus an tarraingt anuas is mó agus is féidir sa Séú Clár Creatlaí reatha (FP6) 2002-2006 agus go léireofar ár dtosaíochtaí i ndearadh an tSeachtú Clár Creatlaí a bheidh i bhfeidhm ó 2007 ar aghaidh.

Clúdaíonn an Séú Clár Creatlaí (FP6) an tréimhse ceithre bliana 2003 go 2006, le béim ar spriocanna Lisbon agus Barcelona – Limistéar Taighde Eorpach a chruthú - agus ar iarrachtaí taighde an AE a mhéadú go 3% de OTI an AE. D'éirigh le taighdeoirí agus le hinstiúidí Éireannacha timpeall €160 milliún a aimsiú do na moltaí a bhí faofa go dtí mí Eanáir 2006. Le bliain amháin fágtha den chlár, is mó é seo ná an tarraingt anuas iomlán as an gCúigiú Clár Creatlaí (FP5) – (€148 m).

Gallán 1 – Fiontar, Nuálaíocht & Fás

Tá struchtúr tacaíochta cuimsitheach náisiúnta curtha ar bun ag an Roinn chun eolas agus tacaíocht a thabhairt do rannpháirtithe FP6. Sa chomhthéacs seo, iarrachtaí á dtreisiú chun rannpháirtíocht níos mó ó thionscail a spreagadh sa Chlár Creatlaí seo agus sa chéad cheann eile.

Bhí baint ag Éirinn le dearadh an tSeachtú Cláir Creatlaí ó thús (FP7 2007-2013). Is é ár n-aidhm fhoriomlán san idirbheartaíocht ná a chinntiú go n-éascóidh na tosaíochtaí a mhaoineofar faoin gClár, agus na rialacha rannpháirtíochta, uasleibhéil rannpháirtíochta na hÉireann sa Chlár. Go ginearálta, bhíomar sásta go raibh cuid mhaith de na tosaíochtaí a chuir Éire chun cinn sa pháipéar ar sheasamh na hÉireann á léiriú i moladh an Choimisiúin in Aibreán 2005. Chuir Éire páipéir isteach chomh maith ag tacú le níos mó páirtíochta ó thionscail agus go háirithe ó earnáil na bhFiontar Beag agus Meánach, agus ar réimsí téamacha atá le maoiniú faoin gClár, atá le tosú i 2007.

Beidh tionscnaimh á lorg againn chun cúnamh a sholáthar do thaighdeoirí a thaistealaíonn timpeall agus chun nósanna imeachta gasta a thabhairt isteach a fheabhsóidh coinníollacha iontrála do thaighdeoirí tríú tíre (as lasmuigh de Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa) agus a dteaghlai.

Aithnítear gur tosaíocht d'Éirinn é baic ar shoghluaisteacht taighdeoirí a bhaint amach. Rinneadh tuilleadh forbartha ar ionad soghluaisteachta agus ar thairseach soghluaisteachta na hÉireann i rith na bliana agus cuireann sé ionad ilfhreastail ar fáil do thaighdeoirí atá ag iarraidh a ngairm a chur chun cinn trí bhogadh go hÉirinn, nó amach aisti. Cuireann an tIonad Soghluaisteachta agus an Tairseach, a mhaoineofar ag an AE, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Cumann Ollscoileanna Éireann, cúnamh ar fáil do thaighdeoirí a dteastaíonn gairmeacha léinn nó tionsclaíochta araon uathu.

Sa míonna deireanacha de 2005, bhí an Roinn ag obair go dlúth leis an Roinn Dí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dí agus leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar na socrúithe chun Treoir AE, agus na moltaí a ghabh leis maidir le coinníollacha iontrála do thaighdeoirí tríú tíre agus a dteaghlai, a fheidhmiú.

Ón 31 Eanáir 2006, tá socrú mear do cheadanna oibre leathnaithe amach chuig gach taighdeoir in eagraíochtaí atá gníomhach i dtaighde (chucu siúd atá foilsithe i dtionscail chomh maith) a fhaigheann tacaíocht trí mhaoiniú poiblí – náisiúnta, AE nó idirnáisiúnta.

Déanfaimid beartas a mheasúnú, a fhorbairt agus a fheidhmiú maidir le rannpháirtíocht na hÉireann san Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht spáis, i gcomhthéacs ár mballraíochta i nGníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA), agus na naisc atá ag fás idir an tAontas Eorpach agus ESA.

Tá Éire ina ball de Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa (ESA) ó 1980. Is í an straitéis reatha atá ag Éirinn maidir le ESA ná tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nuálaíochta Éireannacha ina rannpháirtíocht i gClár ESA mar seo leanas:

- ▶ Tacaíocht do thaighde agus forbairt intí agus do mhaoin ghaolmhar intleachta i gcuideachtaí Éireannacha;
- ▶ Rannpháirtíocht san ESA a úsáid chun cuideachtaí Éireannacha a lonnú i margaí domhanda spáis agus aeraspáis;
- ▶ Nuálaíocht teicneolaíochta agus aistriú teicneolaíochta go margaí neamhspáis a chothú;
- ▶ Tacaíocht do thaighde atá bainteach le tionsclaíocht san earnáil 3ú leibhéal.

Tháinig bonn tionsclaíoch na hÉireann chun cinn i gClár ESA i gcomhréir le cumais tionsclaíochta na hÉireann, agus tá conarthaí ESA faighte ag 60 cuideachta Éireannach go dtí seo. Meastar gur fiú €20 milliún sa bhliain an gnó seachthairbhe a eascraíonn go díreach as teicneolaíochtaí ESA de réir meastachán i 2005, agus tá an tsuim sin ag fás i gcónaí. Tá rannpháirtíocht ghníomhach ag naoi bhfoireann ollscoile i gClár ESA i raon réimsí eolaíochtaí ar nós eolaíochtaí saoil, comhábhair ardforbartha agus réaltfhisic

Bhí dhá chruinniú de chuid Chomhairle na nAirí ann sa dara leath de 2005 a raibh an Spás ina mhír lárnach den chlár oibre. Ag na Comhairlí Spáis dhearbhaigh an tAire go mbeadh Éire ag glacadh ballraíochta sa Chlár Imchluáigh um Bhreathnadóireacht an Domhain (EOEP) i 2008, agus i gClár Ullmhúchán Láinseálaithe na Todhchaí (FLPP). Dhearbhaigh Éire chomh maith go mbeadh a ranníocaíocht chuig Clár Ginearálta ESA um Thacaíocht don Teicneolaíocht (GSTP), le "Newpro" agus clár na nEolaíochtaí Fisiciúla (ELIPS) san áireamh, á méadú aici. Tá na gealltanais airgeadais seo i gcomhréir le cur chuige Straitéiseach na hÉireann maidir le ballraíocht in ESA.

Maoin Intleachta

Cuspóir

A chinntiú go léiríonn ár gcreatlach reachtúil maidir le maoin intleachta na forbairtí sa chleachtas maoin intleachta agus na dualgais a eascraíonn as comhaontuithe AE agus idirnáisiúnta.

Beart Straitéiseach

Aithnímid tábhacht chreatlach nua-aimseartha maoin intleachta mar fhoinsé don bhuntáiste iomaíochais, agus cinnteimid dá réir sin go mbeidh reachtaíocht maoin intleachta suas chun dáta agus ag teacht lenár n-oibleagáidí idirnáisiúnta.

Léiríodh tiomantas na Roinne i leith reachtaíocht maoin intleachta na hÉireann a choinneáil ar aonchéim le scoth na reachtaíochta idirnáisiúnta i leathnú agus in athghníomhú Bhille na bPaitinní (Leasú), agus sa tús a cuireadh le dréachtú an Bhille um Maoin Intleachtúil (Forálacha Ilghnéitheacha).

Ullmhóidh Bille na bPaitinní (leasú) an tsli d'Éirinn chun aontú le Coinbhinsiún Paitinní na hEorpa (mar atá leasaithe) agus le Conradh Dhlí na bPaitinní. Beidh forálacha áirithe de chuid Acht na bPaitinní, 1992, de réir gnéithe gaolmhara an Chomhaontaithe Trádála maidir le Maoin Intleachta (TRIP) chomh maith dá bharr. Tá sé beartaithe an reachtaíocht a achtú le linn 2006.

Déanfaidh an Bille um Maoin Intleachtúil (Forálacha Ilghnéitheacha) gnéithe de thrí Threoir ón gComhphobal Eorpach a thrasú go dlí na hÉireann: córas íocaíochta Cheart Iasachta Poiblí (PLR) d'údair a mbíonn a saothair á dtabhairt amach ar iasacht ag leabharlanna poiblí Éireannacha mar a éilíonn Treoir Cíos agus Iasachtaí an CE; córas íocaíochta Chearta Athdhíola Údair (ARR) d'ealaíontóirí a mbíonn a mbunsaothair á n-athdhíol trí mhargadh na n-ealaíon mar a éilíonn Treoir an CE um Chearta Athdhíola Ealaíontóirí; agus trasú Threoir CE um Fheidhmiú Maoin Intleachta. Tá sé i gceist an Bille seo a fhoilsiú le linn 2006 agus é a achtú faoi dheireadh na bliana.

Gallán 2 - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán

Foghlaim Fadsaoil

Cuspóir

Deis na foghlama fadsaoil a thabhairt do níos mó daoine san Fhórsa Saothair.

Beart Straitéiseach

Beimid ag plé le Ranna, le gníomhaireachtaí agus le grúpaí eile chun tionscnaimh foghlama fadsaoil a fhorbairt agus a fheidhmiú a chuirfidh deiseanna foghlama ar fáil do dhaoine san fhórsa saothair.

Lean an Roinn ar aghaidh lena hidirghabháil le heagraíochtaí eile chun tionscnaimh san fhoghlaim fadsaoil a chothú agus rinne an Roinn Oideachais agus Eolaíochta dul chun cinn leanúnach maidir le moltaí Thuarascáil an Tascfhórsa um Foghlaim Fadsaoil a chur i bhfeidhm. Ar na nithe is suntasaí a baineadh amach i 2005 bhí na harduithe móra i dtacaíocht d'oiliúint na ndaoine fostaithe - go háirithe an fógra go raibh mandáid nua 5 bliana á tabhairt do Skillnets Ltd, an chuideachta oiliúna fiontarbhunaithe, agus seoladh, i Meán Fómhair, ar an gcéad ghlaoch ar mholtaí faoi Chlár Accel le níos mó ná €9 milliún geallta do thionscadail faofa i 2005, agus seoladh thogra FÁS 'Céim amháin Suas', le buiséad bliantúil de os cionn €35 milliún, a dhéanann soláthar ar leith d'oiliúint i mbunscileanna litearthachta agus uimhearthachta.

Chomh maith leis sin, le linn 2005 chuir oifigigh sinsearach sna Ranna Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Oideachais agus Eolaíochta tús le hathbheithniú a chuirfidh bunlíne beartais ar bun agus a thacóidh le forbairt a bhaineann le foghlaim fadsaoil. Scrúdóidh sé seo freisin fearas chun tionscnaimh a fheidhmiú chun tacaíocht a thabhairt don fhoghlaim fadsaoil amach anseo.

Thosaigh an Roinn ag obair chomh maith i 2005, i gcomhar le Forfás agus FÁS, ar Straitéis Náisiúnta Scileanna a fhorbairt. Clúdóidh an Straitéis seo an tréimhse go 2020 agus tá sé le cur i gcrích faoi dheireadh 2006.

Oiliúint Inchuideachta

Cuspóir

An leibhéal páirtíochta agus infheistíochta in Oiliúint Inchuideachta a leathnú, go háirithe gníomhaíocht atá dírithe ar oibríthe a bhfuil easpa scileanna acu.

Bearta Straitéiseacha

Déanfaimid riaradh díreach ar thogra oiliúna maidir le hOiliúint Inchuideachta trí Ghlaoch Poiblí ar Mholtaí agus éascóimid feidhmiú na dtionscnaimh breise oiliúna sa réimse seo ag FÁS, ag baint úsáide as airgead Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF) agus an Chiste Náisiúnta Oiliúna (NTF).

Beimid ag obair le Ranna, le gníomhaireachtaí agus le grúpaí eile lena cinntiú go mbeidh riachtanach infhostaitheachta na n-oibríthe atá gann ar scileanna san áireamh i bhforbairt ar bheartas oiliúna, agus cinnteoidimid go mbeidh clár á bhforbairt i gcónaí ag FÁS agus Skillnets a dhíreoidh ar oibríthe atá gann ar scileanna.

Ghnóthaigh an Roinn cionroinntí móra breise i 2005 chun infheistiú in oiliúint daoine atá fostaithe. Sheol an tAire Tionscnamh "Céim Amháin Suas" FÁS le buiséad bliantúil de os cionn €35 m.

Cheadaigh an Tionscnamh Céim Amháin Suas do FÁS a dtacaí reatha oiliúna dóibh siúd atá fostaithe, nach raibh aige ach buiséad níos lúan Clár Straitéiseach Comhaontais a sheoladh. Sa chlár deireanach seo rinne FÁS infheistíocht beagnach €20m i 20 comhaontas oiliúna i 2005-2006 a rachaidh chun sochair do os cionn 19,000 oiliúnaí. Seolfaidh FÁS glaoch eile ar mholtaí i 2006 faoin tionscnamh seo.

Tá cionroinnt de €2m sa Tionscnamh chomh maith chun Ciste Bunoidreachais sa Láthair Oibre a sheoladh chun bunscileanna a fhorbairt, litearthacht agus uimhearthacht go háirithe.

Sheol an tAire Glaoch Poiblí ar Mholtaí d'Oiliúint Inchuideachta ar an 13 Deireadh Fómhair 2005. Déanann Seirbhísí Skillnets Teo. Bainistíocht ar ACCEL – Feabhsú scileanna inchuideachta, agus baineann sé le hoiliúint a dhéanann grúpaí (grúpaí fiontar san áireamh) lasmuigh den tseirbhís phoiblí. Clúdaíonn an clár nua tréimhse dhá bhliain agus tá sé maoinithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa, le réamh-mhaoiniú ón gCiste Oiliúna Náisiúnta. Tá maoiniú iomlán €16m i gceist. Gealladh os cionn €9 milliún do thionscadail faofa de bhun Ghlaoch ar Mholtaí Dheireadh Fómhair 2005.

Gallán 2 - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán

Tá tacaíocht á thabhairt ag an gClár Oiliúna Líonra – TNP – don oiliúint líonraí fiontar-bhunaithe. Skillnets Teo, cuideachta tacaíochta don oiliúint a dhéanann ionadaíocht d'fhostóirí agus d'fhostaithe i bpáirt leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, atá á sa phróiseas bhuiséid bhliantúil. Buiséad €8.5 milliún atá ann do 2006, ardú de mhíilliún ar leibhéal 2005. Tá sé de cheangal ar Skillnets 80% ar a laghad den bhuiséad a chaitheamh ar thacaíocht dhíreach do na líonraí oiliúna, chun an TNP a sholáthar. Tá an riachtanas seo á shásamh le caiteachas níos mó ná €6 mhíilliún ar thacaí díreacha do líonraí fiontar-threoraithe i 2006.

Oiliúint agus Tacaí do dhaoine faoi mhíchumas

Cuspóir

Oiliúint agus Tacaí do dhaoine faoi mhíchumas a fheabhsú

Bearta Straitéiseacha

I gcomhar le FÁS déanfaimid scéim nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go céimneach chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas glacadh le fostaíocht lánaimseartha (Scéim Tacaíochta Fostaíochta Lánaimseartha).

Sheol an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Scéim nua Fóirdheontais Pá (WSS) ar an 19 Iúil 2005 agus thosaigh FÁS á fheidhmiú ag tús Mheán Fómhair 2005.

Bhí buiséad iomlán €10 milliún ag an scéim i 2005, é comhdhéanta de €5m ón Scéim Tacaíochta Fostaíochta agus €5m eile ón gClár Píolótach chun Daoine faoi Mhíchumas a Fhostú (PEP). Tá an PEP glactha isteach sa Scéim nua.

Is é aidhm an WSS líon na ndaoine faoi mhíchumas at fostaíthe a mhéadú agus a chinntiú go bhfuil cothrom na Féinne ann, a oiread agus is féidir, dóibh siúd atá ag lorg fostaíochta nó ag iarraidh fostaíocht a choinneáil. Tugann an WSS dreasachtaí airgeadais d'fhostóirí lasmuigh den earnáil phoiblí chun daoine faoi mhíchumas a oibríonn níos mó ná 20 uair an chloig sa tseachtain a fhostú. Tá na fóirdheontais leagtha amach i dtrí shnáithe ar leith, agus is féidir le fostaíthe leas a bhaint as ceann amháin díobh nó astu go léir le chéile. Is féidir le fostaíthe incháilithe leas a bhaint as Scéim Liúntais Filleadh chun Oibre na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, a cheadaíonn dóibh céatadán dá n-íocaíocht leasa shóisialta a choinneáil, chomh maith le cárta leighis, ar feadh trí bliana. Baineann na coinníollacha céanna fostaíochta le fostaíthe ar an WSS is a bhaineann le fostaíthe eile, ina measc ÁSPC, saoire

bhliantúil, asbhaintí cánach agus an ráta reatha don phost.

Faoi dheireadh 2005 bhí 642 rannpháirteach san iomlán san WSS, a bhformhór ina rannpháirtithe ESS agus PEP, mar a bhí air roimhe sin. Tá sprioc 200 rannpháirtí nua ar an scéim leagtha síos ag FÁS do 2006.

Pléifimid forbairt Phlean Earnála don Roinn leis na príomhpháirtithe leasmhara, mar atá leagtha amach sa Bhille um Míchumas 2004.

Faoin Acht um Míchumas 2005, ní foláir Pleananna Earnála a bheidh ullmhaithe ag sé Aire Rialtais, an tAire Fiontar Trádála agus Fostaíochta ina measc, a chur faoi bhráid an Oireachtais faoi dheireadh Iúil 2006. Beidh feidhm leis na Pleananna nuair a ghlactar le rún in dhá theach an Oireachtais.

Is é príomhfhócas an Sracphlean Earnála a d'fhoilsigh an Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta, ná go gcuirfí feabhas ar an bhfáil atá ag daoine faoi mhíchumas ar dheiseanna gairmoideachais agus ar fhostaíocht, mar go gcreidtear gurb í an fhostaíocht a thairgeann an bealach is fearr dóibh chun páirt iomlán a ghlacadh i saol cultúrtha agus eacnamaíochta na tíre.

I 2005 bhí an Roinn rannpháirteach i sraith náisiúnta de chruinnithe comhairliúcháin phoiblí faoin sé Shracphlean Earnála a d'fhoilsigh na Ranna Rialtais, a d'eagraigh an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA) agus a fógraíodh sna meáin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Bhí baill den ghnáthphobal, daoine faoi mhíchumas, cúramóirí, abhcóidí, cairde teaghlaigh agus soláthraithe seirbhíse i láthair ag na cruinnithe. Ba é cuspóir na gcruinnithe seo dul i gcomhairle le grúpaí leasmhara ábhartha, eolas a sholáthar faoi na Sracphleananna Earnála, agus cuireadh a thabhairt do na grúpaí leasmhara ionchur a dhéanamh chun tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu sula gcuirfear faoi bhráid an Oireachtais iad.

Cuireadh tús i 2005 le comhairliúchán faoi fhorbairt Shracphlean Earnála na Roinne chomh maith le príomhpháirtithe leasmhara ar nós NDA, Coiste Náisiúnta Comhairleach Míchumais FÁS, agus an Grúpa Comhairleach um Reachtaíocht Mhíchumais.

Scrúdóimid an scóip atá ann chun feasacht a spreagadh i measc fostóirí maidir le daoine faoi mhíchumas a úsáid mar acmhainn sa mhargadh fostaíochta.

Leanadh le maoiniú don tacaíocht míchumais agus chun feasacht a spreagadh i 2005 trí bhuiséad FÁS chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas a thabhairt isteach san fhórsa saothair.

Gallán 2 - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán

Gaimoideachas agus Oiliúint ag leibhéal an AE

Cuspóir

Ar gcion a dhéanamh, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, chun beartas AE a fhorbairt ionas go gcinnteofaí gur mó agus gur éifeachtúla an cion a dhéanfaidh an gairmoideachas agus oiliúint do chlár oibre Lisbon.

Beart Straitéiseach

Oibreoimid chun éifeacht a thabhairt do na moltaí atá i gCommunicuÉ Maastricht 2004 maidir le Gairmoideachas agus Oiliúint.

Tacóimid le tionscnaimh chun soghluaisteacht fhórsa saothair an AE a mhéadú trí Chreatlach nua Cáilíochtaí Eorpacha a fhorbairt agus trí bhearta eile trédhearcachta agus soghluaisteachta.

Chuir Communiqué Maastricht, ar ghlac Comhairle Airí an AE leis i mí na Nollag 2004, béim ar thábhacht an nuachóirithe agus ar dhearbhu cáilíochta don ghairmoideachas agus oiliúint. Chuir sé béim chomh maith ar a thábhachtaí is atá sé na cáilíochtaí agus na hinniúlachtaí riachtanacha a thairiscint do ghrúpaí leochaileacha chun iad féin a imeascadh go hiomlán sa tsochaí eolais atá ag teacht chun cinn.

I measc na nithe suntasacha a baineadh amach i 2005 bhí:

- ▶ Dámhachtainí breise oideachais leanúnaigh a chur ar an gCreatlach Cáilíochtaí Náisiúnta.
- ▶ An obair a rinne FÁS, i gcomhar leis an gCoiste Comhairleach Náisiúnta Printíseachta, chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcóras printíseachta ionas gur éifeachtúla an freastal a dhéanfaidh sé ar riachtanais na bhfiontar agus an feabhas a dhéanfaidh sé ar scileanna oibríthe. Bhí méadú leanúnach ar líon na ndaoine a bhí á n-oiliúint mar phrintísigh – chuaigh 17,748 tríd an gcóras sa bhliain dar críoch mí na Nollag 2005.
- ▶ Arduithe móra i maoiniú oiliúna (os cionn 20%), go háirithe dóibh siúd atá fostaithe (28%).

Tacaíocht do Dhaoine Dífhostaithe

Cuspóir

Daoine dífhostaithe agus neamhghníomhacha a mhealladh isteach san fhórsa saothair agus a n-iontráil a éascú trí raon clár agus seirbhísí a sholáthar.

Bearta Straitéiseacha

Leanfar le feidhmiú na Straitéise Coiscthí trína mbeidh FÁS ag plé le daoine dífhostaithe. Breathnóimid ar mholtaí an athbhreithnithe a rinneadh ar an straitéis seo le gairid le súil le héifeachtacht an phróisis a fheabhsú.

Cuireann an Straitéis Choisctheach páirtíocht chórasach ar fáil idir foireann na Seirbhísí Fostaíochta agus daoine dífhostaithe. Dirítear ar idirghabháil luath le daoine a atreoraítear go FÁS ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar mhaithe le cabhrú lena n-imeascadh sa mhargadh saothair agus chun na scileanna riachtanacha a sholáthar dóibh mar is cuí chun gur fusa iad a fhosú.

Atreoraíodh 40,718 duine go FÁS i 2005. Cuireadh agallamh ar 28,714 díobh seo agus cuireadh 6,804 i bpoist nó ar chláir oiliúna. Níor fhreastail 9,139 duine (22%) ar agallamh. I 2004 rinneadh 52,328 a atreorú, cuireadh 35,136 faoi agallamh agus 9,718 i socrúchán. Den 7,316 duine a bhí dífhostaithe go fadtéarmach a atreoraíodh i 2005, socraíodh 1,136 i bpoist nó ar chláir, agus tá tacaíocht leanúnach á fháil ag 984 eile.

Rinneadh athbhreithniú chun luach agus éifeacht an phróisis a mheas. Ba é cuspóir an athbhreithnithe seo ná na torthaí a bhí ann do rannpháirtithe an phróisis a chinntiú ar bhealach níos sonraithe agus níos substaintiúla. Cabhróidh an t-iniúchadh ar réimse agus ar chineálacha na hoiliúna, caighdeán na fostaíochta, agus a inbhuanaitheacht dóibh siúd a chuaigh tríd an bpróiseas go dtí seo, leis an Roinn beartais a cheapadh a bheidh níos dírithe ar riachtanais na ndaoine dífhostaithe nuair atá figiúirí dífhostaíochta íseal agus an margadh fostaíochta cúng. Cuireadh tuarascáil an athbhreithnithe i gcrích i mí na Samhna 2005. Tá an tuarascáil, atá á iniúchadh ag an Roinn faoi láthair, ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.entemp.ie/labour/services/neapstrategy.htm

Gallán 2 - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán

Leanfaimid orainn ag cur raon clár fostaíochta agus oiliúna ar fáil a chabhróidh le rannpháirtithe fostaíochta a fháil.

Cuireann FÁS sraith seirbhísí ar fáil dóibh siúd atá ag lorg fostaíochta. Is iad na príomhscéimeanna fostaíochta ná Fostaíocht Phobail, Tionscnamh Post agus an Eacnamaíocht Shóisialta, a chuireann deiseanna oibre agus/nó oiliúna ar fáil i bpobail áitiúla. Bhí 25,000 áit ar fad sna scéimeanna seo i 2005. Cuireann FÁS seirbhís shocrúcháin agus gairmthreorach ar fáil agus tá rochtain féinfhreastail ann ar raon leathan d'fholúntais phost, deiseanna i mBallstáit eile san AE agus i Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa ina measc.

Leathnaigh FÁS an scéim phiolótach, Leathnú an Fhórsa Shaothair, amach i 2005, do mhná atá ag iarraidh filleadh ar an obair agus beidh an scéim ar fáil ar fud na tíre i 2006. Chomh maith le hoiliúint i scileanna ar leith a thabhairt do rannpháirtithe, tá FÁS ag iarraidh tionchar agus tacaíocht a thabhairt d'fhostóirí chun cleachtais oibre a fheabhsú ionas go mbeidh sé níos éasca do mhná filleadh ar an bhfórsa saothair agus leanúint ar aghaidh ag tabhairt oiliúna d'fhostaithe ina bpoist.

Tionóladh Fo-Ghrúpa maidir le Fostaíocht agus Oiliúint a sholáthar do bhaill den Lucht Siúil i mí Bealtaine 2005. Bhí sé de shainchúram ar an ngrúpa, a raibh an Roinn Fiontar, Trádála agus fostaíochta sa chathaoir air, Plean Fostaíochta agus Oiliúna a fhorbairt don Lucht Siúil ar mhaithe le gníomhaíocht a spreagadh sa réimse seo agus níos mó comhoibrithe a spreagadh i measc na ngníomhaireachtaí reachtúla ábhartha chun na tionscnamh a eascraíonn as an bPlean a fheidhmiú. Tháinig an Grúpa le chéile i mí Meithimh agus i mí na Samhna 2005. Ar mholadh ó Ghrúpa Gníomhaíochta Ard-Leibhéil na nOifigeach Sinsearach gur cheart do Ranna Rialtais breathnú ar shocrúcháin oibre don lucht siúil, d'aontaigh FÁS agus an Roinn Airgeadais go mbeadh cruinniú acu leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun an clár oibre seo a chur chun cinn.

Straitéis Fostaíochta Eorpach

Cuspóir

A bheith páirteach sa chéad chéim eile den Straitéis Fostaíochta Eorpach, a léireofar sa Chlár Leasaithe Náisiúnta, le béim ar leith ar chruthú na fostaíochta agus ar fhórsa saothair sciliúil inoiriúnaithe a fhorbairt.

Bearta Straitéiseacha

Déanfaimid ár gcion ag leibhéal an AE ar son obair na Comhairle Fostaíochta, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóra (ESPHCA), an Coiste Fostaíochta san áireamh, le cinntiú go léiríonn beartais an AE spriocanna agus cuspóirí na Roinne. Cuirfear Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta Fostaíochta i gcrích ar bhonn bliantúil agus cuirfear faoi bhráid Choimisiún na hEorpa iad mar chuid de shocruithe tuairiscithe Chlár Oibre Lisbon.

Tar éis athbhreithniú lár téarma a rinneadh ar Chlár Oibre Lisbon seoladh straitéis leasaithe 3 bliana, a dhíríonn ar fhás agus ar phoist, ag Comhairle na hEorpa i mí Márta 2005. Mar chuid den chur chuige nua seo d'aontaigh na Ballstáit go ndruchtófaí Clár Leasaithe Náisiúnta (CLN) a bheadh bunaithe ar Phacáiste Comhtháite Treoirilínte (comhdhéanta de threoirilínte maicreacnamaíoch, micreacnamaíoch agus fostaíochta). Agus a CLN á ndruchtú acu, dhíríonn Ballstáit ar na beartais a oireann dá riachtanais agus dá dtosca sonracha féin. Leagann CLN na hÉireann raon gníomhartha amach chun fás eacnamaíochta agus fostaíochta a bhaint amach sa tréimhse 2005-2008. Is iad na príomhcheisteanna a ndíríonn an CLN orthu ná iomaíochas, taighde agus forbairt, foghlaim fadsaoil agus níos mó post, agus poist níos fearr.

Maidir leis an margadh fostaíochta, dirítear ar dhá dhúshlán go háirithe:

- ▶ Soláthar sásúil saothair a chinntiú trí pháirtíocht níos mó san fhórsa saothair a éascú do dhaoine dífhostaithe, neamhghníomhacha agus d'inimircigh eacnamaíoch.
- ▶ Fócas láidir a choinneáil ar oideachas agus oiliúint, agus foghlaim fadsaoil san áireamh.

Cuireadh an CLN faoi bhráid Choimisiún na hEorpa i mí Dheireadh Fómhair 2005, agus bhí measúnú an Choimisiúin faoi CLN na mBallstát ar fáil sa Chéad Tuarascáil ar Dhul chun Cinn, a foilsíodh i mí Eanáir 2006. Tá an Coimisiún den tuairim go n-aithníonn an CLN, agus go bhfreagraíonn sé d'fhormhór na bpríomhdhúshlán atá ann d'Éirinn agus go bhfuil cur chuige comhtháite uailmhianach aige maidir leis na tosca atá mar dhúshraith do rathúnas eacnamaíochta na hÉireann le tamall anuas a threisiú. Tacaíonn an Coimisiún go láidir leis an mbéim atá ar bheartais chun daoine neamhghníomhacha a imeascadh sa mhargadh fostaíochta, páirtíocht na mban a mhéadú. Aithnítear Taighde agus Forbairt agus Cumhdach Pinsean mar réimsí rithabhachtacha ar gá níos mór forbartha a dhéanamh orthu.

Faoi Chlár Oibre Lisbon tá roinnt spriocanna fostaíochta socraithe ag leibhéal an AE: ráta fostaíochta foriomlán 70%; ráta fostaíochta ban 60% agus ráta fostaíochta 50% do

Gallán 2 - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán

dhaoine san aoisghrúpa 55-64. Tá dul chun cinn á dhéanamh ag Éirinn maidir leis na spricanna seo le ráta foriomlán fostaíochta 67.8%, ráta fostaíochta ban 58.4% agus ráta fostaíochta 51.2% d'oibrithe níos sine (55-64 bli. d'aois) ag deireadh 2005.

Oibrithe Oilte ó Iasmuigh de Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa

Cuspóir

Raon ionstraimí a chur i bhfeidhm mar bheartas chun earcú oibrithe oilte as Iasmuigh de Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa a éascú, nuair nach féidir na scileanna riachtanacha a shásamh trí ghnáthearcaíocht ná tríd oiliúint.

Beart Straitéiseach

Déanfaimid forálacha an Bhille um Cheadanna Fostaíochta, atá le hachtú i 2005, a fheidmiú chun réimeas Ceadanna Fostaíochta a chur ar bhonn maith reachtúil. Foilseoidimid páipéar beartais faoi riachtanais shonracha scileanna na hÉireann tar éis mhéadú an AE, agus cuirfear na gluaiseachtaí inimirce ó na Ballstáit nua san áireamh.

D'oscail Éire a margadh fostaíochta do shaoránaigh na ndéich mBallstát nua san AE ar 1 Bealtaine 2006. Ó shin i leith tá saoránaigh as 25 Ballstát an AE agus as Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa (LEE)⁹ agus as an Eilvéis saor le teacht chun oibre in Éirinn gan srian. Bíonn cead de dhíth ar dhaoine as Iasmuigh den LEE chun obair sa Stát agus ní mór dóibh cead fostaíochta a fháil. Is í an Roinn seo a riarann scéim na gceadanna.

Foilsíodh an Bille um Cheadanna Fostaíochta i mí Meithimh 2005. Tá dhá phríomhchuspóir aige:

- ▶ cuireann sé creatlach reachtúil ar bun trínar féidir beartas gníomhach bainistithe imirce eacnamaíochta a fheidmiú; agus
- ▶ cuireann sé cosaint thábhachtach áirithe ar fáil d'oibrithe imirceacha in Éirinn.
- ▶ Fógraíodh sonraí faoin mbeartas nua faoi imirce

scileanna ar an 12 Deireadh Fómhair 2005 nuair a cuireadh tús le díospóireacht dara céime an Bhille um Cheadanna Fostaíochta 2005. Cuireadh an dara céim i gcrích ar an 10 Samhain 2005. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis an gCéim Coiste¹⁰, faoi choimirce an Choiste Oireachtais ar Fhiontar agus Gnóthaí Beaga, i mí Márta 2006.

Is iad seo leanas na socruithe nua a bheidh ann, agus tairiscint poist mar ghné lárnach de:

- ▶ Cárta Glas le haghaidh gairmeacha a bhfuil ganntanas scileanna ann dóibh, le haghaidh liosta srianta de ghairmeacha sa raon tuarastail ó €30,000 go €60,000 agus liosta gairmeacha níos forleithadaí sa raon tuarastail os cionn €60,000; eiseofar Cártaí Glasa ar feadh tréimhse dhá bhliain ar dtús, agus le haghaidh cónaí buan nó fadtéarmach ina dhiaidh sin. Beifear in ann teaghligh a athaontú láithreach agus beidh cead ag céilí obair a fháil.
- ▶ scéim aistrithe inchuideachta le haghaidh aistrithe sealadacha trasnáisiúnta bainistíochta;
- ▶ ní cheadófar ceadanna fostaíochta d'earnála eile ach do liosta cáilithe gairmeacha inar féidir a thaispeáint, nuair atá diantástáil déanta ar an margadh fostaíochta, nach bhfuil fostaithe oiriúnacha ar fáil laistigh den LEE.

Tugann an Bille cosaint thábhachtach nua isteach d'oibrithe neamh-LEE:

- ▶ tugtar cead d'oibrithe (seachas fostóirí amháin) iarratas a dhéanamh ar Chárta Glas agus ar cheadanna fostaíochta mar is cuí;
- ▶ déantar soláthar do cheadú cártaí agus ceadanna d'oibrithe seachas do na fostóirí;
- ▶ tugtar eolas faoin gceart atá ag daoine post a athrú agus faoin íosphá cuí san fhaisnéis atá leis an gcead fostaíochta;
- ▶ tugtar isteach cosaint in aghaidh fostóirí a bhaineann costais earcaíochta as pá agus a choimeádann cáipéisí pearsanta na n-oibrithe.

Foilsíodh tuarascáil an tSainghrúpa um Riachtanais Scileanna na Todhchaí/Forfás, dar teideal "Skills Need in the Irish Economy: The Role of Migration", ar an 27 Deireadh Fómhair 2005. Ainmníonn an tuarascáil seo, a rinne an Grúpa ar iarratas na Roinne seo, na réimsí ina bhfuil easnaimh scileanna iontu ar fud na heacnamaíochta.

9 An AE móide an Iorua, An Íoslainn agus Lichtinstéin.

10 Scrúdú líne ar líne den Bhille

Gallán 2 - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán



Micheál Martin, T.D., Minister for Enterprise, Trade & Employment and Mr Dermot Mulligan, Assistant Secretary, Labour Force Development Division at the launch of the Employment Permits Bill

Aithníodh an t-éileamh ar scileanna a sháraíonn an soláthar reatha áitiúil agus ina mbeidh gá le hinimirce tríú tíre chun na bearnaí a líonadh, i ngairmeacha sna hearnála seo leanas: tógáil, airgeadas, innealtóireacht, teicneolaíocht faisnéise, cógaisíocht, cúram sláinte, iompar, díolachán, agus lónadóireacht.

Déanann an tuarascáil mionscrúdú ar acmhainneacht na dtíortha LEE chun éilimh scileanna na hÉireann a shásamh agus is é a thuairim gur féidir cuid mhaith d'éilimh scileanna na hÉireann a shásamh as laistigh de réigiún an LEE, go háirithe an t-éileamh ar shaothar neamhoilte agus na scileanna ag an leibhéal is ísle.

Ceadanna Fostaíochta

Cuspóir

Leibhéal seirbhíse custaiméara níos fearr a chur ar fáil dóibh siad a chuireann iarratas isteach ar Chead Fostaíochta.

Beartha Straitéiseacha

Tabharfaimid isteach áis ar líne le haghaidh iarratais áirithe ar Cheadanna Fostaíochta agus bainfimid leas as an laghdú i méid na n-iarratas atá ann tar éis mhéadú an AE chun faisnéis níos fearr agus leibhéal seirbhíse níos pearsanta a sholáthar dár gcustaiméirí.

Tar éis Chonradh Aontachais an 1 Bealtaine 2004 bheartaigh an Rialtas go dtabharfaí sairse iomlán gluaiseachta d'óibríthe laistigh de Limistéar leathan Eacnamaíoch na hEorpa (LEE). Faoi réir riachtanas an

Chonartha Aontachais fostaíocht a fháil as laistigh den LEE, níor eisíodh Ceadanna Fostaíochta go ginearálta ach do dhaoine le hardscileanna agus ardtuarastail as Iasmuigh den LEE i rith 2005. Eisíodh 7,300¹¹ Cead Fostaíochta sa dá mhí dhéag go deireadh mhí na Nollag 2005. Ba laghdú mór é sin ar líon na n-iarratas ar Cheadanna nua Fostaíochta. Eisíodh 27,000 Cead Fostaíochta ar fad i rith na bliana.

Ba sprioc lárnach i 2005 Seirbhís Fheabhsaithe do Chustaiméirí a chur ar fáil. Coinníodh an t-am próiseála do Cheadanna Fostaíochta i rith na bliana ag 15 lá oibre i gcás iarratas bailí a bhí comhlánaithe i gceart. Dearadh córas iarratais ar líne chomh maith a chuirfidh feabhas mór ar sheirbhís chustaiméara nuair a bheidh sé deartha agus curtha i bhfeidhm. Tosófar ar thógáil an chórais chomh luath agus atá an reachtaíocht agus na hathruithe beartais do Cheadanna Fostaíochta curtha i gcrích.

Caiteachas agus gníomhaíochtaí FÁS

Cuspóir

Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht chaiteachas agus gníomhaíochta FÁS agus é ag iarraidh cuspóirí straitéiseacha oiliúna agus an mhargaidh fostaíochta atá ag an Roinn a bhaint amach.

Beartha Straitéiseacha:

Déanfaimid maoirseacht ar chionroinnt acmhainní airgeadais chuig gníomhaíochtaí FÁS agus cinnteoidimid go dtacaíonn siad le cuspóirí straitéiseacha na Roinne.

Leidhdháileadh €935 milliún le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna agus fostaíochta FÁS i 2005, ar d'ardú beagnach 12% ar 2004. Tharla sé seo mar gheall ar níos mó gníomhaíochta maidir le hoiliúint inchoideachta agus le scéimeanna oiliúna agus fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas a bheith ann. Rinneadh os cionn €370 milliún a leithdháileadh ar chlár oiliúna. Leithdháileadh €395m ar FÁS le haghaidh clár Fostaíochta ar nós Fostaíocht Phobail, Tionscnamh Post agus scéimeanna san Eacnamaíocht Shóisialta. Aistríodh an Clár Eacnamaíochta Sóisialta chuig

11 | gcomparáid le c. 10,000 cead nua fostaíochta i 2004 agus c. 22,000 cead nua fostaíochta 2003 (an bhliain dheireanach roimh aontachas)

Gallán 2 - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán

an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le feidhm ó 1 Eanáir 2006.

Ghlac an Roinn páirt i gceapadh Ráiteas Straitéise FÁS 2006-2009 i rith 2005. Mar gheall ar na hathruithe in éilimh na heacnamaíochta agus an lánfhostaíocht atá ann anois, geall leis, tá fócas ar leith ar oiliúint agus ar uas-sciliú oibrithe. Tá ról tábhachtach ag FÁS i soláthar na hoiliúna seo agus oibríonn sé go dlúth le tionscail chun a chinntiú go sásaíonn na critéir oiliúna agus curaclaim riachtanais na bhfostóirí.

Thionóil an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Grúpa Comhpháirtíochta Sóisialta chun saincheistean na Mhargaidh Shaothair a phlé, i mí Bealtaine 2005. Cuireann an Grúpa fóram ar fáil inar féidir dialóg a bheith ann idir na Comhpháirtithe Sóisialta agus Ranna Rialtais faoi raon leathan de shaincheistean an mhargaidh shaothair. Bhí cruinnithe ag an ngrúpa i mí Meithimh agus mí na Nollag 2005. Tá obair an Ghrúpa fós ag dul ar aghaidh.

Déanfaimid monatóireacht ar ghníomhaíochtaí agus ar fheidhmíocht FÁS le cinntiú go sásóidh an ghníomhaireacht na treoirilinte straitéiseacha agus rialachais chorparáidigh araon.

Bíonn cruinnithe rialta againn le FÁS chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus le cinntiú go n-athraítear an straitéis agus an maoiniú mar is gá. Déantar monatóireacht rialta ar chaiteachas agus ar ghníomhaíocht, agus déantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar scéimeanna ar leith. Bhí FÁS rannpháirteach chomh maith san Athbhreithniú Tras-Rannach Caiteachais ar Thacaí do Dhaoine atá Dífhostaithe go Fadtéarmach, a raibh an Roinn seo á chomhordú mar chuid den Tionscnamh Athbhreithnithe Caiteachais. Ba é cuspóir an Athbhreithnithe seo ná raon tacaí stáit do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach a mheas don tréimhse 1998-2003, agus an cion a rinne siad chun deireadh a chur le dífhostaíocht fadtéarmach a mheasúnú. Chríochnaigh an Grúpa Oibre, ina raibh ionadaithe ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasoireachta, an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, An Roinn Airgeadais agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghligh, an tAthbhreithniú i mí na Samhna 2005 agus cuirfear tuarascáil an athbhreithnithe ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne i 2006.

Tá sé de cheangal ar FÁS Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit a chomhlíonadh agus déantar athbhreithniú rialta ar a gcomhlíonadh sin. Ceapadh Bord nua FÁS don tréimhse cúig bliana le feidhm ón 1 Eanáir 2006.

Sonraí faoin Margadh Fostaíochta

Cuspóir

Sonraí ábhartha agus suas chun dáta a chothú faoin margadh fostaíochta mar eolas chun beartais agus tionscnaimh don mhargadh fostaíochta a fhorbairt.

Beart Straitéiseach

Ullmhóimid sonraí faoin margadh fostaíochta agus tabharfaimid suas chun dáta iad trí mhionanailís a dhéanamh ar thuarascála eacnamaíochta agus staidrimh a chur le chéile maidir le treochtaí fostaíochta/dífhostaíochta.

Fás Eacnamaíochta

Lean eacnamaíocht na hÉireann ag fás go rábach i 2005, d'fhás an tOlltáirge Intire (OTI) 4.8% sa tríú ráithe de 2005 i gcomparáid leis an ráithe chéanna i 2004. Tháinig méadú 7%¹² ar an Olltáirge Náisiúnta sa tréimhse chéanna.

An Fórsa Saothair¹³

Bhí 2,071,900 san fhórsa saothair (idir fhostaithe agus dífhostaithe) ag deireadh 2005, sin méadú 92,200 (+4.6%), 42,600 bean agus 49,600 fear. Chuir tosca déimeagrafacha ar nós méadú sa daonra d'aois oibre agus athruithe ina struchtúr aoise 62,000 duine leis an bhfórsa saothair. B'íonann inimirce glan agus timpeall 75% den 62,000 agus is féidir 30,000 eile a chur síos don méadú rannpháirtíochta san fhórsa saothair. Bhí ardú rannpháirtíochta ann do gach aoisghrúpa, agus ardú leanúnach ar rannpháirtíocht na mban go háirithe.

FostaíochtLean an fhostaíocht ar aghaidh ag fás i 2005, le méadú 86,500 (+4.6%) ar líon na ndaoine a bhí fostaíochta. Is é seo an ráta fáis bliantúil is mó i 2000, le líon na ndaoine i bhfostaíocht anois ag 1,980,600, rud a chruthaíonn ráta fostaíochta 67.8%. Meastar gur daoine as lasmuigh d'Éirinn ba chúis le timpeall leath (43,300) den fhás foriomlán san fhostaíocht. Fostaíocht lánaimseartha ba ea beagnach 75% den méadú. Bhí fás leanúnach ar an bhfostaíocht pháirtaimseartha (+24,500) le 340,800 duine ag obair ar bhonn páirtaimseartha. Tháinig ardú bliantúil 4.8% agus 4.4% faoi seach ar líon na mban agus na bhfear a bhí fostaíochta.

12 Cuntais Ráithiúla Náisiúnta Ráithe 3 2005, CSO

13 Sonraí uile an mhargaidh shaothair: Suirbhé Ráithiúil Teaghligh an CSO (QNHS) Ráithe 4 2005, mura gcuirtear a mhalairt in iúl

Gallán 2 - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán

Mhéadaigh an fhostaíocht i ngach earnáil eacnamaíochta seachas Tionscail Táirgeachta Eile, a laghdaigh 12,900 (-4.3%). Bhí an fás ba thréine san earnáil na Tógála (+25,800). Méhadaigh an fhostaíocht freisin i dTrádáil Mhórdhiola agus Mhiondiola (+19,600), sna hEarnála Airgeadais agus Gnó Eile (+15,300), Oideachas (+9,400), Sláinte (+9,000) agus Riarachán Poiblí agus Cosaint (+6,300). Méhadaigh an fhostaíocht i ngach earnáil ghairme (seachas Bainisteoirí agus Riarthóirí, nár athraigh) agus bhí an fás ba mhó i nDiolacháin (+18,500) agus Ceardaíocht agus gaolmhar (+18,300).

Fostaíocht de réir Náisiúntachta¹⁴

Is ionann fostaíocht náisiúnach neamh-Éireannach anois agus 8.6% den fhostaíocht iomlán. Tháinig méadú 43,300 ar fhostaíocht náisiúnach neamh-Éireannach (+33%) agus is daoine as na 10 dtír Aontachais AE iad timpeall 75% den méadú seo. Méhadaigh na huimhreacha a bhí fostaithe i ngach earnáil eacnamaíochta agus tá na harduithe is mó ar taifead do Thionscail na Tógála, Tionscail Tháirgeachta Eile agus Seirbhísí Airgeadais agus Gnó eile. Bhí an líon is mó eachtrannach ag obair in Óstáin agus Bialanna (21%), i dTionscail Tháirgeachta Eile (0.5%) agus sa Tógáil (10%).

Dífhostaíocht

Bhí 91,300 duine dífhostaithe ag deireadh 2005 (54,300 fear agus 37,000 bean). Ráta dífhostaíochta 4.4% a bhí ann, méadú 0.1% ar 2004. Bhí ráta 4.5% ann d'fhir agus 4.2% do mhná faoi seach. 27,600 duine a bhí dífhostaithe go fadtéarmach, méadú 1,300 (a bhformhór san aoisghrúpa 15-24) i rith na bliana. Tá an ráta fadtéarmach dífhostaíochta an-íseal ar fad de réir chaighdeáin stairiúla agus idirnáisiúnta ag 1.3%, isliú 0.2%.

Comparáid Réigiúnacha

Bhí méadú 70,800 (+5%) ar fhostaíocht i réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir agus méadú 15,700 (+3.2%) i réigiún na Teorann, Lár Tíre agus an Iarthair (BMW). Bhí méadú 4,200 agus 1,400 ar líon na ndaoine dífhostaithe faoi seach i réigiún an Oirthir agus an Deiscirt agus i réigiún BMW. Méhadaigh an fhostaíocht i ngach fo-réigiún, agus bhí na rátaí fáis ba láidre san Iardheisceart agus san Iarthar Láir, ag 6.4% agus 6.3% faoi seach.

Todhchaí an Mhargaidh Shaothair

Measann an Roinn Airgeadais¹⁵ go bhfásfaidh eacnamaíocht na hÉireann ag timpeall 4.5%-5% sa tréimhse 2006-2008. Glacann sé seo leis go leanfaidh an brú ón éileamh intíre agus an fás rábach i SAM, san Áise agus in eacnamaíochtaí an AE ar aghaidh i rith 2006 agus 2007. Meastar go mbeidh méadú timpeall 2.5% ar an meán ar fhostaíocht agus an dífhostaíocht ag fanacht faoi 4.5% sa tréimhse. Mar eacnamaíocht bheag oscailte, tá Éire i mbaol ó shuaitheadh seachtrach eacnamaíochta. Chomh maith le fás eacnamaíochta níos mólle i SAM, tá baol eile ann do thodhchaí an mhargaidh shaothair sa mheántéarma: ardú i bpraghsanna fuinnimh, luachanna na rátaí malairte agus feidhmíocht mhóreacnamaíochtaí an Euro

14 Bhí sonraí trialacha do 2004/2005 sa QNHS don cheathrú ráithe i 2005 ar an bhfórsa saothair rangaithe de réir náisiúntachta. Breathnaítear ar na figiúirí mar fhiúirí trialacha toisc go bhfuil sé deacair ar an QNHS figiúirí a mheas toisc an inimirce shuntasach le blianta beaga anuas. Cé go bhfuil na figiúirí faoi réir athbhreithnithe i bhfiainse Dhaonáireamh 2006, feictear don CSO go bhfuil na figiúirí cruinn, i dtéarmaí ginearálta, agus gur meastachán iad ar threochtaí agus ar an staid reatha.

15 An Roinn Airgeadais: Sonraí is déanaí ón gClár Cobhsaíochta - Nollaig 2005

Gallán 2 - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán

Tábla 1 **Sonraí an Mhargaidh Fostaíochta 2000-2005¹⁶**

Iomlán (000)	2000	2001	2002	2003	2004	2005
An Fórsa Saothair	1781	1831.6	1866.3	1914.8	1979.7	2071.9
Fostaithe	1712.6	1759.9	1782.3	1828.9	1894.1	1980.6
Lánaimseartha	1432.8	1471.6	1487.5	1524.1	1577.5	1639.8
Páirtaimseartha	279.8	288.3	294.8	304.8	316.5	340.8
Dífhostaithe	68.4	71.8	84.1	85.9	85.6	91.3
Dífhostaithe go fadtéarmach	24.3	21.4	24.9	26.2	28.9	27.6
Fir	2000	2001	2002	2003	2004	2005
An Fórsa Saothair	1053.4	1077.6	1092.4	1114.5	1145.2	1194.8
Fostaithe	1012.1	1032.9	1040.5	1061.1	1092.4	1140.5
Lánaimseartha	944	966.6	975.2	994.9	1027.7	1066
Páirtaimseartha	68.1	66.3	65.3	66.3	64.7	74.6
Dífhostaithe	41.3	44.7	51.9	53.3	52.8	54.3
Dífhostaithe go fadtéarmach	18.8	17.2	19.1	19.6	21.4	20.7
Mná	2000	2001	2002	2003	2004	2005
An Fórsa Saothair	727.6	754	773.9	800.3	834.5	877.1
Fostaithe	700.5	727	741.7	767.8	801.7	840.1
Lánaimseartha	488.8	505	512.3	529.2	549.8	573.9
Páirtaimseartha	211.7	222	229.5	238.6	251.9	266.2
Dífhostaithe	27.1	27	32.2	32.6	32.8	37
Dífhostaithe go fadtéarmach	5.5	4.2	5.8	6.6	7.5	6.9
Ráta (&)	2000	2001	2002	2003	2004	2005
Fostaíocht	65.3%	65.6%	65.1%	65.7%	66.7%	67.8%
Fostaíocht ban	54.2%	55.1%	54.9%	55.9%	57.2%	58.4%
Fostaíocht Oibríthe níos Sine	45.1%	46.4%	47.4%	48%	48.9%	51.2%
Dífhostaíocht	3.8%	3.9%	4.5%	4.5%	4.3%	4.4%
Dífhostaíocht Fhadtéarmach	1.4%	1.2%	1.3%	1.4%	1.5%	1.3%

Faoi Chlár Oibre Lisbon tá roinnt spriocanna fostaíochta socraithe ag leibhéal an AE do 2010: ráta fostaíochta 70%; ráta fostaíochta ban 60% agus ráta fostaíochta 50% do dhaoine san aoisghrúpa 55-64 bl. d'aois.

16 Foinse : QNHS Ráithe 4 2000-2005 de chuid an CSO

Gallán 2 - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán

Tábla 2 Fás na Fostaíochta (000) de réir earnáil 2000-2005¹⁷

Earnáil Eacnamaíoch(NACE Rev.1)	2000	2001	2002	2003	2004	2005	% Athrú
Talmhaíocht, Foraoiseacht agus iascaireacht	125.3	127.2	123.1	123.4	112.5	115.3	-8%
Tionscail tháirgeachta eile	320.9	319	305	297.3	301.1	288.2	-10.2%
Tógáil	178.1	185.4	191.3	200.6	227.4	253.2	+42.2%
Trádáil Mhórthíola agus Mhiondíola	241.9	245.3	251.5	256.5	265.4	285	+17.8%
Óstáin agus Bialanna	108.6	107.8	111.5	115.4	112.6	115.5	+6.4%
Iompar, Stóráil agus Cumarsáid	106	112.2	113.3	114.6	115.7	118.3	+11.6%
Seirbhísí airgeadais agus seirbhísí eile gnó	214.7	227	224.5	231.3	247.7	263	+22.5%
Riarachán poiblí agus cosaint	79.5	82.5	88.3	90.6	94.4	100.7	+26.7%
Oideachas	103.6	107.3	112.3	118.1	118.5	127.9	+23.5%
Sláinte	140.1	150.9	163.2	175.8	182.5	191.5	+36.7%
Seirbhísí eile	94.1	95.2	98.3				
105.3	116.3	122.1	+29.8%				
Iomlán daoine	1712.6	1759.9	1782.3	1828.9	1894.1	1980.6	+15.6%

Tábla 3 Codán den fhostaíocht iomlán de réir earnáil eacnamaíochta¹⁸

Earnáil Eacnamaíochta (NACE Rev.1)	2000	2005
Talmhaíocht, Foraoiseacht agus iascaireacht	7.3%	5.8%
Tionscail tháirgeachta eile	18.7%	14.6%
Tógáil	10.4%	12.8%
Trádáil Mhórthíola agus Mhiondíola	14.1%	14.4%
Óstáin agus Bialanna	6.3%	5.8%
Iompar, Stóráil agus Cumarsáid	6.2%	6%
Seirbhísí airgeadais agus seirbhísí eile gnó	12.5%	13.3%
Riarachán poiblí agus cosaint	4.6%	5.1%
Oideachas	6%	6.5%
Sláinte	8.2%	9.7%
Seirbhísí eile	5.5%	6.2%

17 Foinsé : QNHS Ráithe 4 2000-2005 de chuid an CSO

18 Foinsé : QNHS Ráithe 4 2000-2005 de chuid an CSO

Gallán 2 - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán

Ciste Sóisialta na hEorpa

Cuspóir

An úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) do chlár 2000-2006 mar thacaíocht do thionscnaimh sa mhargadh saothair.

Bearta Straitéiseacha

Déanfaimid monatóireacht ar chaiteachas CSE faoi na cláir ábhartha agus déanfaimid ár ndícheall an leas is fearr agus is féidir a bhaint as acmhainní CSE.

Cuireadh Measúnú Nuashonraithe den Chlár Oibríocháin um Fhorbairt Acmhainní Daonna (EHRD OP)¹⁹ i gcrích i 2005. Dar leis seo bhí na gníomhartha riachtanacha a d'eascair as athbhreithniú lár téarma an chlár curtha i bhfeidhm go cuí, agus na gníomhaíochta a ndearna sé soláthar dóibh ábhartha go fóill i dtimpeallacht an mhargaidh saothair inar oibrigh sé.

D'eagraigh Údarás Bainistíochta EQUAL²⁰ na Roinne dhá imeacht mhórshruthaithe i 2005. Thug na himeachtaí seo na príomhpháirtithe le chéile chun coincheapa agus torthaí ar measadh go bhféadfaí iad a mhórshruthú a aithint agus a lig do na heagraíochtaí Éireannacha agus AE atá páirteach sa réimse seo a bhfuil foghlama acu a roinnt ar a chéile.

Fuair Éire timpeall €211 milliún i gcúnamh CSE i 2005, agus bhain €54.28 milliún de sin le gníomhaíochtaí a bhí á reáchtáil ag an Roinn nó thar ceann na Roinne agus a gníomhaireachtaí. De réir riachtanas Rialachán na gCistí Struchtúrtha, rinne Aonad CSE promhadh stiúrtha ar gach éileamh CSE a fuarthas i 2005, promhadh ar bhainistiú airgeadais agus ar chórais stiúrtha na n-eagraíochtaí a chuir iarratais isteach san áireamh.

Dearadh Chlár CSE 2007-2013

Cuspóir

Clár CSE a dhearadh, laistigh de pharaiméadair an AE agus de threoirlínte náisiúnta, don tréimhse 2007-2013 a chuireann luach le forbairt an chaipitil dhaonna agus a mhéadaíonn rannpháirtíocht san fhostaíocht.

Bearta Straitéiseacha

I gcomhar leis na príomhpháirtithe leasmhara, déanfaimid clár CSE a fhorbairt don tréimhse 2007-2013 chun freastal ar riachtanais aitheanta oiliúna agus/nó tacaíocht fostaíochta an mhargaidh saothair, de réir na rialachán ábhartha AE.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith 2005 maidir le Rialachán a ullmhú ag leibhéal AE chun Cistí Struchtúracha, Ciste Sóisialta na hEorpa ina measc, a riaradh sa tréimhse 2007-2013. Táthar ag súil go mbeidh na Rialachán seo curtha i gcrích go luath i 2006. D'ullmhaigh an Roinn seo ábhar faoi fhorbairt chaipitil dhaonna agus faoi thosaíochtaí an mhargaidh saothair do 2007-2013 don réamhobair chun an Chreatlach Thagartha Straitéiseach Náisiúnta atá molta, agus a leagfaidh síos na tosaíochtaí don chlár nua CSE, a dhréachtú. Lean an obair sna réimsí seo ar aghaidh i 2006.

Dialóg Shóisialta

Cuspóir

An comhphlé sóisialta a chur chun cinn ag na leibhéil an AE, ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an fhointair.

Bearta Straitéiseacha

Glacfaimid páirt sa phróiseas dialóige sóisialta ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal náisiúnta. Déanfaimid ionadaíocht ghníomhach ar son na Roinne sa chomhpháirtíocht shóisialta náisiúnta.

19 Is clár €15 Billiún é an Clár Oibríocháin um Fhorbairt Acmhainní Daonna (EHRDOP) a ceapadh chun dul i ngleic le riachtanais na hÉireann maidir leis an margadh fostaíochta agus le forbairt ar chaipiteal daonna don tréimhse 2000-2006.

20 Féachann Tionscnamh Pobail EQUAL le dul i ngleic le cineálacha bunúsacha leatroidh agus égothroime sa mhargadh fostaíochta.

Gallán 2 - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán

Bhí an Roinn rannpháirteach go hiomlán sa phróiseas comhpháirtíochta sóisialta i rith na bliana, ag comhlíonadh a ghealltanais faoi chomhaontú Bhuanú an Fhoráis agus ag déanamh monatóireachta ar fheidhmiú an chomhaontais trí rannpháirtíocht ghníomhach ag leibhéal an Ghrúpa Stiúrtha, ina bhfuil ionadaithe an Rialtais agus ó gach ceann de na comhpháirtithe sóisialta.

Déanann an Roinn comhordú ar ionchur na hÉireann sa Chomhairle Fostaíochta, Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (ESPCHA) ag leibhéal an AE. Is sainchúram de chuid na Roinne seo, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Roinn Sláinte agus Leanaí, í obair na Comhairle. Tháinig an Chomhairle le chéile go foirmiúil i Márta, Meitheamh agus Nollaig 2005. Bhí cruinnithe neamhfhoirmiúla ag an gComhairle in Aibreán 2005 i Lucsamburg faoi uachtaránacht Lucsamburg agus in Iúil 2005 i mBéal Feirste faoi uachtaránacht na RA.

Ag a cruinniú i Márta 2005 d'aontaigh an Chomhairle cur chuige páirteach ginearálta faoin moladh go mbunófaí clár Comhphobail le haghaidh dlúthpháirtíocht fostaíochta agus shóisialta (PROGRESS). Ghlac an Chomhairle chomh maith le conclúidí faoi thoise sóisialta an domhandaithe.

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil ag cruinniú Mheithimh 2005 maidir le dréacht-Threoir a thabharfadh feidhm don chomhaontú a chuir na comhpháirtithe sóisialta i gcrích faoi ghnéithe áirithe de choinníollacha oibríthe a chuirfí ag obair ar sheirbhísí trasteorann in earnáil an iarnróid. Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil chomh maith maidir le dréacht-Rialacháin chun Rialacháin a bhunódh Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair agus Fondúireacht Eorpach um Fheabhsú Coinníollacha Maireachtála agus Oibre a leasú.

Ag cruinniú na Nollag 2005 thionóil an Chomhairle díospóireacht ar bheartas poiblí faoi cheist na Déimeagrafaíochta agus an Chaipitil Dhaonna, agus chuir Airí béim ar ról tábhachtach na foghlama fadsaoil agus ar bhearta sásúla cothromaíochta oibre/saoil. Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú páirteach polaitiúil faoi PROGRESS chomh maith. Ach níor baineadh amach comhaontú polaitiúil faoin Treoir um Am Oibre.

I mí Aibreáin 2005 scrúdaigh an cruinniú Neamhfhoirmiúil Comhairle saincheist an athstruchtúraithe corparáidigh agus d'fhéach cruinniú Neamhfhoirmiúil Iúil ar sheifteanna praiticiúla a chabhródh le hoibríthe níos aosta, le daoine óga, le daoine atá nach bhfuil gníomhach go heacnamaíochta, agus daoine ar deacair teagmháil a dhéanamh leo filleadh ar an obair agus fanacht ag obair.

Cuirfidimid forálacha ábhartha Bhuanú an Fhoráis agus aon Chomhaontú a bheidh mar chomharba air i fheidhm sa fhráma ama is gá.

Lean an Roinn ar aghaidh le feidhmiú na bhforálacha ábhartha i mBuanú an Fhoráis i 2005. Rinneadh na bearta seo leanas:

- ▶ ardaíodh an t-íosphá go €7.65 san uair ó 1 Bealtaine 2005,
- ▶ cuireadh Bille na bhFostaithe (Soláthar Faisnéise agus Comhairleoireacht) trí an Seanad agus cuireadh a Dhara Céim i gcrích sa Dáil;
- ▶ dáileadh Páipéar Bán faoi Athbhreithniú Acht um Ghníomhaireacht Fostaíochta 1971 agus ullmhaíodh Ceannteidil Bhille,
- ▶ d'ullmhaigh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais cód cleachtais nua maidir le fáil ar obair pháirtaimseartha, agus
- ▶ cuireadh na feabhsúcháin chomhaontaithe a bhí fágtha i bhfeidhm sa Scéim Iocaíochtaí Iomarcaíochta.

Tá cur síos déantar ar bhearta eile a rinne maidir le gealltanais faoi Bhuanú an Fhoráis, i raon leathan gníomhaíochtaí atá á riaradh ag an Roinn nó fúithi, in áiteanna eile sa Tuarascáil seo.

Creat Reachtúil um Chaidreamh Tionscail

D'ullmhaigh an Coimisiún um Chaidreamh Saothair cód cleachtais nua maidir le rochtain ar obair pháirtaimseartha. Tá cuspóirí éagsúla ag an gcód cleachtais, an cleachtas is fearr a spreagadh agus géilliúlacht do fhorálacha na nAchtanna um Chomhionannais Fostaíochta 1998 go 2004 agus an tAcht um Chosaint Fhostaithe (Páirt-Aimseartha) 2001 san áireamh, agus cothú agus forbairt bheartas agus ghnáthamh chun cabhrú le fostóirí, fostaithe agus a n-ionadaithe an rochtain ar obair pháirtaimseartha a fheabhsú dóibh siúd ar mian leo obair ar bhonn pháirtaimseartha.

Íospá Náisiúnta

Ag eascairt as Athbhreithniú Lár-Téarma Chuid a Dó de Bhuanú an Fhoráis d'aontaigh na Comhpháirtithe Sóisialta go n-iarrfaí ar an gCúirt Oibreachais athbhreithniú a dhéanamh ar an Íospá Náisiúnta agus moltaí a chuir chuig an Aire, le feidhm ón 1 Bealtaine 2005. Nuair a bhí an t-athbhreithniú déanta mhol an Chúirt Oibreachais don Aire ar an 1 Feabhra 2005 gur cheart an t-íosphá a ardú go €7.65 san uair. Chuir an tAire an t-ardú seo i bhfeidhm ón 1 Bealtaine 2005.

Gallán 2 - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán

Cothromaíocht idir Saol Oibre agus Saol Pearsanta

Tá sé de chúram ar Choiste an Chreatlach Náisiúnta um Bheartais Chothromaíochta idir Saol Oibre agus Saol Pearsanta, a bunaíodh faoi Bhuanú an Fhoráis, tacaíocht a thabhairt do bheartais atá báúil do theaghlach agus iad a éascú ar leibhéal an fhiontair trí phacáiste de bhearta praiticiúla a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm a fhorbairt. Ceann de chúramai an Choiste é an bealach is fearr a fhiosrú chun rochtain ar shocráithe oibre atá báúil don teaghlach a fheabhsú chun na buntáistí a d'fhéadfaí a bhaint as socraíthe mar seo ó thaobh comhionannais agus iomaíochais araon a fhíoradh. Tá ionadaithe ar an gCoiste ó Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC), Comhdháil na gCeartchumann (ICTU), ón Udarás Comhionannais agus ó roinn Ranna Rialtais, Roinn an Taoisigh, An Roinn Airgeadais, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlach ina measc. Tá an Coiste faoi chathaoirleacht na Roinne seo.

Thug an Coiste faoi thograí éagsúla i 2005 agus bhí seimineár i gCorcaigh chun eolas a scaipeadh faoi chothromaíocht idir saol oibre agus saol pearsanta i réigiún na Mumhan. Eagraíodh Lá Choithromaíochta an tSaoil Oibre agus an tSaoil Phearsanta, ócáid bhliantúil ó 2000 i leith, ar an 1 Márta 2005. Lean an Coiste le maoiniú eagraíochtaí chun beartais chothromaíochta idir an saol oibre agus an saol pearsanta a fheidhmiú nó a fheabhsú trí scéimeanna Chúnamh Díreach Airgeadais agus trí Phainéal na gComhairleoirí. D'fhostaigh an Coiste gnólacht comhairleoirí chun an bunachar sonraí, atá ar fáil ag www.worklifebalance.ie a nuashonrú agus chun tuarascáil a sholáthar faoi chleachtais chothromaíochta an tsaol oibre agus an tsaol phearsanta sna 15 Ballstát bhunaigh den AE.

Pinsin

Rinne an tAthbhreithniú Lár-Téarma ar Bhuanú an Fhoráis foráil chun grúpa oibre a bhunú a bhí comhdhéanta den Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, An Roinn Airgeadais agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlach le IBEC agus ICTU, chun comhoibriú gníomhach a chothú go náisiúnta agus ag leibhéal an láthair oibre faoi phinsin. Bhí sé de chúram go háirithe ar an nGrúpa Oibre monatóireacht a dhéanamh ar chlaonta i bhforáil phinsin i dtreo Scéimeanna Sainithe Ranníocaíochta ag leibhéal an láthair oibre agus ar na próisis a bhain leis na hathruithe atá molta ar scéimeanna pinsin, agus réamhchomhairliúchán san áireamh. Bhí an Roinn rannpháirteach i gcruinnithe an Ghrúpa Oibre, agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlach sa chathaoir.

Cuirfid na moltaí comhaontaithe ón bhFóram um Láthair Oibre na Toghcháin i bhfeidhm.

Bhí Tuarascáil an Fhórais um Láthair Oibre na Toghcháin, a foilsíodh i mí Márta 2005, bunaithe ar chomhairliúchán fhorleiththeadach, ar dhíospóireacht agus plé a cheithre phainéal, ar Thascfhórsa an Fhórais, ar sheisiúin oscailte den bhFóram agus ar os cionn 40 aighneacht chuig an bhFóram ón phobal gnó, ó cheardchumainn agus ó fhorais léinn. Leag an Tuarascáil béim ar an ngá atá ag fiontair le nuálaíocht agus oiriúnú mar gheall ar luas na n-athruithe atá ag dul i bhfeidhm ar láitheacha oibre i sochaí dhomhandaithe. Chuir an Tuarascáil fis den láthair oibre mar áit aclaí, custaiméirlárnaithe, eolasdhian, freagrach do riachtanais fhostaithe, líonruithe, an-táirgiúil, lánpháirteach, ag foghlaim de shíor dearbhghníomhach agus ilghnéitheach. Agus na bearnaí i láithreacha oibre na hÉireann á n-aithint aici dhirigh an Tuarascáil ar chúig tosaíocht straitéiseach:

- ▶ Tiomantas don nuálaíocht sa láthair oibre
- ▶ Cumas chun athrú
- ▶ Scileanna na toghcháin a fhorbairt
- ▶ Rochtain ar Dheiseanna
- ▶ Caighdeán an Saol Oibre

Tá 42 moladh sa chúig réimse seo i Straitéis Náisiúnta an Láthair Oibre, atá cruthaithe chun tacú le cineálacha nua eagrúcháin oibre ag an leibhéal náisiúnta agus eagrúcháin. Is í aidhm na Straitéise iniúlacht an láthair oibre chun athrú agus nuálaíocht a dhéanamh a fheabhsú trí dhírú ar réimsí ar nós scileanna sa toghcháin a fhorbairt, rochtain ar dheiseanna agus caighdeán an tsaol oibre.

Straitéis Náisiúnta don Láthair Oibre

Tá Grúpa Ardleibhéil i mbun fheidhmiú na Straitéise Náisiúnta don Láthair Oibre. Is é an tAire Gnóthaí Saothair atá ina chathaoirleach ar an nGrúpa, atá comhdhéanta de na Ranna ábhartha Rialtais agus na Comhpháirtithe Sóisialta, agus cuireann an Lárionad Náisiúnta um Chomhpháirtíocht agus Feidhmiúchán cúnaimh rúnaíochta ar fáil dó. Tháinig an Grúpa Ardleibhéil le chéile roinnt uaireanta i 2005 agus rinneadh dul chun cinn mór chun pleananna gnímh a fhorbairt do gach ceann de mholtaí na Straitéise. Tá a thuarascáil eatramhach le cur faoi bhráid an Rialtais ag an nGrúpa i 2006.

Gallán 2 - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán

Forálacha Reachtacha, géilliúlachta agus réitigh aighnis

Cuspóir

Forálacha éifeachtúla reachtacha, géilliúlachta agus réiteach aighnis a chur ar fáil i réimse na gcearta fostaíochta, sláinte agus sábháilteacht agus caidrimh thionscail san áireamh.

Cailleadh 26,670 lá mar gheall ar aighnis thionscail i 2005. I gcomparáid le figiúr de 20,784 lá a cailleadh i 2005 ba mhéadú de 28.3% é seo ar an mbliain roimhe sin. Bhí an earnáil iompair, stórála agus cumarsáide freagrach as 21,653 (81%) de na laethanta iomlána a cailleadh i 2005. Ba iad na haighnis chaidreamh thionscail in Irish Ferries agus in An Post an dá chúinse ba mhó a chuir leis na figiúirí seo.

Bearta Straitéiseacha

Tabharfaimid isteach forálacha éifeachtúla reachtacha chun oibleagáidí AE agus ILO a thrasuíomh.

Íocaíochtaí Dócmhainneachta

Tháinig rialacháin a dhéanann trasuíomh ar Threoir 2002/74/EC an AE maidir le fostaíthe a chosaint i gcás dócmhainneacht a bhfostóir go dlí na hÉireann i bhfeidhm ar an 8 Deireadh Fómhair 2005. Leathnaigh na rialacháin – Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Cosaint Fhostaithe (Dócmhainneacht Fhostóirí)) 2005 – na hAchtanna um Chosaint Fhostaithe (Dócmhainneacht Fhostóirí) 1984 go 2004 amach, le tagairtí sonracha do fhostaithe chuideachtaí in Éirinn a éiríonn dócmhainneach faoi dhlíthe Bhallstáit eile. Chuir siad roinnt dámhachtan a bhí ann cheana a bhain le cearta fostaíochta isteach chomh maith, a bheadh cosanta ag an reachtaíocht faoi fhorálacha na Treorach. Cuirtear na hathruithe seo i bhfeidhm trí Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta.

An Bille um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar)

Is í aidhm an Bille um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar) forálacha Threoir 2002/14/EC an AE den 11 Márta 2002 a fheidhmiú. Is é cuspóir na Treorach seo creatlach ginearálta a bhunú a leagann amach na híosriachtanais maidir le cearta faisnéise agus comhairliúcháin fhostaithe i bhfontair nó i bhforais atá os

cionn tairseach áirithe fostaíthe sa Chomhphobal. Foilsíodh an Bille ar an 19 Iúil 2005. Bhí comhairliúcháin dhéthaobhacha ann leis na Comhpháirtithe Sóisialta mar theagasc d'fhorbairt na reachtaíochta i rith 2005. Chuaigh an Bille trí Chéimeanna Tuarascála agus Deiridh an tSeanaid ar an 3 Samhain 2005. Críochnaíodh an Dara Céim sa Dáil ar an 6 Nollaig 2005.

An Reacht um Chuideachta Eorpach

Cuireadh dréachrialacháin chun cinn i 2005 chun forálacha Threoir 2001/86/EC an AE den 8 Deireadh Fómhair 2001 a fheidhmiú mar fhorlíonadh an Reachta do chuideachta Eorpach maidir le páirtíocht fhostaithe. Cruthóidh an Reacht Cuideachtaí Eorpach an creatlach dlíthiúil do chineál nua cuideachta - "Societas Europea" (SE). De bharr an Reachta seo beidh sé níos éasca do ghnóachtaí oibriú ar fud an AE. Déanann an Treoir foráil ionas nach féidir SE nua a chlárú gan dul i mbun idirbheartaíochta ar dtús le fostaíthe faoi fhaisnéis agus comhairliúchán agus i gcúinsí áirithe, faoi rannpháirtíocht.

An Reacht um Chomharchumann Eorpach

Éascaíonn an Reacht um Chomharchumann Eorpach bunú Chomharchumann Eorpach laistigh de limistéir an Chomhphobail. Déanann an Treoir (2003/72/EC) foráil ar son rannpháirtíocht fhostaithe sa Chomharchumann Eorpach. Mar chuid den phróiseas trasuíomh, cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin leis na Comhpháirtithe Sóisialta i 2005.

Tabharfaimid feidhm reachtúil, mar is gá, do thiomantais a eascraíonn as an gComhpháirtíocht Shóisialta nó as éabhlóid thimpeallacht na gcaidreamh tionscail

Athbhreithniú ar an Acht um Ghníomhaireacht Fostaíochta 1971

Rinneadh tiomantas i mBuanú an Fhoráis go ndéanfaí athbhreithniú ar an ngá tá leis an Acht um Ghníomhaireacht Fostaíochta 1971 a leasú, i gcomhairle leis na Comhpháirtithe Sóisialta agus eile. D'eisigh an Roinn Páipéar Bán faoi Athbhreithniú an Achta mar chuid den phróiseas seo i mí Meithimh 2005. Ba é an 15 Iúil 2005 an spriocdháta d'aighneachtaí. Fuarthas 9 n-aighneacht san iomlán. Faoi dheireadh 2005, bhí Cinnteidil Bhille á gcur i gcrích le súil lena dháileadh agus le tuilleadh comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara éagsúla go luath i 2006. Ina dhiaidh sin, is dócha go n-iarrfar faomhadh an Rialtais chun Bille a dhréachtadh ag Oifig an Chomhairle Parlaiminteach an Rialtais.

Gallán 2 - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán

Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Cosaint Fhostaithe ar aistriú Gnóthas) 2003

Ba thiomantas eile i mBuanú an Fhoráis é go rachadh an Rialtas i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta faoi fhorálacha roghnacha na Treoracha um Aistriú Gnóthais (2001/23/EC). Cuireadh ceann de na forálacha roghnacha, Alt 3.2, faoin rogha maidir le hoibleagáid a chur ar an aistreoír an t-aistrí a chur ar an eolas faoin na cearta agus na dualgais a aistreofar chuig an aistriú, san áireamh le trasuíomh sa Bhille Fostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar) 2005. Leanadh ar aghaidh ag breathnú ar na forálacha roghnacha eile go 2006.

An tAcht um Shaoire Chúramóirí 2001

Moladh go ndéanfaí leasú ar an Acht um Shaoire Chúramóirí 2001 chun an uasteidliocht cúramóra a shíneadh ó 65 seachtain go 104 seachtain. Leanann an leasú seo síneadh na scéime Sochair Chúramóra comhthreomhara atá á riar ag an Roinn Gnóthai Sóisialacha agus Teaghlaigh, trína n-ardaítear an fad a fhaightear iocaíocht Sochar Cúramóra chomh maith ó 65 seachtain go 104 seachtain. Déanfar an leasú ar an dá scéim, a fógraíodh le linn Bhuiséad na bliana 2006, tríd an mBille um Athchóiriú Dlí Leasa Sóisialaigh agus um Phinsin 2006, atá le hachtú faoi Aibreán 2006.

I gcomhar leis na Ballstáit eile, agus i gcomhairle le Ranna ábhartha eile agus leis na Comhpháirtithe Sóisialta, déanfaimid athbhreithniú ar Threoir an AE faoi Am Oibre.

Athbhreithniú ar Threoir an AE faoi Am Oibre

I mí Mheán Fómhair 2004, chuir Coimisiún na hEorpa moladh faoi bhráid na Comhairle do Threoir chun Treoir 2003/88/EC a athchóiriú maidir le gnéithe áirithe d'eagrúchán am oibre. Ina dhiaidh sin, tar éis Thuairim Pharlaimint na hEorpa a fháil, d'eisigh an Coimisiún Moladh Athchóirithe ar an 31 Bealtaine 2005. Cuireann an Moladh Athchóirithe seo roinnt leasúcháin a ghlac Parlaimint na hEorpa i mí Bealtaine 2005 san áireamh. Is iad seo leanas cuspóirí an mholadh athchóirithe: (1) cásdlí an Chúirt Bhreithiúnais Eorpaigh a chur san áireamh, na rialacha i gcásanna SIMAP agus Jaeger go háirithe, a bheartaigh gur cheart gladhualgas a dhéanann dochtúir nuair is gá dó/dí a bheith i láthair go fisiciúil san ospidéal a áireamh mar am oibre, agus (2) athbhreithniú a dhéanamh ar chuid d'fhorálacha Threoir 2003/88/EC, faoi na féidearthachtaí maidir le gan an t-uasam oibre seachtainiúil (48 uair an chloig) a chur i bhfeidhm má aontaíonn oibrí obair dá leithéid a dhéanamh (foráil rogha an diúltaithe). Bhí an plé ar siúl fós ag deireadh 2005.

Déanfaimid corpas an dlí fostaíochta a chomhtháthú agus moltaí a fhorbairt i gcomhar leis na páirtithe leasmhara, maidir le struchtúir agus gnáthaimh na gcomhlachtaí cearta fostaíochta.

I mí Bealtaine 2005, d'fhógair an tAire Killeen go raibh clár gnímh aontaithe ag an Rialtas mar fhreagra ar an tuarascáil agus ar mholtaí an Grúpa Athbhreithnithe faoi Fheidhmeanna na gComhlachtaí Cearta Fostaíochta agus ar na comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara éagsúla ina dhiaidh sin. Mar chuid den chlár gnímh, d'aontaigh an Rialtas go mbunófaí Grúpa Cearta Fostaíochta (GCF), ina mbeadh ionadaithe ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, na Comhlachtaí Cearta Fostaíochta agus na Comhpháirtithe Sóisialta. Tionóladh an chéad chruinniú den GCF i mí Meithimh 2005. Tá an grúpa seo le plé agus comhairliú a dhéanamh maidir leis na himpleachtaí oibriúcháin a ghabhann le feidhm a thabhairt do chinnteoireacht an Rialtais, mar seo leanas:

- ▶ Gnáthaimh ghearáin, achomhairc agus forfheidhmíthe agus cáipéisíocht a shimpliú agus a chuíchóiriú ar fud gach Comhlacht Cearta Fostaíochta;
- ▶ féachaint ar phraiticiúlacht aonphointe teagmhála a bhunú do na comhlachtaí Cearta Fostaíochta;
- ▶ corpas na reachtaíochta chearta fostaíochta a shimpliú agus a chomhchuihbhiú.

D'aontaigh an Rialtas freisin gur cheart cásanna a éistítear faoi láthair ar bhonn céadchéime ag an mBinse Achomhairc Fostaíochta (BAF) a atreorú ina ionad sin chuig Seirbhís Choimisinéir Cearta an Chomisiúin um Chaidreamh Saothair, ionas gur comhlacht achomhairc go heisiach a bheadh sa BAF.

Feabhsóimid an ghéilliúlacht do reachtaíocht chearta fostaíochta trí ghnáthaimh a athchóiriú agus moltaí a fhorbairt le breathnú ag an Rialtas.

agus

Leanfaimid ar aghaidh leis an Athbhreithniú ar Shainordú agus ar Acmhainniú na Cigireachta Saothair.

Méadaíodh foirean na Cigireachta Saothair ó 21 go 31 i 2005 chun freastal ar an éileamh méadaithe ar a sheirbhísí. Rinne an chigireacht 5,719 cigireachtaí san iomlán i rith na bliana. Rinne sé roinnt mórfhiosrúchán chomh maith, agus feabhsaíodh coinníolacha go mór do roinnt de na fostaíthe a bhí i gceist.

Gallán 2 - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán

Ag eascairt as tiomantas do Bhuanú an Fhoráis, agus ar mhaithe le cabhrú le hullmhú moltaí le breathnú ag an Rialtas, d'ullmhaigh an Chigireacht Saothair Plécháipéis maidir lena Shainordú agus a Acmhainní. Ullmhaíodh an plécháipéis chuimsitheach seo agus dáileadh ar na Comhpháirtithe Sóisialta é i mí Eanáir 2005. D'aithin an Plécháipéis réimse féidireachtaí maidir le timpeall 40 saincheist ar leith.

Bhí an Plécháipéir faoi "Sainordú agus Acmhainní na Cigireachta Saothair" mar bhonn do bhreathnú breise ag Grúpa Géilliúlachta na gCearta Fostaíochta (GGCF). Bhí ionadaithe as na Comhpháirtithe Sóisialta, Cónaidhm an Tionscal Tógála agus Ceardchumann na Seirbhísí, Tionscail, Gairmiúla agus Teicniúla, chomh maith leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Roinn an Taoisigh agus an Roinn Airgeadais, ar an GGCF. Tá Tuarascáil an GGCF ina threoir díospóireachta i gcomhthéacs na gcainteanna faoi bhabhta nua den chomhpháirtíocht sóisialta náisiúnta.

I measc príomhghnéithe Thuarascáil GGCF tá roghanna maidir le:

- ▶ Cuíochíriú rochtana ar shásamh trí na Comhlachta Cearta Fostaíochta atá ann cheana;
- ▶ Gnáthaimh géilliúlachta Chearta Fostaíochta a astiúradh ó na Cúirteanna Sibhialta chuig Comhlachtaí Cearta Fostaíochta;
- ▶ Níos mó béime ar choinneáil chúí taifid chomh maith le níos mó trédhearcachta maidir le pá agus leis an bhfaisnéis ghaolmhar a thugtar d'fhostaithe ar dhuillíní pá;
- ▶ Feabhsúcháin eagrúcháin ar an seirbhís a chuireann Rannóg Ghéilliúlachta Cearta Fostaíochta an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ar fáil – an Chigireacht Saothair san áireamh.
- ▶ An fhéidireacht maidir le Gníomhaireacht Reachtuil neamhspleách a bhunú in áit an Rannóg Ghéilliúlachta Cearta Fostaíochta atá ann faoi láthair.
- ▶ Mórinfheistíocht in Oideachas agus i gCraobhscaoileadh faisnéise faoi oibleagáidí agus teidlíochtaí chearta fostaíochta d'fhostóirí agus d'fhostaithe araon.

Achtófar reachtaíocht nua Sláinte agus Sábháilteachta agus leasófar ina dhiaidh sin na rialacháin feidhme ginearálta a théann leis chomh maith le roinnt de na Rialacháin a bhaineann go sonrach le hearnálacha áirithe.

agus

Cuirfear treoirlínte le chéile do gach páirtí i réimse na sábháilteachta, sláinte agus leasa ceirde.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana in achtú agus i dtosach feidhme an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair agus le Reachtaíocht de chuid an AE. Tháinig an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair ina dhlí ar an 1 Meán Fómhair 2005. Déantar comhdhlúthú leis an reachtaíocht sin ar reachtaíocht phríomhúil na sábháilteachta, sláinte agus leasa in aon reacht amháin agus cuirtear béim láidir ar fhreagrachtaí agus cearta na bhfostóirí agus na bhfostaithe araon i réimse na sláinte agus na sábháilteachta. Ar chúrsaí seachanta atá an príomhbhéim agus forálar chomh maith d'fhineáil agus do phionóis atá ardaíte go suntasach d'fhonn an mionlach a sháraíonn dlíthe sláinte agus sábháilteachta a chosc. Tá scéim d'fhineáil ar an láthair de réir rialachán mar chuid de. Forálar leis gur féidir cinneadh go bhfuil stiúrthóirí agus bainisteoirí freagrach sa chás go raibh siad comhpháirteach i ngníomhartha ba shiocair le bás nó timpiste. Cuireadh dhá threoir faoin reachtaíocht le chéile chomh maith agus tá siad ar fáil go poiblí ar shuíomh idirlín an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ag www.HSA.ie

Rinneadh dul chun cinn maith freisin sa dréachtadh ar Rialacháin nua Feidhme Ginearálta agus ar Rialacháin Tógála nua. Thug an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi phróiseas comhairliúcháin poiblí maidir le dréacht de Rialacháin Feidhme Ginearálta nua agus beart comhairliúcháin eile ar dhréacht de na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil) nua. Bhí dréachtanna críochnúla á n-ullmhú ag deireadh na bliana d'fhonn a gcur faoi bhráid Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte chun a ndréachtadh mar dhlí.

Seoladh Tuarascáil an Ghrúpa Comhairleach Saineolaithe ar Bhullaíocht san Ionad Oibre i mí Lúnasa 2005. Beidh na príonsabail a leag an Grúpa síos sa Tuarascáil ina bhun le plé an Rialtais ar an gceist san am atá ag teacht. Lorgaíodh agus fuarthas tuairimí na bPáirtneirí Sóisialta agus pháirtithe leasmhara eile maidir le bullaíocht san ionad oibre agus faoi dheireadh 2005 bhí an Roinn i mbun mholadh de chuid an Ghrúpa a chur i bhfeidhm maidir le suirbhé leanúntais a dhéanamh faoi bhullaíocht san ionad oibre a thabharfadh eolas don Rialtas, mar aon le tuairimí na bPáirtithe Sóisialta agus pháirtithe leasmhara eile, faoin mbealach ab fhearr chun moltaí an Ghrúpa Comhairleach Saineolaithe a chur i bhfeidhm.

Gallán 2 - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán



Tony Killeen, T.D., Minister for Labour Affairs at the publication of the Report of the Expert Advisory Group on Workplace Bullying

Déanfar athbhreithniú ar dhéanamh na seirbhíse ag an mBinse Achomhairc Fostaíochta.

Lean an Binse Achomhairc Fostaíochta i rith 2005 den athbhreithniú ar an nós imeachta inmheánach ann d'fhonn feabhas a chur ar an tseirbhís do na custaiméirí. Aontíodh Cairt Seirbhíse don Chustaiméir a bhfuil de sprioc leis go mbeidh custaiméirí a bhaineann úsáid as an tseirbhís sásta go ginearálta leis an tseirbhís a fhaigheann siad ón mBinse. Tá an Binse gníomhach chomh maith ina rannpháirtí den Ghrúpa Cearta Fostaíochta a bhunaigh an tAire Gnóthaí Fostaíochta.

Dheonaigh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ciste don Bhinse i rith 2005 don dearadh agus don fhorbairt ar shuíomh idirlín sainiúil, neamhspleách. Tá i gceist go mbeadh an suíomh idirlín nua sainiúil beo go luath sa bhliain 2006.

Bearta Straitéiseacha Breise a rinneadh maidir leis an aidhm sin

Seirbhísí cearta fostaíochta don phobal

Tá tábhacht ar leith, maidir leis na seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil don phobal, leis an ngá seirbhísí ardchaighdeán a chaomhnú agus féachaint i gcónaí le feabhas a chur air agus monatóireacht a dhéanamh ar na torthaí. Baineann cuid mhór de na seirbhísí a chuireann an Roinn ar fáil go díreach don phobal – d'fhostaithe agus d'fhostóirí – le cearta fostaíochta. Áirítear orthu sin seirbhísí eolais, cigireachta, ionchúisimh agus forfheidhmithe agus seirbhísí trína gcuirtear íocaíochtaí iomarcaíochta agus dócmhainneachta ar fáil.

Eolas

Ba é 122,283 líon iomlán na bhfiosruithe a raibh plé leo ag Aonad Eolais Cearta Fostaíochta na Roinne, a oibríonn ón 9.30 a.m. go dtí an 5.00 p.m. ó Luan go hAoine. Chomh maith leis sin, déileáladh le 3,073 teachtaireacht ríomhphoist, 6,097 iarratas ar theachttaireacht glóir agus 887 comhairliúcháin beirte. Rinne an tAonad cúig chuairt ar Ionaid Eolais Saoránaigh agus rinneadh roinnt cur i láthair i rith na bliana. Ceadaiodh leathanach eolais an Aonaid ar shuíomh idirlín na Roinne 94,847 uair.

Tá réimse cuimsitheach bileoga agus treoracha mínithe maidir le teidliochtaí éagsúla faoi reachtaíocht na gcearta fostaíochta, sraith de bhileoga eolais i ndeich gcinn de theangacha faoi reachtaíocht na gcearta fostaíochta in Éirinn san áireamh, ar fáil ach iad a iarraidh nó trí shuíomh idirlín na Roinne. Bíonn siad ar fáil freisin ó Ionaid Eolais Saoránaigh go háitiúil, ón Immigration Council of Ireland, ó ambasáidí agus ag pointí iontrála na n-imirceach.

Cigireacht

Rinneadh 5,719 scrúdú/cuairt cigireachta i rith na bliana 2005 agus 2,007 díobh sin maidir leis an Acht um Chosaint Daoine Óga 1996. Sa chás sin, rinneadh 1,443 scrúdú/cuairt cigireachta i rith na hoíche. Go luath sa bhliain 2005, cuireadh roinnt baill foirne tábhachtacha de chuid an Chigireacht Saothair, triúr Cigirí san áireamh, i mbun imscrúdaithe mór amháin in Earnáil na Tógála ar feadh mórchuid a gcuid ama oibre. De thoradh ar an obair sin, agus bearta de chuid an Choimisiún um Chaidreamh Oibreachais agus na Cúirte Oibreachais, baineadh amach leasuithe suntasacha ar a gcuid pá do roinnt fostaithe iasachta.

Ar an 12 Aibreán 2005, d'fhógair an tAire Fiontair, Trádála & Fostaíochta go raibh sé ag ceadú na earcaíochta ar dheichniúr Cigirí Saothair breise. Is ag freastal go díreach ar na riachtanais a aithnítear, agus de bharr an chaidrimh leis na Páirtithe Sóisialta, na hardaithe is deireanaí seo ar líon na n-acmhainní trinar méadaíodh ar fhoireann na gCigirí ó dheichniúr go luath sa bhliain 2000 go dtí 31 Oifigeach faoi láthair. Bhailigh na Cigirí riaráistí airgid ghanníocaíochta le fostaithe maidir le pá, ragobair, pá saoire, etc. dar luach €469,000 i rith na bliana atá faoi chaibidil. Cuireadh 25 cás, a d'eascair ó obair na gCigirí Saothair, faoi bhráid Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) tríd an Aonad Ionchúisimh i Rannóg na gCearta Fostaíochta d'fhonn ionchúisimh.

Gallán 2 - Obair agus Foghlaim d'Ardchaighdeán

Ionchúiseamh agus Forfheidhmiú

Tionscnaíonn an Roinn ionchúiseamh thar ceann an Aire i gcás sáraithe líomhanta ar reachtaíocht na gcearta fostaíochta. Seo a leanas an phróiseáil ar chásanna in 2005 i gcomparáid le 2004:

	2005	2004
Líon na gcásanna a cuireadh faoi bhráid OPAS59	54	54
Líon na gciontuithe	31	17
Cásanna a Tugadh chun Críche go Sásúil/a Tarraingíodh Siar	29	20

Déileálann an Roinn chomh maith le forfheidhmiú i gcás dhámhachtainí de chuid na Cúirte Oibreachais agus an Bhinse Achomhairc Fostaíochta trí na Cúirteanna. Seo a leanas an obair fhorfheidhmithe in 2005 i gcomparáid le 2004:

<i>Obair Fhorfheidhmithe</i>	<i>Cásanna Nua a Cláraíodh</i>	<i>Cásanna a cuireadh faoi bhráid OPAS</i>	<i>Cásanna a Tugadh chun Críche</i>	<i>Riaráistí a Bailíodh</i>	
2005	59	24	53	€93,000	2004 54 35
	62	€117,000			

Faoin Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) 1996, ní mór go dtiocfadh leanaí atá ag obair i dtionscal na siamsaíochta a theacht faoi cheadúnas. Is san Aonad a dhéantar iarratais ar cheadúnais den chineál sin a phróiseáil agus eisíodh 79 ceadúnas den chineál sin in 2005 agus in 2004 faoi seach.

Íocaíochta Iomarcaíochta


Rinne an Roinn Íocaíochtaí Iomarcaíochta maidir le 22,009 fostaí in 2005 ar bhain caiteachas €149.50m leo.

Íocaíochtaí Dócmhainneachta

5,247 líon iomlán na gcásanna a ndearnadh próiseáil orthu faoi Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta in 2005. Bhí 1,957 fostaí agus 183 fostóir i gceist. Caiteachas iomlán de €4.56m a rinneadh.

Gallán 3

Margaí agus
Rialachán a chur ag
Obair níos Fearr



Gallán 3 - Margaí agus Rialachán a chur ag Obair níos Fearr

An tÚdarás Iomaíochta

Cuspóir

Cinntiú go mbíonn dóthain acmhainní agus cumhachta ag an Údarás Iomaíochta chun an misean atá aige a chomhlíonadh.

Beart Straitéiseach

Cuideofar leis an Údarás sa leathnú ar Rannóg na gCumasc d'fhonn freastal ar an éileamh méadaithe agus coinneofar cúrsaí foirne agus airgeadaithe an Údaráis faoi athbhreithniú.

Ceapadh seisear cásoifigeach i Rannóg na gCumasc san Údarás in 2005.

Ceadaiodh, in 2005 chomh maith, seachtar cásoifigeach nua a earcú i Rannóg na gCairtéal san Údarás. Fágann an t-ardú is deireanaí seo go bhfuil líon foirne an Údaráis méadaithe faoi dhó ón 2000. Foilsíonn an tÚdarás Tuarascáil Bhliantúil dá chuid féin maidir lena chuid oibre agus tá sin ar fáil ag www.tca.ie.

Iomaíocht in earnálacha cosanta

Cuspóir

Díshrianadh a dhéanamh i gcás iomaíochta agus geilleagar oscailte a dhéanamh d'earnálacha cosanta.

Bearta Straitéiseacha

Déanfar anailís ar na forálacha rialála reatha a dhéanann srianadh ar iomaíocht agus cuirfear moltaí ar aghaidh maidir le rialacháin nó reachtaíocht nua d'fhonn go bhféachfaí le haon sriantaí míchuibhiúla ar an iomaíocht a chur as an tslí.

Cuirfear le ról na hiomaíochta agus an bheartais maidir le tomhaltóirí d'fhonn díshrianadh a dhéanamh i gcúrsaí iomaíochta agus geilleagar oscailte a dhéanamh d'earnálacha cosanta.

Lean an tÚdarás Iomaíochta den staidéar cuimsitheach ar ghairmeacha in earnálacha na tógála, an leighis agus an dlí i rith 2005. Foilsíodh réamhthuarascálacha ar ghairmeacha an dlí, na fiacloireachta agus na hoptaiméadrachta i rith na bliana.

D'eisigh an tÚdarás, i gcomhar leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, an tuarascáil deiridh maille le moltaí faoin iomaíocht in earnáil an árachais neamhshaoil i mí Márta 2005. D'fhoilsigh an tÚdarás an tuarascáil deiridh maille le moltaí faoin iomaíocht in earnáil na baincéireachta neamhinfheistíochta i mí Meán Fómhair 2005.

An tOrdú um Chleachtais Srianta (Earraí Grósaera) 1987

Ag eascairt as moladh an Ghrúpa Straitéise Tomhaltóirí gur chóir an tOrdú Earraí Grósaera a aisghairm ina iomláine, d'aontaigh an Rialtas le moladh an Aire go gcuirfí próiseas comhairliúcháin poiblí ar bun maidir lena mbeadh i ndán don Ordú. Foilsíodh athbhreithniú agus tuarascáil faoin bpróiseas comhairliúcháin poiblí i mí na Samhna 2005 agus d'fhógair an tAire ina dhiaidh sin go raibh cinnte ag an Rialtas an tOrdú Earraí Grósaera a aisghairm ina iomláine. Achtaíodh an reachtaíocht phríomhúil ba ghá chun an tOrdú a aisghairm, an tAcht Iomaíochta (Leasú) 2006, i mí Márta 2006. Treisítear leis an reachtaíocht sin chomh maith leis an toirmeasc ar phraghasanna athdhiolta socraithe, ar idirdhealú éagórach (téarmaí éagsúla a chur i bhfeidhm i gcás bhearta comhionanna), ar liúntais fógraíochta agus ar "airgead heaileo". Ag teacht lena gcuid feidhmeanna faoin reachtaíocht, déanfaidh an Roinn agus na hOifigi atá faoina coimisce athbhreithniú agus monatóireacht ar struchtúr agus ar oibriú earnáil na grósaeireachta sna blianta atá ag teacht.

An tOrdú um an Acht Iomaíochta 2002 (Alt 34(11)) (An tÚdarás Árachais Sláinte) 2005 (I.R. Uimh. 127 de 2005):

Foráiltar in Alt 34 den Acht Iomaíochta, 2002 do chomhaontuithe comhoibrithe idir an tÚdarás Iomaíochta agus comhlachtaí reachtúla áirithe eile a shonraítear i liosta i Sceideal 1 an Achta. Cuireann an tOrdú seo tús leis an gcomhaontú comhoibrithe foirmeálta idir an tÚdarás Iomaíochta agus an tÚdarás Árachais Sláinte (UÁS) faoin Acht sin d'fhonn bealach a réiteach d'fhaisnéis a roinnt eatarthu.

Beartas Tomhaltóirí

Cuspóir

Beartas tomhaltóirí nua a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm de réir an tsárchleachtais go hidirnáisiúnta arna bhunú ar chreat institiúide agus reachtaíochta nua-aoiseach.

Gallán 3 - Margat agus Rialachán a chur ag Obair níos Fearr

Beart Straitéiseach

Déanfar forbairt ar bheartas nua tomhaltóirí agus ar struchtúir taca dá réir ag féachaint le leas an tomhaltóra a chur chun cinn agus a chosaint bunaithe ar obair an Ghrúpa Straitéise Tomhaltóirí.

Foilsíodh Tuarascáil deiridh an Ghrúpa Straitéise Tomhaltóirí “Make Consumers Count: A New Direction for Irish Consumers” i mí Bealtaine 2005. Tá os cionn 30 moladh ar leith sa Tuarascáil maidir le straitéis bheartas tomhaltóirí náisiúnta a thabhairt chun cinn. Baineann na moltaí le réimse Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí éagsúla a mbíonn tionchar ag a gcuid oibre ar an saol laethúil ag tomhaltóirí.

Ba é príomh-mholadh an Ghrúpa Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí nua a bhunú a dtabharfaí Oifig an Stiúthóra Gnóthaí Tomhaltóirí, mar atá, isteach leis. Mhol an Grúpa gur cheart go mbeadh dualgais shonracha reachtúla ar an nGníomhaireacht nua i réimsí ar nós aighneacht ar son tomhaltóirí, taighde, oideachas agus feasacht, forfheidhmiú agus eolas. Ghlac an Rialtas go hiomlán leis an moladh sin agus bhí ullmhúchán maidir le bunú na Gníomhaireachta nua ar siúl faoi dheireadh na bliana 2005.

De bharr scóp forleathan Thuarascáil an GST, bunaíodh Coiste Ardleibhéil Idir-rannach chun scrúdú a dhéanamh maidir leis na moltaí i dTuarascáil an GST a chur i bhfeidhm. D’aontaigh an Coiste go bunúsach leis na moltaí éagsúla a bhí déanta ag an nGrúpa Straitéise Tomhaltóirí.

An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí (GNT)

Nuair a cheadaigh an Rialtas bunú na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóirí, aontaíodh chomh maith Bord a cheapadh don Ghníomhaireacht nua a d’fheidhmeadh ar bhonn eatramhach go dtí gur féidir an GNT a bhunú ar bhonn reachtúil. Ceapadh Cathaoirleach agus dhá chomhalta déag eile ar an mBord Eatramhach. Ó ceapadh é, tá an Bord Eatramhach an-ghníomhach ag déanamh aighneachta thar ceann tomhaltóirí. Ghlac an Bord páirt ghníomhach sa phróiseas comhairliúcháin poiblí maidir lena mbeadh i ndán maidir leis an Ordú Earraí Grósaera i lár 2005 agus chuaigh sé i mbun feachtas feasachta poiblí feiceálach maidir le cearta an tomhaltóra sa dara leath den bhliain chomh maith. Cuideoidh an Bord Eatramhach, ag leanacht dó ina aighne tréan thar ceann an tomhaltóra, leis an ullmhúchán is gá chun cinntiú gur féidir leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí, arna bhunú go foirmeálta, dul i mbun oibre go beo. Táthar ag súil go bhfoilsíofar an reachtaíocht trína mbunófar an Ghníomhaireacht nua in 2006 agus go mbeidh an Ghníomhaireacht nua i mbun oibre in 2007.



Micheál Martin, T.D., Minister for Enterprise, Trade & Employment announcing the repeal of the Groceries Order

Tairseach Chosaint Tomhaltóra

Luadh Tairseach Chosaint Tomhaltóra a thabhairt chun cinn mar thogra tús áite in athbhreithniú 2003 na Roinne ar an n-Straitéis. Tosaíodh, i gcomhar le Comhairle²⁴, ar an Tairseach a thabhairt chun cinn i mí Deireadh Fómhair 2004 agus tugadh chun críche é i mí Meán Fómhair 2005. Cuireann an Tairseach eolas ar fáil ar líne don tomhaltóir maidir le réimse leathan ábhair, sábháilteacht táirgí, lipéadú táirgí, creidmheas tomhaltóirí, seirbhísí, deismireachtaí sásaimh, cearta tomhaltóirí etc. san áireamh. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí faoin bhforbairt leanúnach ar an Tairseach mar chuid den dualgas reachtúil a bheartaítear dó maidir le heolas a chur ar fáil don tomhaltóir.

Tabharfar an t-athbhreithniú ar dhlí na dtomhaltóirí chun cinn chun cinntiú go mbíonn dlí na dtomhaltóirí níos sothuigthe agus ag teacht le riachtanais an tomhaltóra.

Pléann an chéad chéim den athbhreithniú cuimsitheach ar reachtaíocht na dtomhaltóirí atá ar siúl ag an Roinn le trasuíomh Threoir na gCleachtas Tráchtála Eagórach ar ghlac Aontas na hEorpa leis i mí Meitheamh 2005 agus le hathbhreithniú agus, nuair is cuí sin, le haisghairm na reachtanna Éireannacha a thagann faoina scáth. Déanfar leis sin aon reacht amháin a chur in áit suas le deich gcinn de na hAchtanna reatha, rud a dhéanfaidh simpliú suntasach ar an réimse seo de dhlí na dtomhaltóirí don tomhaltóir agus do lucht gnó. Is bearta nua i ndlí na hÉireann gnéithe áirithe den reachtaíocht nua a bheartaítear – toirmeasc ginearálta ar chleachtais thráchtála éagóracha agus toirmeasc sonracha ar chleachtais thráchtála

Gallán 3 - Margaí agus Rialachán a chur ag Obair níos Fearr

ionsaitheacha mar shampla – a thabharfaidh cosaint nua don tomhaltóir. Bhí plé mhion ag an Roinn in 2005 le Coimisiún na hEorpa maidir le trasuíomh Threoir na gCleachtas Tráchtála Eágórach agus tugadh faoi ualach mór anailise ullmhúcháin agus taighde ar an dlí d'fhonn an reachtaíocht nua a bheartaítear a thabhairt isteach in 2006.

Chomh maith leis an athbhreithniú atá ar siúl ar reachtaíocht na dtomhaltóirí, ardaíodh na piónóis airgid maidir le sárú ar sheacht mír den reachtaíocht sin le hAltanna 68 go dtí 74 an Achta um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005.

Dlí na gCuideachtaí agus Gníomhaireachtaí Rialála

Cuspóir

Comhoibriú agus tacú le OCC, CCC, OSFC agus ÚMICÉ (arna bhunú go foirmeálta) agus monatóireacht a dhéanamh orthu ag féachaint leis an sprioc ardleibhéil maidir le hardchaighdeáin rialachais chorpáide a bhaint amach.

Beart Straitéiseach

Cuirfear Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 i bhfeidhm agus bunófar go háirithe Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ar bhonn reachtúil a luaithe is féidir.

Rinneadh na socrúithe riachtanacha, go háirithe sa ráithe deiridh de 2005, chun Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA)²⁵ a bhunú, agus bunaíodh de réir reachta é ar an 3 Eanáir 2006 leis an gcuid is mó de na cumhachtaí a bhforálar dóibh in Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003. Tá sé ar cheann de phríomhfheidhmeanna ÚMICÉ maoirseacht a dhéanamh ar rialáil na n-eagras cuntasaíochta ar a gcuid comhaltaí iniúcháora agus cuntasóra féin.

Chomh maith leis na straitéisí a leagtar amach i Ráiteas Straitéise na Roinne 2005 – 2007 faoi Dlí na gCuideachtaí & Gníomhaireachtaí Rialála, bhí trí bheart scrúdaithe ar leabhair agus cháipéisí cuideachtaí fós le tabhairt chun críche ag oifigeach údaraithe an Aire faoi alt 19 Achta na gCuideachtaí 1990 ag deireadh 2005. Is iad na cuideachtaí iad, College Trustees Ltd., Guinness & Mahon (Ireland) Ltd. agus Hamilton Ross Co. Ltd. I mí Meitheamh 2005, threoraigh an tAire don oifigeach údaraithe cibé eolas nó

cuidiú a d'eascródh óna chuid oibre imscrúdaithe a bheadh de dhíth ar údarais phoiblí ábhartha, Binsí Fiosrúcháin san áireamh, chun críche a gcuid feidhmeanna reachtúla chomhlíonadh a chur ar fáil do na húdarais sin. Bhíothas ag leanacht ar aghaidh leis an bpróiseas sin ag deireadh na bliana. Ba é cuspóir a bhí ag an Aire leis an treoir sin a thabhairt go dtabharfadh na húdarais chuí faoi aon cheist a n-éileofaí beart uathu ina leith chomh luath agus ab fhéidir.

Creat reachtúil cuideachtaí don tionscal seirbhísí airgeadais

Cuspóir

Creat solúbtha reachtúil a sholáthar don fheithicilí corparáideacha a bhíonn in úsáid ag an tionscal seirbhísí airgeadais. Cuirfidh sé seo ar chumas na hÉireann a seasamh iomaíochta a fhorbairt le daoine a mhealladh teacht anseo chun cuideachtaí seirbhísí airgeadais a chur ar bun.

Beart Straitéiseach

Cuirfear creat reachtaíochta ar fáil don fheithicil nua chistí infheistíochta (Ciste Conarthach Comónta Neamh-UCITS (Gnóthais don Infheistíocht Chomhthiomsaithe in Urruís Inaistrithe) (CCF)); agus dlíteanas scartha agus tras-infheistíocht do chuideachtaí infheistíochta.

Foráladh don fheithicil nua chiste infheistíochta (neamh-UCITS CCF) san Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 a síníodh ina dhlí ar an 29 Meitheamh 2005. Foráladh san Acht chomh maith do thras-infheistíocht agus do dhlíteanas scartha a thabhairt isteach i gcás chistí infheistíochta.

Chomh maith leis sin, réitigh an tAcht an bealach do thrasuíomh Threoracha de chuid an AE faoi Mhí-Úsáid Mhargaidh agus Réamheolairí. Rinneadh roinnt athruithe ginearálta eile ar dhlí na gcuideachtaí d'fhonn iomrall a ghlanadh as an tslí, crostagaírtí neamhiomlána nó míchruinne sa dlí a chur ina gceart agus freastal d'oilbriothóirí atá ag baint úsáide as teicneolaíocht leictreonach. Rinneadh leasuithe ar mhíreanna áirithe de reachtaíocht chosaint na dtomhaltóirí chun leibhéal na n-uasfhineáileacha is féidir a ghearradh ar chiontú a ardú, go príomha. Rinneadh leasuithe chomh maith ar an Acht um Painéal Táthcheangail na hÉireann, ar an Acht Iomaíochta, ar an Acht um Chumainn Tionscail agus Soláthair agus ar Acht an Bhainc Ceannais.

22 Ba chóir fiosrúithe maidir le IAASA a sheoladh chuig IAASA ag Willow House, Páirc na Mílaoise, An Nás, Co. Chill Dara; ríomhphost: info@iaasa.ie. Tuilleadh eolais ar fáil ag www.iaasa.ie.

Gallán 3 - Margat agus Rialachán a chur ag Obair níos Fearr

Maidir leis an gcreat dlí níos leithne do thionscal na gcistí, tugadh de chumhacht don Aire faoin Acht chomh maith Rialachán a dhéanamh chun malairt caighdeán chuntasaíochta a shonrú a bhféadfadh cuideachtaí infheistíochta cloí leo. Rinneadh na Rialachán sin i mí Iúil agus tugtar breis solúbthachta leo do thionscal na gcistí ionas gur féidir leo roghnú cloí le caighdeán chuntasaíochta SAM, Cheanada nó na Seapáine.

Tabharfar tograí ar aghaidh maidir le comhdhlúthú ar fhorálacha reachtaíochta a bhaineann le gach cuideachta infheistíochta.

Ullmhaíodh dréacht-thogra don chomhdhlúthú/caomhchóiriú ar fhorálacha maidir le gach Scéim Infheistíochta Comhthiomsaithe. Cuireadh tús le comhairliúchán leis an Rialálaí agus leis an Tionscal. Tar éis an phróiseas comhairliúcháin i rith 2006, cuirfeair bailchríoch ar an togra.

Bhí na bearta seo a leanas ar na Bearta Straitéiseacha Breise a Rinneadh d'fhonn Spriocanna a bhaint amach in 2005:

- ▶ Rinneadh Rialachán i mí na Nollag chun an t-ualach a laghdú ar chuideachtaí maidir le suimeanna inchomórtais a léiriú sna cuntais agus iad ag athrú d'fhonn caighdeán chuntasaíochta nua a shásamh. Bhí tábhacht ar leith leis sin do thionscal na gcistí de bharr na dtréimhsí ama ina dtiomsaítear na cuntais acusan.
- ▶ Rinneadh Rialachán i mí na Samhna chun an bealach a réiteach do Chóras Frithpháirtí Lárnaigh (FPL) a thabhairt isteach do mhargadh urrús na hÉireann. Réitíonn socruithe FPL a chur ar fáil an bealach don chaomhchóiriú ar phróiseáil bearta i margadh chothromas na hÉireann, ní a thugann buntáiste arís do thionscal na gcistí agus d'earnáil na seirbhísí airgeadais go ginearálta.

Reachtaíocht an AE maidir le dlí na gcuideachtaí

Cuspóir

Cion a dhéanamh in obair reachtaíochta Chomhairle agus Choimisiún an AE maidir le dlí na gcuideachtaí d'fhonn treisiú agus forbairt ar an Margadh Inmheánach.

Beart Straitéiseach

Achtófar clár de reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach mar is cuí chun foráil do thrasuíomh reachtaíochta nua de chuid an AE, lena n-áirítear:

- ***Reacht na gCuideachtaí Eorpacha;***
- ***Reacht na gComharchumann Eorpach;***
- ***Leasuithe ar an gCéad Treoir Dlí na gCuideachtaí;***
- ***Treoir faoi Déileáil Chos Istigh agus Ionramháil Mhargaidh (Mí-Úsáid Mhargaidh);***
- ***Rialachán Chaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta;***
- ***Athchóiriú ar Threoracha faoi Chuntasaíocht, Réamheolairí, Táthcheangail, Dualgais Follasachta.***

Rialachán Reachta na Cuideachta Eorpaí (2157/2001/EC)

Foráiltar leis an Reacht seo do rogha ag cuideachtaí áirithe Cuideachta Eorpach a bhunú arna aithint go hoifigiúil faoin ainm Laidine 'Societas Europae' (SE). Go bunúsach, fágтар de rogha ag cuideachtaí atá i mbun gnó i níos mó ná Ballstát amháin aitheantas a bheith aici mar chuideachta amháin faoi dhlí an AE. Beidh dá bhrí sin ar chumas na gcuideachtaí sin feidhmiú ar fud an Aontais Eorpaigh faoi aon tacar rialacha amháin agus faoi chúras bainistíochta agus tuairiscithe comhtháite. Bunaítear SE le dhá mhír reachtaíochta, eadhon Rialachán CE 2157/2001 (lena mbunaítear rialacha dhlí na gcuideachtaí) agus Treoir 2001/86/CE (maidir le páirteachas oibrithe). Leanadh den obair ullmhúcháin maidir leis na deismireachtaí seo a thabhairt i bhfeidhm i rith 2005.

Athchóiriú ar Threoracha faoi Chuntasaíocht, Réamheolairí, Táthcheangail, Dualgais Follasachta.

I rith 2005, thángthas ar aontú polaitiúil ag leibhéal an AE ar théacs leasaithe an 8ú Treoir Dlí na gCuideachtaí maidir le hiniúchadh reachtúil. Féachtar leis an Treoir nua seo faoi

Gallán 3 - Margáí agus Rialachán a chur ag Obair níos Fearr

iniúchadh reachtúil le feidhm an iniúchta reachtúil a threisiú agus a thabhairt i gcomhréir ar fud an AE. Leagtar amach prionsabail maidir le mairseacht phoiblí i ngach ballstát, tugtar isteach coinníoll maidir le cinntiú cáilíochta ón taobh amuigh agus soiléirítear dualgais na n-iniúcháirí reachtúla. Tá de sprioc leis an trost sa tuairisciú airgeadais a thabhairt ar ais agus cur leis an gcosaint in aghaidh scannal chorparáide den chineál a tharlaíodh. Tugadh an obair maidir leis an Treoir a fhoilsiú ar aghaidh go dtí 2006. Ina dhiaidh sin féin, bhí beart déanta roimh ré in Éirinn maidir le coinníollacha a measadh a bheadh sa Treoir agus achtaíodh dá réir sa tír seo in Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003.

Treoir Déileála Cos Istigh agus Ionramhála Margaidh (Mí-úsáid Mhargaidh) (2003/6/EC)

Is é is aidhm leis an Treoir Déileála Cos Istigh agus Ionramhála Margaidh (Mí-úsáid Mhargaidh) ionracas mhargáí airgeadais na hEorpa a chur chun cinn. Féachtar leis sin a dhéanamh trí chreat dlí i gcoiteann a thabhairt isteach san AE d'fhonn déileáil chos istigh agus mí-ionramháil ar an margadh a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus smachtbhanna a chur i bhfeidhm mar gheall orthu. Forálar leis chomh maith do chreat i gcoiteann maidir le nochtadh eolais don mhargadh.

Tugtar feidhm iomlán don Treoir leis na Rialacháin um Mí-úsáid Mhargaidh (Treoir 2003/6/CE) 2005, a tháinig i bhfeidhm ar an 6 Iúil 2005 in éineacht le Cuid 4 an Achta um Chistí Infheisteachtaí, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005. Baineann an reachtaíocht nua le haon ionstraim airgeadais a ligtear ar mhargadh rialáilte d'fhonn trádála (nó sa chás go bhfuil iarratas déanta ar chead trádála) agus tugtar isteach cion nua faoi dhlí na hÉireann, eadhon, ionramháil mhargaidh. Tagann na Rialacháin seo a bheag nó a mhór in ionad Cuid V d'Acht na gCuideachtaí 1990, a ndearnadh foráil leis go dtí seo maidir le déileáil chos istigh, agus Achta na gCuideachtaí (Leasú) 1999 lena ndearnadh foráil do bhearta cobhsaithe maidir le hurrúis a eisiúint nó a dhíol.

Rialachán um Chaighdeáin Chuntasaíochta Idirnáisiúnta (CE 1606/2002)/ Treoir Nuachóirithe na bhForálacha Cuntasaíochta (2003/51/CE)

Éilítear le Rialachán Chomhairle na hEorpa (CE1606/2002) dar dáta 19 Iúil 2002 go n-ullaíonn cuideachtaí liostaithe a gcuid cuntas comhdhlúite de réir Chaighdeáin Tuairiscíochta Airgeadais Idirnáisiúnta ó 2005 ar aghaidh. Leasaítear Ceathrú agus Seachtú Treoir Dlí na gCuideachtaí an Aontais Eorpaigh, lena ndéantar rialachas maidir le hullmhú chuntas bliantúil agus chuntas comhdhlúite faoi

seach, le Treoir AE 2003/51/CE den 18 Meitheamh 2003 a chuireann le Rialachán CE 1606/2002.

Tugtar éifeacht iomlán do Rialachán CE 1606/2002 agus do Threoir 2003/51/EC le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Caighdeáin Tuairiscíochta Airgeadais Idirnáisiúnta agus Leasuithe Ilghnéitheacha) 2005 (I.R. Uimh. 116 den bhliain 2005) agus cinntítear go bhfuil na roghanna cóireála cuntasaíochta atá ar fáil faoi na Caighdeáin Tuairiscíochta Airgeadais Idirnáisiúnta, arna bhformhuiniú ag an AE, ar fáil do chuideachtaí agus fágtar faoi chuideachtaí ar féidir leo agus ar mian leo cloí le Treoracha Cuntasaíochta an AE (arna gcur i bhfeidhm in Éirinn le hAcht na gCuideachtaí (Leasú) 1986 agus le Rialacháin Chuntas Grúpa 1992) mar bhonn lena gcuid cuntas, sin a dhéanamh más fearr leo. Déantar athruithe eile i bhfianaise na sárchleachtas tuairiscíochta reatha.

Treoir Réamheolaire (2003/71/EC)

Tugann an Treoir Réamheolaire na riachatanais maidir le dréachtadh, faomhadh agus dáileadh réamheolaire, atá le foilsiú nuair a thairgítear urrúis don phobal nó nuair a cheadaítear trádáil orthu ar mhargadh rialáilte atá lonnaithe in nó á oibriú i mBallstát, i gcomhréir. Tugann Rialachán Réamheolaire (Treoir 2003/71/EC) 2005 (I.R. Uimh. 324 de 2005) chomh maith le Cuid V den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 lánéifeacht don Treoir agus do Rialachán an Choimisiúin Uimh. 809/2004 lena bhfeidhmítear é. Is é príomhaidhm na reachtaíochta nua cur leis an gcosaint don infheisteoir trí réamheolairí ardchaighdeáin a bheith á gcur ar fáil agus feabhas a chur ar an éifeachtacht maidir le caipiteal a bhailiú ag an lucht eisiúna trí aon réamheolaire faofa amháin a bheith á eisiúint a mbeidh dlísteanas lena úsáid ar fud an AE. Tháinig na Rialacháin seo i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2005 agus rinneadh leasú agus feabhsú leo ar na riachatanais a bhain leis an réimse seo roimhe sin.

Treoir Tairiscintí Táthcheangail (2004/25/EC)

Forálar faoin treoir seo d'íosleibhéal comhréire, lena mbaineann prionsabail agus rialacha ginearálta áirithe, maidir leis an tslí inar cheart go ndéanfaí táthcheangal ar chuideachtaí liostaithe san AE a riar agus a mhaoirsiú. Tá d'aidhm leis leasa gach páirtí dá mbaineann a chosaint le linn bhearta dá leithéid ar bhealach cóir cothrom. Tíocfaidh athrú de bharr na Treorach ar chód táthcheangail na hÉireann arna shainléiriú san Acht um Painéal Táthcheangail na hÉireann 1997 agus sna Rialacháin a théann leis. Cuireadh tús in 2005 leis an obair ullmhúcháin ar an Treoir a chur i bhfeidhm agus bhíothas ag teacht leis an sceideal d'fhonn a thrasúiomh i reachtaíocht na hÉireann faoi spriocdháta an 20 Bealtaine 2006.

Gallán 3 - Margat agus Rialachán a chur ag Obair níos Fearr

Glacfar páirt in idirbheartaíocht faoi bhearta atá os comhair Chomhairle an AE faoi láthair agus maidir le bearta nua a mheastar a thabharfar ar aghaidh ón bPlean Gníomhaíochta Rialachais Chorpáraide/Dhlí na gCuideachtaí as seo go ceann trí bliana.

Treoir Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 faoi tháthcheangail trasteorann idir chuideachtaí teoranta ó thaobh fiachais (2005/ 56/EC)

Tugadh an idirbheartaíocht faoin Treoir Táthcheangail Trasteorann chun críche agus glacadh leis an Treoir i mí Deireadh Fómhair 2005. Is é is aidhm leis an treoir an bealach a réiteach do tháthcheangal trasteorann idir cuideachtaí teoranta ó thaobh fiachais faoi chuinsí fabhracha ó thaobh costais agus cinnteacht dlí de agus foráil do chreat ar féidir leis an bpróiseas seo tarlú faoina scáth. Is ar chuideachtaí nach suim leo cuideachta reachta a bhunú faoin Reacht Chuideachta Eorpaí atá sé dírithe go príomha, i.e. ar fhiontair bheaga agus mheánacha den chuid is mó.

Togra Parlaimint na hEorpa agus Chomhairle na hEorpa do leasú ar Threoir 78/660/CCE agus 83/349/CCE na Comhairle maidir le cuntais bhliantúla chineálacha áirithe cuideachtaí agus cuntais comhdhlúite

Cuireadh tús leis an togra seo a mheas ag leibhéal ghrúpa oibre de chuid Chomhairle na hEorpa go mall in 2004 agus leanadh de in 2005. Tá d'aidhm leis an togra cur arís leis an muinín as ráitis airgeadais agus tuarascálacha bliantúla a fhoilsíonn cuideachtaí de chuid an AE trína éileamh orthu eolas níos iontaofa agus níos iomláine a chur ar fáil do scarshealbhóirí agus do gheallsealbhóirí eile. Bainfear sin amach trí leasú ar Threoracha 78/660/CCE agus 83/349/CCE na Comhairle, dá ngairtear go hiondúil an 4ú agus an 7ú Treoir cuntasaiochta agus arb iad go príomha is bonn le riachtanais chuntasaiochta an AE. Meastar go nglacfar leis an mbeart in 2006.

Togra maidir le simpliú ar bhunú, chaomhnú agus athrú chaipitil cuideachta

Ar an 21 Meán Fómhair 2004, chuir Coimisiún na hEorpa togra do Threoir i láthair chun go mb'fhusa do chuideachtaí teoranta ó thaobh fiachais poiblí bearta áirithe a dhéanamh a bhaineann le méid, struchtúr agus úinéireacht a gcuid caipitil. Dhéanfaí leasú de réir an togra ar na codanna den Dara Treoir Dlí na gCuideachtaí 1976 maidir le bunú, caomhnú agus athrú caipitil. Táthar amach go mór san idirbheartaíocht maidir le haontú idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa maidir leis an togra seo.

Togra do Threoir de chuid Parlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le hoibriú a gcuid cearta vótála ag scarshealbhóirí i gcuideachtaí a bhfuil a n-oifig chláráithe i gceann de na Ballstáit agus a ligtear do thrádáil ar a gcuid scaranna ar mhargadh rialáilte agus a dhéanadh leasú ar Threoir 2004/109/CE.

Féachtar leis an togra seo le simpliú éifeachtúil a dhéanamh ar an bpróiseas vótála trasteorann agus le hiomrall idir na Ballstáit a laghdú. Dírithe ar chearta áirithe de chuid scarshealbhóirí ag cruinniú ginearálta cuideachta agus tugtar isteach ioschaighdeáin chun cinntiú go mbíonn fáil go tráthúil ag scarshealbhóirí ar eolas iomlán maidir le cruinnithe ginearálta agus go mbíonn deiseanna vótála simplithe acu gan freastal ar an gcruinniú ginearálta.

Is ó Phlean Gníomhaíochta Choimisiún na hEorpa maidir le Nuachóiriú ar Dhlí na gCuideachtaí agus Feabhsú ar Rialachas Corparáide san Aontas Eorpach, inar admhaíodh an gá freastal d'oibriú trasteorann ar chearta scarshealbhóirí, a eascraíonn an togra seo. Tá comhairliúchán poiblí déanta faoi dhó ag Coimisiún na hEorpa, ó Mheán Fómhair go mí na Nollag 2004 agus ó Bhealtaine go hlúil 2005, d'fhonn dearcadh pháirtithe leasmhara ar na príomhbhacanna roimh vótáil trasteorann agus ar na híoschaighdeáin a d'fhéadfadh an Coimisiún a mholadh maidir leis sin a fháil. Tá an Treoir bheartaithe le foilsiú ag an gCoimisiún go luath in 2006.

Acht Comhdhlúite agus Athchóirithe Dhlí na gCuideachtaí

Cuspóir

Togra do acht maidir le comhdhlúthú agus athchóiriú ar Dhlí na gCuideachtaí a thabhairt ar aghaidh bunaithe ar obair an Ghrúpa Athbheithnithe maidir le Dlí na gCuideachtaí

Beart Straitéiseach

Cuirfear scéim ghinearálta do Bhille Comhdhlúite agus Athchóirithe faoi bhráid an Rialtais in 2005 d'fhonn foilsiú agus achtú chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin

Tá an Dréachtadh ag leanacht ar aghaidh ar an mBille um Athchóiriú agus Comhdhlúthú ar Dhlí na gCuideachtaí. Ó tarraingíodh aird an Ghrúpa Athbheithnithe maidir le Dlí na gCuideachtaí ar athbheithniú dian ar Ráiteas Géilliúnais na Stiúrthóirí [Alt 45 Achta na gCuideachtaí (Iniúchadh & Cuntasaiocht) 2003] sa dara leath de 2005, ar iarratas an

Gallán 3 - Margáí agus Rialachán a chur ag Obair níos Fearr

Aire Trádála agus Tráchtála, cuireadh isteach ar dháta críochnaithe na Scéime Ginearálta don Bhille. Tá spriodhdháta sa dara leath de 2006 anois lena chríochnú sin.

Clár Athchóirithe maidir le cúrsaí Árachais

Cuspóir

Monatóireacht a dhéanamh ar an mBord Measúnaithe Diobhálacha Pearsanta nuabhunaithe agus cuidiú leis an misean atá aige a chomhlíonadh.

Beart Straitéiseach

Beifear i mbun beartaíochta leis agus ag tacú leis an mBord Measúnaithe Diobhálacha Pearsanta d'fhonn cur ar a chumas feabhas a chur ar an bpróiseáil ar éilimh diobhálacha pearsanta ionas go mbaintear amach feabhas seasta i bhfeidhmíú na margáí árachais go ginearálta chun leasa na gcustaiméirí agus an ghnó

Foilsíodh an chéad Tuarascáil Bhliantúil ag an mBord Measúnaithe Diobhálacha Pearsanta i mí Meán Fómhair 2005. Go dtí seo, tháinig 13,000 iarratas chuig an BMDP ó íospartaigh timpiste, an chuid is mó acu sin in 2005. Astu sin, bhí 5,000 éileamh a socraíodh roimh ré tar éis pháirt BMDP nó bhí cáipéisí éilimh á gcur faoi bhráid ag an éilitheoir. Bhí na 8,000 éileamh eile ag céimeanna éagsúla den phróiseas measúnaithe 9 mí.

Glacadh le trí cinn as gach ceithre measúnú de chuid an BMDP agus bhain iomlán de €2.7m leis an gcúiteamh a bronnadh. €185,000 an costas a bhain leis an gcúiteamh sin a thabhairt i gcrích, suim is ísle ná 10% den tsuim a ndearnadh measúnú ina leith. Faoin seanchóras dlíthíochta, bheadh costais dlíthíochta thart ar €1.2m i gceist, rud a fhágann sábháil iarbhir BMDP de €1.1m. Cuireadh measúnuithe i gcrích timpeall is trí huairé níos luaithe agus ar chostas timpeall is ceithre huairé níos saoire ná a dhéanfaí faoin gcóras dlíthíochta.

Leanann an Roinn den chaidreamh le BMDP d'fhonn cinntiú gur féidir talamh slán a dhéanamh den fheabhas luath seo agus breis a bhaint amach.

Tabharfar chun críche agus foilseofar an staidéar ar earnáil an árachais i gcomhar leis an Údarás Iomaíochta i rith 2005.

I mí Márta 2005 d'eisigh an tÚdarás Iomaíochta, i gcomhar leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, an tuarascáil agus na moltaí deiridh faoin iomaíocht in earnáil an árachais neamhshaoil le béim ar leith ar árachas mótaí, dliteanais fhostóra agus dliteanais phoiblí.

Rinneadh 47 moladh sa tuarascáil d'fhonn níos mó oscailteachta, follasachta agus iomaíochta a bheith ag baint le margadh an árachais in Éirinn. Fuarthas go raibh catagóirí áirithe de lucht mótaí, de ghnónna agus de ghrúpaí deonacha "faoi chuing" ag an soláthraí árachais reatha agus go raibh easpa ann maidir le heolas a ligfeadh dóibh tairiscintí árachais níos fearr a lorg. Fuarthas chomh maith go raibh cuideachtaí árachais nua agus reatha a raibh go leor teascóga tábhachtacha agus brabúsacha den mhargadh árachais á gcosc orthu.


Tá béim le moltaí an Údaráis ar an eolas is gá a bheith ar fáil chun margadh árachais na hÉireann a oscailt ionas gur féidir le cuideachtaí árachais nua agus reatha dul ar an bhfód, nó fairsingiú, i margadh árachais brabúsach na hÉireann agus chun go mbeadh de chumhacht ag lucht mótaí, lucht gnó agus ag grúpaí deonacha margadh níos fearr a lorg maidir le hárachas.

Tá obair ÚRSAÉ ag teacht faoi anáil mholtaí an Údaráis agus beidh a thoradh sin le feiceáil sna cóid de chuid ÚRSAÉ atá le theacht maidir le rialáil ar an tionscal. Go deimhin, tá ÚRSAÉ tosaithe cheana féin ar mholtaí an Údaráis a chur i bhfeidhm trí dháta foilsithe "leabhar gorm"²³ na staitisticí árachais a thabhairt chun cinn.

23 Tuairisc dar teideal "Insurance Statistical Review" a fhoilsítear gach bliain. Is ó na tuairisceáin rialála go príomha a chuireann na cuideachtaí árachais ar fáil don Rialtóir Airgeadais a fhaightear an t-eolas a bhíonn san athbhreithniú.

Pillar 4

Business Delivery, Modernisation & Customer Focus



Gallán 4 - Soláthar Gnó, Nuachóiriú agus Fócas ar an gCustaiméir

Seirbhís Chustaiméara den Scoth

Cuspóir

Seirbhís den chaighdeán is airde a chur ar fáil do na custaiméirí trí chaighdeán na seirbhíse don chustaiméir a leagtar síos sa Chairt Seirbhíse don Chustaiméir agus bearta áirithe ríomh-Rialtais chun leasa na gcustaiméirí a chur i bhfeidhm.

Bearta Straitéiseacha

Déanfar monatóireacht, measúnú agus feabhsú seasta ar na caighdeáin a leagtar amach i gCairt an Chustaiméara agus déanfar tuairiscíú rialta maidir le baint amach na gcaighdeán sin.

Déanfar monatóireacht, leathnú agus feabhsú seasta ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal agus do na páirtithe leasmhara agus féachfar le cur leis an ríomhsholáthar ar sheirbhísí nuair is cuí agus is féidir.

Cairt an Chustaiméara

Foilsíodh an tríú Plean Gníomhaíochta Seirbhíse don Chustaiméir de chuid na Roinne i mí Iúil. Baineann sé leis na blianta 2005 go dtí 2007 agus cuireann sé lena bhfuil bainte amach cheana. Leagtar amach ann na bearta nua trína bhfuil súil feabhas a chur ar sholáthar na seirbhíse. Tá de rún ag an Roinn le linn thréimhse an Phlean Gníomhaíochta go ndéanfar gach dícheall na caighdeáin a leagtar amach sa Plean Gníomhaíochta agus i gCairt an Chustaiméara a bhaint amach. Tá na cáipéisí sin ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag www.entemp.ie.

Na Prionsabail a bhaineann le Seirbhís Chustaiméara den Scoth

Mar bheart chun dhá phrionsabal déag na seirbhíse ardchaighdeán don chustaiméir a chur i bhfeidhm, rinne an tAonad Seirbhíse Ardchaighdeán don Chustaiméir scrúdú ar phleananna gnó na mblianta 2003, 2004 agus 2005 ag gach aonad gnó de chuid na Roinne arna meas trí chomparáid leis na prionsabail. Chuir an t-íniúchadh sin leis an nglacadh leis na prionsabail ACS i bpleananna gnó na Roinne ar leibhéal cainníochta agus cáilíochta trí chaighdeán a leagan síos agus socruithe a dhéanamh do mheas na feidhmíochta chomh maith le cuidiú chun meon seirbhíse don chustaiméir a chur chun cinn agus a fhorbairt ar fud na Roinne. In 2005, ba léir pleananna gnó gach

Aonad a bheith ag teacht go mór leis na prionsabail ACS agus leanfar ag tabhairt bealaí chun cinn chun a fheabhas agus a thagann a mheas.

Suíomh Gréasáin

Tá sé de rún ag an Roinn go ndéanfar forbairt leanúnach ar an suíomh gréasáin mar dheis cumarsáide maidir le heolas do na custaiméirí ar fad, iad siúd atá faoi mhíchumas san áireamh. Tugadh 90,000 cuairt in aghaidh na míosa ar an suíomh gréasáin i rith 2005. B'ionann sin agus ardú 28% ar fhihiúr 70,000 cuairt in aghaidh na míosa in 2004.

Taighde faoi Chúram don Chustaiméir

Tugadh clár leanúnach na Roinne maidir le taighde neamhspleách ar an gCúram don Chustaiméir chun críche in 2005. Déanfar plé agus scrúdú ar thorthaí na hoibre in 2006. Bunófar straitéis ina dhiaidh sin ar thorthaí an taighde lena sonrófar an bealach chun cinn agus lena dtabharfar faoi deara bealaí inar féidir cur leis an dúthracht maidir le seirbhís ardchaighdeán a chur ar fáil i gcomhairle leis na custaiméirí agus leis an bhfoireann.

Nós Imeachta maidir le Gearáin Mar chuid den díograis chun feabhas a chur ar na seirbhísí, déantar monatóireacht ar na gearáin ar fad tríd an Nós Imeachta maidir le Gearáin fhoirmiúla. Níor tuairiscíodh gearán foirmiúil ar bith i rith na bliana. .

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Déileáiltear i nGaeilge le hiarratais a thagann i nGaeilge. Tugtar freagra trí Ghaeilge sa chás gur i nGaeilge a thagann comhfhreagras agus foilsítear cáipéisí tábhachtacha de chuid na Roinne, mar shampla Ráitis Straitéise, Tuarascálacha Bliantúla, an Plean Gníomhaíochta maidir le Seirbhís don Chustaiméir srl. i nGaeilge agus i mBéarla an tráth céanna.

Staitisticí Teileafóin

Cuireann Aonad Eolais na Roinne seirbhís eolais leathanréimseach ar fáil do chustaiméirí na Roinne. Léiríonn staitisticí ó thuairiscí "iCMS" (tuairiscí faoinn teileafón inmheánach a thionsaítear go leictreonach) gur tháinig 20,933 glaoch in 2005 agus gur déileáladh leo agus gur freagraíodh 20,917 glaoch nó (98%) taobh istigh de 20 soicind.

Pillar 4 - Business Delivery, Modernisation & Customer Focus

Comhfhreagras/Litir & Ríomhphost

Lean an obair in 2005 ar chóras tuairisce comhfhreagrais a thabhairt chun cinn. Bainfidh taifeadadh agus monatóireacht leictreonach ar an gcomhfhreagras ginearálta leis an gcóras sin a chuirfidh ar chumas na Roinne monatóireacht níos fearr a dhéanamh ar thráthúlacht freagraí agus staitisticí daingne maidir leis an ábhar sin a chur ar fáil. Cuireadh tús le céim an deartha ar an togra in 2004 agus tá sé le críochnú go luath sa bhliain 2006.

Cuairteoirí

Léirigh suirbhé le gairid ar chuairteoirí chun na Roinne ardleibhéal sástachta leis na háiteanna fáiltithe agus díriodh aird chomh maith ar roinnt gnéithe a bhféadfaí feabhas a chur orthu. Déanfar monatóireacht leanúnach ar na háiseanna agus déanfar beart de réir thoradh suirbhéanna d'fhonn tuilleadh feabhais a chur ar chaighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil do na cuairteoirí uile ar an Roinn.

Rinneadh forbairt ar líon fairsing tionscnamh ríomh-Rialtais i rith na bliana mar bhuntáiste ag na custaiméirí, ina measc:

- ▶ Córas nua Íocaíochtaí Iomarcaíochta a thabhairt isteach
- ▶ Forbairt ar chóras nua Bainistíochta chun maoireacht a dhéanamh ar Cheadanna Fostaíochta.
- ▶ Áis nua ar líne tugtha isteach chun Ceadanna Easpórtála a sholáthar;

Cearta Fostaíochta

Tá tábhacht ar leith le seirbhís ardchaighdeán a chur ar fáil i gcás na seirbhísí a chuirtear ar fáil go díreach don phobal faoi reachtaíocht chearta fostaíochta. Bíonn an Roinn seasta ag déanamh athbhreithnithe ar na seirbhísí sin agus ag féachaint le feabhas a chur orthu. Rinne Cigirí Oibreachais na Roinne 5,719 scrúdú/cuairt chigireachta i rith 2005, 2,007 díobh sin mar gheall ar an Acht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht) 1996. Rinneadh Íocaíochtaí Iomarcaíochta maidir le 22,009 fostaí ar bhain caiteachas €149.50m leo agus rinneadh próiseáil ar 5,247 cás faoi Scéim na nÍocaíochtaí Dócmhainneachta i 2005 ag baint le 1,957 fostaí agus 183 fostóir. Tugtar tuilleadh eolais faoi Ghallán 2 sa Tuarascáil seo. .

Nuachóiriú

Cuspóir

Gach gné den phróiseas nuachóirithe a chur chun cinn agus béim shonrach ar thionscnaimh bhreisluacha, lena n-áirítear an Creat Eolais Bhainistíochta a chur i bhfeidhm, agus úsáid a bhaint as na struchtúir Chomhpháirtíochta chun comhchaidreamh agus comhairliúchán inmheánach leis an bhfoireann a chur chun cinn.

Bearta Straitéiseacha

Déanfar tionscnaimh agus bearta tús áite maidir le bainistiú athraithe sa Roinn a shonrú agus a chur i bhfeidhm trí Choiste an Bhainistithe Athraithe agus na Grúpaí TIS agus beifear díograiseach maidir leis an réimse cuimsitheach geallúintí atá sa Phlean Gníomhaíochta faoi Bhuanú an Fhoráis a chomhlíonadh go sásúil.

Bainistiú Athraithe

Bhí cruinnithe rialta ag ceithre Ghrúpa Oibre Thionscnamh Bainistíochta Straitéisí (TBS) na Roinne – Seirbhís Chustaiméara den Scoth & Macántacht, Trédhearcacht agus Cuntasacht; Bainistíocht Airgeadais; Bainistíocht Acmhainní Daonna; agus Bainistíocht ar Chórais Faisnéise – i rith 2005 chun a gcuid clár oibre agus an bheartaíocht athchóirithe ar fud na Roinne a chur chun cinn.

Chuir obair na nGrúpaí roinnt bearta nuachóirithe chun cinn i rith 2005, Plean Gníomhaíochta na Roinne maidir leis an tSeirbhís don Chustaiméir 2005 – 2007 agus roinnt tograí suntasacha TEC a bhí dírithe ar fheabhas a chur ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil do na páirtithe leasmhara a thabhairt chun críche san áireamh. Tá Córas Íocaíochtaí Iomarcaíochta nua ar líne agus Córas Bainistíochta nua d'fhonn maoirseacht ar Cheadanna Oibre a thabhairt amach ar pháirt den iliomad feabhsúchán TFC a tugadh i gcrích i 2005.

Buanú an Fhoráis

I rith 2005, chuir an Roinn dhá thuarascáil faoi bhráid Ghrúpa Deimhnithe Feidhmíochta na Státseirbhíse maidir leis an dul chun cinn a bhí á dhéanamh i gcomhlíonadh na ngeallúintí atá sa Phlean Gníomhaíochta faoi Bhuanú an Fhoráis a leagadh amach faoin gcomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta is deireanaí. D'aontaigh an Grúpa leis an dá thuarascáil agus tugadh faoi deara an dul chun cinn suntasach a bhí déanta ag an Roinn i roinnt réimsí rialachais agus bainistíochta ar leith, lena n-áirítear

Pillar 4 - Business Delivery, Modernisation & Customer Focus

seirbhís don chustaiméir, úsáid éifeachtach as acmhainní, moltaí ó athbhreithnithe ar chaiteachas a chur i bhfeidhm agus táscairí feidhmíochta níos fearr.

Beifear díograiseach faoin gCreat Eolais Bhainistíochta a scaipeadh agus a cur i bhfeidhm i bhfianaise phlean thogra an CEB 2004-2006.

Rinneadh dearadh ar thuiriscí eolais bhainistíochta nua in 2005 chun freastal d'fheabhas ar mhonatóireacht feidhmíochta agus ar bhainistíocht airgeadais. Déanfar tuilleadh forbartha agus feabhsaithe ar na tuairiscí sin sna míonna atá ag teacht d'fhonn cinntiú go gcuireann siad leis an mbainistíocht agus leis an bpróiseas déanta cinntí sa Roinn.

Rinneadh na tuairiscí a thabhairt chun cinn mar chuid de Chlár an Chreat Eolais Bhainistíochta (CEF), de phróiseas Athchóirithe na Meastachán agus i gcomhthéacs na béime níos mó i gcónaí atá á chur ar bhainistíocht stuama airgeadais.

Bhí an príomhbhéim le linn chlár CEB sainiúil na Roinne féin, a tugadh i gcrích sa dara leath de 2005, ar an mbainistíocht airgeadais, ar shocrú agus ar thuiriscí mar gheall ar tháscairí feidhmíochta agus ar an úsáid as tuairiscí bainistíochta.

Leanfar ag cinntiú go mbíonn páirt lárnach ag an gCoiste Comhpháirtíochta i gcur chun cinn an chaidrimh agus na cumarsáide go himmheánach leis an bhfoireann faoi cheisteanna tábhachtacha maidir le próiseas an athraithe agus an fheabhsaithe.

Bunaíodh Coiste Comhpháirtíochta na Roinne i mí Meán Fómhair 1998 chun cuidiú leis an Tionscnamh Bainistíochta Straitéiseach a chur i bhfeidhm. Tá ocht gcomhalta déag ar an gCoiste: seisear ionadaithe ó na ceardchumainn, seisear ionadaithe ón mbainistíocht, cúigear ionadaithe ón bhfoireann agus rúnaí.

Bhí sé cinn de chruinnithe ag an gCoiste Comhpháirtíochta i rith 2005. D'oibrigh an Coiste agus foghrúpaí dá chuid ar raon leathan ceisteanna nuachóirithe agus comhionannais, ina measc aontú le leasuithe de chuid na Roinne ar an bPlean Gníomhaíochta faoi Coinneáil an Dul chun Cinn, slánchóiriú pholasaithe agus chórais AD na Roinne de réir an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, féachaint le breis feabhais a bhaint amach i gcúrsaí sláinte agus sábháilteachta, agus maoirseacht ar fhoilsiú iris foirne na Roinne. Phléigh an Coiste Páirtnéireachta chomh maith na príomhdheacrachtaí a léiríodh sa tuairisc aiseolais a fuarthas tar éis páirt na Roinne in 2005 i gcomórtas maidir leis na comhlachtaí is fearr chun oibriú iontu in Éirinn.

Acmhainní Daonna & Oiliúint

Cuspóir

Leanúint leis an fhorbairt ar na hacmhainní daonna tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta agus athrú ó Bhainistíocht Phearsanra traidisiúnta go dtí córas cineachta den Bhainistíocht ar Acmhainní Daonna agus comhionannas deiseanna a chur ar fáil do gach ball foirne.

Bearta Straitéiseacha

Cuirfear Straitéis Acmhainní Daonna na Roinne i bhfeidhm, clár oiliúna agus tacaíochtaí a fhorbairt agus a chur ar fáil san áireamh.

Foilsíodh an chéad Straitéis Acmhainní Daonna ag an Roinn (maidir leis na blianta 2005-2007), arna dháileadh ar an bhfoireann ar fad, i mí Bealtaine 2005. Baineann dhá ghné le cuspóir na Straitéise – polasaithe AD uile na Roinne a thiomnú, an chaoi a dtagann siad le chéile agus deiseanna lena gcóiriú níos fearr a léiriú; agus plean gníomhaíochta a leagan amach don fhorbairt ar na polasaithe san am atá ag teacht. Leagtar amach go háirithe an chaoi a n-athróidh an Roinn ó chur chuige cúng "Pearsanra" go gcuirfear chuig an gcúram le straitéis fhorbartha agus Bhainistíocht Acmhainní Daonna (HRM).

Luaitear sa Straitéis sé réimse trína gcuirfear cur chuige HRM chun cinn – Acmhainní don Roinn; Bainistiú Feidhmíochta agus Forbartha; Cothromaíocht idir Saothar/Saol; Timpeallacht Oibre Dearfach; Treisiú na Comhpháirtíochta, an Chomhairliúcháin agus na Rannpháirtíochta; agus Tacú leis an athrú ó Phearsanra go HRM.

Leanfar ag cur an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) i bhfeidhm go héifeachtúil, de réir na spriocdhátaí aontaithe, d'fhonn cur le forbairt agus le feidhmíocht na foirne.

Bhí cruinnithe rialta ag Grúpa Monatóireachta CBFF na Roinne i rith na bliana d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an CBFF agus treoir a chur ar fáil a shoibrheodh dá chur i bhfeidhm go seasmhach ar fud na Roinne.

Tugadh chun críche i lár na bliana 2005 clár oiliúna faoi shlánchóiriú foirmeálta chóras aiseolais aníos taobh istigh den CBFF ar cuireadh tús lena riar i ndeireadh 2004. Ligeann CBFF do gach ball foirne dúthracht pearsanta a dhéanamh as a ndíogras féin maidir le hobairt na Roinne ar fad agus tugtar faoi deara chomh maith an áit a gcuirfeadh

Pillar 4 - Business Delivery, Modernisation & Customer Focus

breis oiliúna agus forbartha le cumas an bhall foirne feabhas a chur ar an gcruthú san obair agus ar an dul chun cinn a d'fhéadfaidís a dhéanamh ina ngairm bheatha.

Déanfar forbairt ar pholasaithe chun rannpháirtíocht níos fearr ag mná i ngrádanna sinsearacha a bhaint amach agus béim go sonrach ar na spríocanna a bhaint amach maidir le mná a bheith i 33% ar a laghad de phoist Phríomh-Oifigh Cúnta agus 20% ar a laghad de phoist Phríomh-Oifigh.

Lean an Roinn i rith 2005 ag cur chúrsaí Comhionannais chun cinn trí obair an Choiste Páirtnéireachta agus, go háirithe, trí obair an Choiste Comhionannais (foghrúpa de chuid an Choiste Páirtnéireachta). Rinne an Coiste Comhionannais na ceisteanna maidir le rannpháirtíocht níos leithne ag mná i gcomórtais d'ardú céime go dtí grádanna Príomh-Oifigh Cúnta (POC) agus Príomh-Oifigh (PO) a mheas. Socraíodh go ndéanfaí taighde a chuideodh le tabhairt chun cinn an bheartais maidir leis an gceist. Tar éis phróiseas soláthair, choimisiúnaigh an Roinn Ionad Léinn Inscne agus na mBan Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath le taighde a dhéanamh ar an ábhar. Tosaíodh ar an taighde in 2005 agus críochnófar é in 2006. .

Tabharfar beartais chun cinn chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht dhaoine faoi mhíchumas i gcomórtais d'ardú céime.

Chuir an Roinn moltaí an Ghrúpa Ad Hoc ar dhul chun cinn dhaoine faoi mhíchumas ina ngairm bheatha i bhfeidhm ina n-iomláine in 2005. Bhain Modúl Comhionannais a chur ar fáil i ngach clár forbartha maidir le grád ar leith agus i ngach cúrsa oiliúna iontrála leis sin. Eagraíodh Grúpa Fócais ar Thuiscint an Mhíchumais i mí Iúil 2005 chun breis tionscnaimh nó ábhair a aimsiú a d'fhéadfaí a thabhairt isteach faoi scáth chláir oiliúna ar thuiscint an mhíchumais sa Roinn san am atá ag teacht. Tá sin á chur chun cinn ag Oifigeach Oiliúna na Roinne agus ag an Oifigeach Teagmhála Míchumais d'fhonn cúrsaí/seisiúin eolais a chur ar fáil a mbeadh béim iontu ar na riachtanais a thugann an fhoireann faoi deara.

Sháraigh an Roinn an cuóta 3% maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú arís in 2005.

Bainistíocht ar Acmhainní Daonna

Cuspóir

Cinntiú go mbíonn na hacmhainní daonna is gá ag an Roinn agus na scileanna is gá acu chun na cuspóirí gnó a bhaint amach.

Bearta Straitéiseacha

Cuirfear oiliúint agus forbairt saindirithe ar fáil ag freastal ar na riachtanais fhorbartha agus ghnó a shonraítear ag daoine aonair agus ag grúpaí foirne agus bainfear úsáid as córais r-fhoghlama nuair is féidir sin;

&

Cuirfear barr feabhais i gcónaí ar na scileanna agus ar an inniúlacht d'fhonn feabhas leanúnach ar an tseirbhís don chustaiméir agus don gheallsealbhóir ag gach leibhéal.

Lean an Roinn ag cur cúrsaí oiliúna cuí ar fáil chun freastal ar na riachtanais oiliúna a sonraíodh faoin CBFF. Caitheadh beagnach 3.8% den phá-rolla ar chúrsaí oiliúna ar ar fhreastail 2,833 duine in 2005. Leagadh amach na cúrsaí ionas go gcuirfí leis an inniúlacht i réimsí ar nós anailís ar thionchar rialála, scileanna cur i láthair, smaointeoireacht ghrinn shoiléir, timthriall na reachtaíochta, tuairiscí ar phríomhtháscairí feidhmíochta a fhorbairt, anailís agus léirmhíniú ar chuntais, rialachas corparáide, anailís ar bheartas, oiliúint i TE agus oiliúint maidir le sláinte agus sábháilteacht. Rinneadh breis forbartha maidir le r-fhoghlaim mar aguisín le foghlaim i seomra ranga mar chuid den oiliúint iontrála. .

Lean an Roinn den riarachán maidir le Scéim Aisióc na dTáillí trína dtugtar cabhair airgid do bhaill foirne ar mian leo cúrsaí tríú leibhéal oiriúnacha a leanacht ina gcuid ama pearsanta.

Pillar 4 - Business Delivery, Modernisation & Customer Focus

Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide

Cuspóir

Na seirbhísí TFC is fearr a chur ar fáil mar thaca le riachtanais gnó na Roinne.

Bearta Straitéiseacha

Déanfar athbhreithniú ar Straitéis TFC 2003-2006 agus, más cuí sin, ullmhófar Straitéis TFC leasaithe d'fhonn aon athruithe suntasacha i dtimpeallacht oibre na Roinne a thabhairt san áireamh.

Tugadh an t-athbhreithniú ar Straitéis TF 2003-2006 chun críche i mí na Samhna 2005. Deimhníodh leis an athbhreithniú gur baineadh go leor den suntas amach le linn na Straitéise. Ba é an beart ba mhó suntais córas TF cuimsitheach éifeachtúil a chur ar fáil don Roinn agus dá cuid Oifigí a rinne freastal do riachtanais uile na Roinne gan aon bhriseadh den tábhacht sa tseirbhís. Tarraingíodh aird leis an athbhreithniú ar bhearta suntasacha eile chomh maith, ina measc -

- ▶ Raon leathan d'fheidhmchlár / tograí a chur i bhfeidhm a ligeann do sheirbhís níos fearr don chustaiméir inmheánach agus seachtrach (íocaíochtaí ar líne in Oifig na bPaitinní, Córas Íocaíochtaí Iomarcaíochta, Córas Acmhainní Daonna Peoplsoft, Córas Airgeadais Oracle, Forbairt ar Inlíon na Roinne, Córas Bainistíochta ar Chásanna Cearta Fostaíochta);
- ▶ Straitéis chuimsitheach ríomh-Rialtais a chur i bhfeidhm go mbainfeadh "r-fhónamh" le seirbhísí na Roinne don bhuíon leathan custaiméirí;
- ▶ Nós imeachta cuimsitheach maidir le rialachas TFC a chur ar bun (Grúpa Stiúrtha TFC, cáipéisíocht fhoirmeálta maidir le tograí, nós imeachta maidir le ceadú agus tuairiscí);
- ▶ Béim thréan láidir ar sheirbhís don chustaiméir a chur ar obair an Aonaid agus cumarsáid rialta a dhéanamh leis an lucht úsáide ar fad;
- ▶ Timpeallacht oibre inbhogtha leitheadach a chur ar fáil d'fhoireann na Roinne;
- ▶ Caighdeánú ar thimpeallacht deisce (arna bhunú ar Windows XP);
- ▶ Córas cartlannaíochta ríomhphoist a chur i bhfeidhm trína ligtear do bhaill foirne an cartlann a chuardach ar bhonn neamhspleách ag baint úsáid as critéir éagsúla cuardaigh.

Cuirfear bonneagar TEC athléimneach ar fáil don óstáil shásúil ar bhonn 24/7 ar sheirbhísí na Roinne atá dírithe ar an bpobal.

I measc na n-áiseanna a bhfuil fáil orthu ar líne anois ag geallsealbhóirí, tá seirbhísí r-íocaíochta (An Oifig um Chlárú na gCuideachtaí agus Oifig na bPaitinní), Áireamhán Iomarcaíochta, Seirbhísí Cuardaigh, Iarratais Iomarcaíochta & Dócmhainneachta, Córais Tuairisceán ar Líne agus áis do Ríomhaistriú Airgid do sholáthraithe na Roinne. Tá níos mó ná dhá shuíomh idirlín déag ag an Roinn a mbíonn fáil 24/7 ag na custaiméirí orthu.

Tugadh faoi deara le hathbhreithniú a rinneadh in 2005 ar Straitéis e-Sheirbhíse Poiblí 2001 na Roinne go raibh dul chun cinn suntasach déanta maidir le "r-chumas" sa Roinn, lena áiríodh an chuid is mó de na foirmeacha a úsáideann an Roinn a bheith ar fáil ar líne.

Ba bheart suntasach a rinneadh i rith na bliana córas TF athléimneach a bheadh mar bhonn le clár cuimsitheach Athghabhála i gcás Tubaiste do chórais TF na Roinne. Tá áiseanna lán-athléimneacha seachteipe ag baint le roinnt de na príomhchórais anois, ar a n-áirítear na córais riaracháin do Achomhairc Fhostaíochta, Aisghabháil Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta, Forfheidhmiú Chearta Fostaíochta, Clárann na gCarachumann, Pá-rolla agus Bainistíocht ar Am.

Cuirfear Athbhreithniú ar Phróiseas Gnó (APG) ar fáil chun cuidiú le hAonaid agus Oifigí na Roinne feabhas a chur ar an bpróiseas trína dtugtar seirbhís i gcrích agus ina dhiaidh sin, chun cuidiú leis na hAonaid agus na hOifigí sin cur chuige nua maidir leis an obair a chur i bhfeidhm. Tabharfar tús áite go háirithe d'obair maidir le réimsí a dhílárú i rith thréimhse na straitéise.

Tar éis do Forfás athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar chóras rialú onnmhairíochta na hÉireann, leagadh suntas ar an ngá a bhí le feidhmchlár leictreonach bunaithe ar an ngréasán a thabhairt isteach. Rinneadh Athbhreithniú ar Phróiseas Gnó in 2005 maidir leis an Aonaid Ceadúnaithe Onnmhairíochta d'fhonn córas nua ar líne a thabhairt chun cinn. Socraíodh, tar éis thuairisc an APG, nuashonrú agus feabhsú a dhéanamh ar an gcóras reatha. Tá na moltaí a sonraíodh san athbhreithniú curtha i bhfeidhm agus an bhunchloch socraithe ar a ndéanfar an córas nua ar líne a fhorbairt. Tá an córas iarratais ar líne ar cheadúnais le bheith beo roimh an dara leath de 2006.

Rinneadh athbhreithniú ar an mBrainse Taistil in Aonad Airgeadais na Roinne i mí na Samhna 2005. Tá an t-athbhreithniú tugtha chun críche agus tuarascáil le theacht in 2006.

Pillar 4 - Business Delivery, Modernisation & Customer Focus

Tabharfar Córas Íocaíochtaí Iomarcaíochta (CÍ) níos fearr agus níos éifeachtaí chun cinn.

Tá an Córas Íocaíochtaí Iomarcaíochta nua beo ó Bhealtaine 2005 tar éis córais ar líne a thabhairt isteach go sásúil san Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus in Oifig na bPaitinní.

Ba é an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 2003 an bunús sa dlí leis an gcóras nua agus simplíodh faoin Acht céanna an modh a leantar chun teidlíochtaí iomarcaíochta reachtúla a ríomh. Tháinig forálacha ábhartha an Achta i bhfeidhm in 2005.

Tá brostú déanta sna ceithre mhí dheireanacha de 2005 leis an gcóras nua ar phróiseáil éilimh iomarcaíochta agus ardú de 16% ar an táirgeacht i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2004. Baineadh amach an t-ardú sin ar leibhéal na hoibre ag an am céanna le laghdú ar líon na foirne sa Bhainne le hábhar. Faoi mhí na Nollag 2005 bhí sciar na gcustaiméirí a roghnaigh a úsáid ardaíthe ó 12% ar dtús go dtí 34%.

Gné amháin den chóras nua go gcuirtear staitisticí míosúla ar fáil ar iomarcaíocht iarbhir seachas ar iomarcaíocht a fhógraítear mar a tharlaíodh leis an gcóras roimhe. Ó tharla nach dtarlaíonn iomarcaíocht iarbhir i ngach cás iomarcaíochta a fhógraítear, is cruinne an léargas staidrimh a thugtar anois.

Eisíodh Treoir don Chóras Íocaíochta Iomarcaíochta nua, atá ar fáil ar Shuíomh Gréasáin na Roinne chomh maith, nuair a bhí an córas á sheoladh.



Tony Killeen, T.D., Minister for Labour Affairs with staff of the Department at the launch of the Redundancy Online System

Dílárú

Cuspóir

Foireann agus feidhmeanna de chuid na Roinne a athlonnú i gCeatharlach taobh istigh den chreat ama atá leagtha síos ag an Rialtas agus ar bhealach a chuireann isteach a laghad agus is féidir ar leanúnachas an ghnó agus na seirbhíse ardchaighdeán don chustaiméir agus a fhágann gurb é an duine croí na ceiste le linn an phróisis.

Bearta Straitéiseacha

Cuirfear plean feidhmithe mionsonraithe le chéile agus ar siúl lena leagfar amach na straitéisí chun a laghad cur isteach agus is féidir a bheith ar an tseirbhís don chustaiméir, baol a aithint agus a mhaolú, bainistíocht a dhéanamh ar mhalairt foirne, oiliúint, bainistíocht eolais agus an chumarsáid.

Rinneadh leasú ar Phlean Feidhmithe um Dhílárú na Roinne i mí Márta i bhfianaise na moltaí sa Tríú Tuarascáil ag an nGrúpa Feidhmithe um Dhílárú²⁷. Rinneadh nuachóiriú ar an bPlean i bhfianaise an Roinn á háireamh ar cheann d'eagraíochtaí "luathastrithe" ionchais an Chláir Díláráithe. Leagtar amach sa Phlean an chaoi a ndíreofar sna míonna beagan anonn ar cheisteanna maidir le foireann oibre, oiliúint, seirbhís don chustaiméir, leanúnachas an ghnó agus bhainistiú baol maidir leis an mbeart mór seo d'fhonn oiread leanúnachais agus is féidir sa ghnó ag brainsí gnó a mbeadh dílárú á dhéanamh orthu agus arleibhéil seirbhíse don chustaiméir a chaomhnú.

Tá dílárú i gceist chomh maith do roinnt Gníomhaireachtaí a thagann faoi choimirce na Roinne, eadhon FÁS, Údarás Náisiúnta Caighdeán na hÉireann, Fiontraíocht Éireann agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta. D'fhoilsigh gach gníomhaireacht acu sin plean feidhmithe um dhílárú leasaithe in 2005.

Oibreofar go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí d'fhonn cuidiú le soláthar foirgnimh ar ardchaighdeán dearaidh agus tógála i gCeatharlach a chuirfidh timpeallacht oibre shábháilte, áisiúil ar fáil do gach ball den fhoireann.

Ba bheart mór de chuid chlár an díláráithe in 2005 an ceannachán a thabhairt i gcrích ar shuíomh barr suntais i lár bhaile Cheatharlaigh ar a dtógfar oifigí nua na Roinne. Lean an Roinn ag obair go dlúth le hOifig na nOibreacha Poiblí i rith na bliana d'fhonn riachtanais maidir le cóiríocht oifige a shonrú agus lean sin ar aghaidh go dtí an bhliain 2006.

Pillar 4 - Business Delivery, Modernisation & Customer Focus

Rialú Airgeadais & Luach ar Airgead

Cuspóir

Cinntiú go ndéantar gach beart airgeadais de réir an nós imeachta bunaithe maidir le hairgeadas poiblí agus féachaint le breis luacha a fháil ar an airgead sa riarachán ar ghnóthaí na Roinne.

Bearta Straitéiseacha

Beifear díocasach maidir le clár nuachóirithe na bainistíochta airgeadais a chur i bhfeidhm go hiomlán agus feabhsú leanúnach ar an tseirbhís don chustaiméir inmheánach agus seachtrach san áireamh.

Thug an Roinn Ríomhaistriú Airgeadais isteach in 2005 chun íocaíochtaí a dhéanamh le soláthraithe. Tagann an t-athrú sin le beart an Rialtais Ríomhaistriú Airgeadais a úsáid a oiread agus is féidir san íocaíocht le custaiméirí.

D'oibrigh an Roinn ar chóras i rith na bliana chomh maith chun go bhféadfadh baill foirne na Roinne éilimh taistil agus cothabhála a chur isteach go leictreonach. Tíocfaidh an córas sin i bhfeidhm in 2006.

Tabharfar buntáistí an chórais nua bainistíochta airgeadais i bhfeidhm d'aonaid bhainistíochta agus ghnó na Roinne ag ligean dóibh a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích níos éifeachtaí, éifeachtúla.

I rith 2005, chuir Aonad Airgeadais na Roinne feabhas ar chaighdeán agus ar ábhar na dtuairiscí airgeadais a dáileadh ar bhainisteoirí sa Roinn gach mí. Soirbhíonn na tuairiscí airgeadais seo don mhonatóireacht agus don anailís ar chaiteachas i gcomparáid le buiséid. Ag teannadh le deireadh na bliana, bunaíodh Grúpa Oibre a dhéanadh plé ar na bearta is gá a dhéanamh chun deis a thabhairt do bhainisteoirí líne ar chóras bainistíochta airgeadais na Roinne go díreach ionas go gcinntítear an t-eolas is deireanaí ar chaiteachas a bheith ar fáil dóibh. Táthar ag tuar go mbeidh fáil acu ar an gcóras in 2006.

Iniúchadh Inmheánach

Objective

To provide a risk based internal audit service, which gives assurance on the systems of control

Beart Straitéiseach

Beidh cinnteacht ag an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le córais rialaithe inmheánacha na Roinne agus na n-oifigí a thagann go díreach faoi choimirce na Roinne. Cuirfear comhairle shonrach ar an Oifigeach Cuntasaíochta maidir leis an Ráiteas faoin Rialú Airgeadais Inmheánach a théann leis an gCuntas Leithreasaithe bliantúil a shíniú.

Tugann Aonad Iniúchta Inmheánach na Roinne cinnteacht don Oifigeach Cuntasaíochta (an Rúnaí Ginearálta) maidir le dóthaineacht na gcóras rialaithe inmheánacha sa Roinn agus sna hoifigí a thagann go díreach faoi choimirce na Roinne. Leagtar amach clár oibre ina leith sin gach bliain a ndéanann an Coiste Iniúchta breithniú agus monatóireacht air.

I rith 2005, tugadh faoi roinnt bearta iniúchta agus athbhreithnithe maidir le córais rialaithe inmheánacha na Roinne agus leis an ngéilliúnas i gcás na reachtaíochta ábhartha. Faoi mar a moladh i dTuarascáil Mullarkey²⁸, thug Iniúchadh Inmheánach athbhreithniú maidir le géilliúnacht na nGníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne leis an gCód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit chun críche chomh maith.

Chuir an clár oibre sin a tugadh chun críche in 2005 ar chumas an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh comhairle a chur ar an Oifigeach Cuntasaíochta maidir leis an Ráiteas faoin Rialú Airgeadais Inmheánach a théann leis an gCuntas Leithreasaithe bliantúil a shíniú.

Comhlíonfar na dualgais i leith Choimisiún na hEorpa maidir le clár bearta iniúchta a dhéanamh ar fud eagraíochtaí a fhaigheann airgead ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE). Tá ról sonrach, leitheadach againn chomh maith maidir le clabhsúr gach babhta airgeadaíthe.

Oibríonn Aonad an Iniúchta Inmheánaigh chun dualgais na Roinne i leith Choimisiún na hEorpa a chomhlíonadh maidir le hiniúchadh Chistí Struchtúracha an AE – Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) go príomha. Bíonn gá dá réir le scrúduithe iniúchta a dhéanamh taobh istigh den Roinn agus le comhordú ar bhearta iniúchta a dhéantar ar fud Ranna eile agus eagraíochtaí a fhaigheann Cistí Struchtúracha.

Pillar 4 - Business Delivery, Modernisation & Customer Focus

Déanann an tAonad caidreamh le Brainsí Chisté Struchtúracha sa Roinn agus leis an gCoimisiún maidir le ceisteanna a eascraíonn ón mbeartaíocht iniúcháireachta seo agus le gnéithe éagsúla de choinníollacha rialú airgeadais an AE.

Chuir Iniúchadh Inmheánach i gcomhar leis an Aonad Rialú Airgeadais CSÉ tús i rith 2005 le hiniúchadh ar an Tionscnamh Pobail EQUAL a ndéantar comhairgeadú air trí CSÉ. Bhain iniúchadh ag roinnt leibhéil den struchtúr bainistíochta leis sin chomh maith le hiniúchadh cuimsitheach ar gach togra a bhfuil airgead á fháil ina leith. Tá an t-iniúchadh sin le críochnú i lár na bliana 2006.

Rinne Aonad Rialú Airgeadais an CSÉ roinnt scrúduithe iniúchta de réir Altanna 10.1(b) agus 10.2 de Rialachán an Choimisiúin (CE) Uimh. 438/2001 d'fhonn ligean d'Éirinn an dualgas a chomhlíonadh maidir le híosmhéid 5% den chaiteachas CSÉ iomlán a dheimhniú. Sáraíodh an íosmhéid 5% in 2005.

Comhlíonann Iniúchadh Inmheánach dualgais na Roinne chomh maith maidir le hiniúchadh ar chórais a dhéanamh in aonaid taobh istigh den Roinn a bhfuil freagracht orthu maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE). I rith 2005, tugadh iniúchadh chun cinn maidir le ceann de na Bearta CFRE a bhfuil freagracht ar an Roinn ina leith agus tugadh iniúchadh eile chun críche. Tá an obair iniúchta sin ar fad dírithe ar ligean d'Éirinn cinnteacht réasúnta a thabhairt do Choimisiún na hEorpa go bhfuiltear ag infheistiú an fháltais ó na Cistí Struchtúracha de réir na Rialacháin éagsúla de chuid an AE lena rialaítear na cistí Struchtúracha.

Ionracas, Trédhearcacht & Freagrúlacht

Cuspóir

Cur le héifeachtacht bainistíochta agus le follasacht sa ghnó, lena n-áirítear eolas ardchaighdeán a chur ar fáil faoi rialacha Shaoráil Faisnéise agus eile, agus cumarsáid éifeachtúil soir-siar agus suas-síos a chur ar fáil ar fud na Roinne.

Beart Straitéiseach

Faoi réir ag aontú an Aire Airgeadais, leathnófar SF go dtí an Binse Achomhairc Fostaíochta (feidhmeanna riaracháin amháin), Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Grúpa Athbhreithnithe Dhlí na gCuideachtaí, Comhairle Cheardaíochta na hÉireann, Aonad Rialú Airgeadais Chiste Sóisialta na hEorpa, na 35 Bord Fiontair Contae agus Cathrach, Skillnets agus an Chúirt Oibreachais (feidhmeanna riaracháin amháin) faoi dheireadh 2005.

I mí Deireadh Fómhair 2005, d'fhógair an tAire Airgeadais an cinneadh SF a leathnú go dtí Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Grúpa Athbhreithnithe Dhlí na gCuideachtaí, Comhairle Cheardaíochta na hÉireann, Aonad Rialú Airgeadais Chiste Sóisialta na hEorpa, na 35 Bord Fiontair Contae agus Cathrach, Skillnets agus an Chúirt Oibreachais (feidhmeanna riaracháin amháin). Bhí na socrúithe praiticiúla maidir le SF a leathnú go dtí na comhlachtaí sin á ndéanamh sa Roinn Airgeadais ag deireadh 2005. I rith na bliana faoi chaibidil, thug an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta faoi chlár suntasach feasachta, oiliúna agus ullmhúcháin chun cinntiú go mbeadh na comhlachtaí sin lánnullamh do thabhairt isteach SF in 2006. Faoi réir ag aontú an Aire Airgeadais leis, tá beartaithe chomh maith SF a thabhairt isteach maidir le feidhmeanna áirithe de chuid an Bhinse Achomhairc Fostaíochta i rith 2006.

Leanfar den fhorbairt ar shuíomh inlín na Roinne trí fheabhsú an ábhair agus na feidhmiúlachta chun soirbhiú do chumarsáid na héifeachta ar fud na Roinne.

Cuireadh feabhas mór ar Inlín na Roinne i rith na bliana. Cuireadh rannóga nua le chéile chun gach eolas ábhartha a chur ar fáil mar gheall ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, Soláthar Poiblí agus Dílárú. Cuireadh sliocht 'Ceisteanna Coitianta' ar fáil mar chuid de sheirbhís na Deisce Cabhrach TE.

Rinneadh athdhearadh agus nuachóiriú ar roinnt de na rannóga eile, ina measc Sláinte & Sábháilteacht, Gnóthaí an AE, Bainistíocht Riosca, Bainistíocht ar Thaifid agus Saoráil Faisnéise (SF).

Pillar 4 - Business Delivery, Modernisation & Customer Focus

Polasaí na Bainistíochta ar Thairfid

Rinneadh leasú cuimsitheach i rith 2005 ar pholasaí na Roinne maidir leis an mbainistíocht ar thairfid i bhfianaise mholtaí Ghrúpa Fritoradh Travers²⁹ na Roinne agus an gá le polasaí faoin mbainistíocht ar thairfid leictreonacha a thabhairt san áireamh.

Straitéis Staitisticí

Cuspóir

Struchtúr a bhunú ionas gur féidir sonraí a chur ar fáil go tráthúil mar thaca le beartas bunaithe ar fhianaise a cheapadh, chun treisiú leis an measúnú leanúnach ar na beartais agus ar na cláir reatha, agus chun cur ar chumas na foirne úsáid níos éifeachtúla a bhaint as sonraí maidir le ceapadh agus measúnú beartais.

Beart Straitéiseach

De bhun togra SPAR na LOS/Roinne, bunófar buanchoiste maidir le straitéis sonraí.

Tá réimse leathan le feidhmeanna na Roinne agus na ngníomhaireachtaí gaolmhara agus, dá bharr sin, ní mór cuimsitheacht agus cruinneas sna sonraí is gá chun treisiú leis na feidhmeanna sin agus chun bunús eolais níos fearr a chur ar fáil do dhéanamh na gcinntí. D'ullmhaigh an Lár-Oifig Staidrimh réamhghrúpa-thuarascáil maidir le foinsí sonraí agus riachtanais sonraí na Roinne ar fud na réimsí a bhfuil freagracht uirthi ina leith i ndeireadh na bliana 2005. Bhí cruinniú ag coiste maidir le straitéis sonraí, ar a raibh ionadaithe ón Roinn, Forfás, Fiontraíocht Éireann, IDA Éireann, FÁS agus an LOS, faoi chathaoirleacht na Roinne Fiontair, Trádála & Fostaíochta chun an Dréacht-Thuarascáil a phlé agus aontú mar gheall ar na mórcheisteanna a thabharfaí san áireamh sa dréacht chríochnúil den Tuarascáil. Tá an obair air sin ag leanacht ar aghaidh in 2006.

Rialáil níos Fearr

Cuspóir

Clóí le prionsabail rialála is fearr mar a leagtar amach sa Pháipéar Bán, "Rialáil níos Fearr".

Beart Straitéiseach

Cloífar le prionsabail rialála is fearr agus reachtaíocht á ullmhú

I mí na Samhna 2005, bhunaigh an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta Fóram Rialála Gnó (FRG) chun oibriú go treocheangailte leis an nGrúpa Rialála níos Fearr, a tháinig i gcomharbacht ar an nGrúpa Ardleibhéil maidir le Rialáil. Oibríonn an FRG i bhfoirm chomhchaint bhuan idir an Rialtas agus lucht gnó ag plé le ceisteanna faoi rialáil atá ina ualach.

Bainistíocht Riosca

Cuspóir

Cinntiú go ndéanann lucht bainistíochta ar fud na heagraíochta na bearta cuí chun na rioscaí dá nochtófaí an eagraíocht a aithint agus bainistíocht éifeachtúil a dhéanamh mar gheall orthu.

Beart Straitéiseach

Bunófar creat oibre lena sonrú agus a maolófar rioscaí d'fhonn cinntiú go mbíonn modh oibre aontaithe, lántuigthe ag an Roinn chun a cuid spriocanna a bhaint amach.

D'eisigh an Roinn cáipéis fhoirmeálta beartais in 2005 le gach ball sinsearach bainistíochta ina leagtar amach aidhm iomlán dhearcadh na Roinne i leith Bhainistíocht Riosca agus ina leagtar amach chomh maith gnásanna foirmeálta trína sonrúidh an bhainistíocht na príomhrioscaí (straitéiseacha, oibriúcháin, airgeadais, clúimheasa) atá roimh an Roinn maidir lena cuid aidhmeanna, mar a leagtar amach iad i Ráiteas Straitéise agus i bPleananna Gnó na Roinne, a bhaint amach. Is í an aidhm ghinearálta le Beartas Bhainistíocht Riosca na Roinne cinntiú go ndéanann lucht bainistíochta ar fud na heagraíochta na bearta cuí chun na rioscaí dá nochtófaí an eagraíocht a shonrú agus go ndéantar bainistíocht éifeachtúil mar gheall orthu. Rinne gach Rannóg sa Roinn nuashonrú ar Chlár na Rioscaí iontu i rith 2005 agus rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar Rioscaí Ardleibhéil na Roinne d'fhonn cinntiú go rabhthas ag déanamh gach beart is cuí chun na rioscaí a bheadh ann don Roinn a mhaolú.



Appendices

Aguisín 1

FIONTAIR, TRÁDÁIL AGUS FOSTAÍOCHT

- I. Meastachán ar an méid a bheidh ag teastáil sa bhliain dar críoch 31? l? de Nollaig, 2006, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe at? faoi riaradh na hOifige sin, chun fáirdheontais, deontais agus deontas-i-gcabhair áirithe a ?oc agus chun deontais áirithe a ?oc faoi scáimeanna airgead-teoranta.

(a) trí shol?thar na bliana reatha

Aon mhéle dhé chéad ocht? is ocht milliún, cáig chéad daichead is trí mhéle euro
(€1,288,543,000)

(b) trí leithghabhéilacha neamhchaite ar fáidir a ngáilleadh a iarchur faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004 a fheidhmi? le haghaidh seirbhísí sol?thair chaipitil.

Fiche is naoi milliún, seacht gc?ad is ocht? m?le euro
(€29,780,000)

- II. Na fo-mhérchinn faoina dtabharfaidh Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíocht cuntas maidir leis an V?ta seo.

	2005 Caiteachas Sealadach		2006 Meastachán		Athrú		Reatha 2005 %	
	Caipitil €000	lomlán €000	Reatha €000	Caipitil €000	lomlán €000	thar €000		
RIARACHÉN								
A.1	TUARASTAIL, P? AGUS LI?NTAIS	32,188	-	32,188	34,714	-	34,714	8%
A.2	TAISTEAL AGUS COThé	1,727	-	1,727	2,523	-	2,523	46%
A.3	COSTAIS THEAGMHASACHA	1,330	-	1,330	1,457	-	1,457	10%
A.4	SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE ...	987	-	987	974	-	974	-1%
A.5	FEARAS OIFIGE AGUS SOL?THAIRT? OIFIGE Ö.	4,623	-	4,623	5,684	-	5,684	23%
A.6	COSTAIS áiTREABH OIFIGE	1,718	-	1,718	2,017	-	2,017	17%
A.7	SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA	439	-	439	727	-	727	66%
A.8	F?GRA?OCHT AGUS ACMHAINN? FAISNÁISE	384	-	384	610	-	610	59%
A.9	OIFIG AN STI?RThéRA UM FHORFHEIDHMI?							
	CORPARÁIDEACH	2,884	-	2,884	4,713	-	4,713	63%
A.10	AN CHáIRT OIBREACHAIS	2,377	-	2,377	2,728	-	2,728	15%
	AN tSOCHA? FAISNÁISE - BONNTIONSCADAL							
	r-RIALTAIS	533	-	533	-	-	-	-
	<i>Fo-lomlán:- *</i>	49,190	-	49,190	56,147	-	56,147	14%

FIONTAR, GN?OMHAIREACHTA?, EOLA?OCHT AGUS TEICNEOLA?OCHT

B.1	FORF?S - DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHáIN AGUS COSTAS GINEARíLTA	27,576	-	27,576	31,031	-	31,031	13%
B.2	IDIRThríDáil áIREANN Ö.	2,327	5,352	7,679	2,714	6,611	9,325	21%
C.1	G.F.T. áIREANN - DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHáIN AGUS COSTAS GINEARíLTA	36,479	-	36,479	37,918	-	37,918	4%
C.2	G.F.T. áIREANN - DEONTAIS DO THIONSCAIL	-	67,991	67,991	-	84,000	84,000	24%
C.3	G.F.T. áIREANN - DEONTAS LE hAGHAIDH OIBRí?ChÉN T?G?LA	-	8,103	8,103	-	17,300	17,300	114%

	2005 Caiteachas Sealadach		2006 Meastachán			Athrú		Reatha 2005 %
	2006 Caipitil €000	lomlán €000	Reatha €000	Caipitil €000	lomlán €000	thar €000		
FIONTAR, GN?OMHAIREACHTA?, EOLA?OCHT AGUS TEICNEOLA?OCHT								
D.1	FIONTRA?OCHT áIREANN - DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS COSTAS GINEARÍLTA	89,858	-	89,858	93,738	-	93,738	4%
D.2	FIONTRA?OCHT áIREANN - DEONTAS DO THIONSCAIL	6,113	39,676	45,789	4,728	48,300	53,028	16%
D.3	FIONTRA?OCHT áIREANN - DEONTAS LE hAGHAIDH CAITEACHAIS CHAIPITIL	-	2,094	2,094	-	3,900	3,900	86%
Is ? col?n Mheastachén 2005 an Meastachán Athbheithnithe breise le haghaidh Fiontair, TRÁDÁIL agus Fosta?ocht.								
E.1	CUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NEAMHCHUSTAM NA SIONNA TEORANTA - DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS COSTAS GINEARÍLTA	-	-	-	100	-	100	-
E.2	CUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NEAMHCHUSTAM NA SIONNA TEORANTA DEONTAIS DO THIONSCAIL	-	475	475	-	3,300	3,300	-
F.	CLÁIR EOLA?OCHTA, TEICNEOLA?OCHTA AGUS NU?LA	19,606	202,570	222,176	25,633	232,865	258,498	16%
G.	FORBAIRT FIONTAIR CHONTAE	12,348	16,056	28,404	12,821	17,600	30,421	7%
H.	MONATÁIREACHT AGUS MEAS?N? CL?R AE Ö.	95	-	95	120	-	120	26%
I.1	AN t?DARIS UM CHAIGHDEÁIN NÁISI?NTA NA háIREANN - DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS COSTAS GINEARÍLTA	6,363	652	7,015	5,692	834	6,526	-7%
I.2	NITRIGIN áIREANN TEORANTA Ö.	300	-	300	50	-	50	-83%
J.1	FÁIRDHEONTAS IASACHTA LE hAGHAIDH SCÁIM FAIRSINGITHE GN?LACHTA? BEAGA - ?OCA?OCHTA? LEIS AN ICC BANK plc.	19	-	19	1	-	1	-95%
	AN tSOCHA? FAISNÁISE - TIONSCADAL e BUSINESS r-THRÍCH?LA	78	-	78	-	-	-	-
	<i>Fo-lomlán:-</i>	<i>201,162</i>	<i>342,969</i>	<i>544,131</i>	<i>214,546</i>	<i>414,710</i>	<i>629,256</i>	<i>16%</i>
* <i>San áireamh t? coigiltis de à1,450,000 a tugadh ar aghaidh ? 2005 faoi théarma? an Chomhaontaithe Bhuisáid Riaracháin. I gcol?n mheastacháin 2005 cuirtear san áireamh Meastachán For?ontach a rith Dáil áireann ar 4? Deireadh F?mhair 2005.</i>								

FORBAIRT LUCHT SAOTHAIR

K.1	F?S - RIARACHÉIN AGUS COSTAIS GHINEARÍLTA (a)	135,220	-	135,220	140,967	-	140,967	4%
K.2	F?S - TACA?OCHTA? OILI?NA AGUS L?NPHÁIRTITHE (b)	63,293	-	63,293	78,043	-	78,043	23%
K.3	F?S - CLÁIR FHOSTA?OCHTA (c)	377,979	-	377,979	376,295	-	376,295	-
K.4	F?S - CAIPITEAL	-	27,199	27,199	-	30,390	30,390	12%
L.	DEONTAS DÍEAGRA?OCHT NÁISI?NTA NA háIREANN LE hAGHAIDH DAOINE D?FHOSTAITHE (d)	49	-	49	50	-	50	2%
M.1	TACA?OCHT THEICNIÁIL LE hAGHAIDH TIONSCNAMH COMHPHOBAIL	573	-	573	717	-	717	25%
M.2	MAOINI? COMHCHÁIMNEACH LE hAGHAIDH TIONSCNAMH COMHPHOBAIL	61	-	61	250	-	250	310%
M.3	CL?R FEIDHME LE hAGHAIDH FORBAIRT ACMHAINN? DAONNA - C?NAMH THEICNIÁIL	524	-	524	645	-	645	23%
M.4	CL?R LEONARDO	122	-	122	125	-	125	2%
M.5	COMHPHÁIRT?OCHTA? FORBARTHA UM TIONSCNAMH COMHPHOBAIL EQUAL Ö.	5,089	-	5,089	6,460	-	6,460	27%
	<i>Fo-lomlán:-</i>	<i>582,910</i>	<i>27,199</i>	<i>610,109</i>	<i>603,552</i>	<i>30,390</i>	<i>633,942</i>	<i>4%</i>

		2005 Caiteachas Sealadach		2006 Meastachán		Athrú		Reatha 2005
		2006 Caipitil	lomlán	Reatha	Caipitil	lomlán	thar	%
		€000	€000	€000	€000	€000	€000	
CEARTA FOSTAÍOCHTA AGUS CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH								
N.	AN COIMISIÚN UM CHAIDREAMH OIBREACHAIS DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS COSTAS GINEARÍLTA	4,671	-	4,671	5,012	-	5,012	7%
O.1	DEONTAIS LE hAGHAIDH OIDEACHAS CEARDCHUMANN AGUS SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHA (d)	1,773	-	1,773	1,801	-	1,801	2%
O.2	CISTE NUOLA SAN IONAD OIBRE CHUN COMHPHÁIRTÍOCHTA? A CHUR CHUN CIINN Ó.	-	-	-	500	-	500	-
P.	C?NASCTHA? CEARDCHUMANN	-	-	-	143	-	143	-
	<i>Fo-lomlán:-</i>	<i>6,444</i>	<i>-</i>	<i>6,444</i>	<i>7,456</i>	<i>-</i>	<i>7,456</i>	<i>16%</i>

(a) *Costais roinnt teagascáirí F?S (à13,231m) agus costais Aonad F?S um Anail?s Scileanna (à0.336m) maoin?tear as an gCiste Náisi?nta Oilí?na (b) Gn?omha?ochta? oilí?na a bhaineann leis an bhfo-mhércheann seo, faigheann siad tairbhe freisin as leithdháilt? an CON (à284.087m). Gn?omha?ochta? oilí?na a bhaineann leis an bhfo-mhércheann seo, faigheann siad tairbhe freisin as leithdháilt? an CON. (c) Costais oilí?na a bhaineann leis an bhfo-mhércheann seo, maoin?tear iad as an CON (à18.666m) (d) Fo-mhércheann airgead-teoranta. Costais oilí?na a bhaineann leis an bhfo-mhércheann seo, maoin?tear iad as an CON (à18.666m)*

TríCHTÁIL, TOMHALTÁIRÍ AGUS IOMAÍOCHT

Q	DEONTAS DON ?DARÍ S IOMAÍOCHTA	4,846	-	4,846	5,831	-	5,831	20%
R.1	GN?THA? TOMHALTÁIRÍ - DEONTAS LE hAGHAIDH OIFIG AN STI?RThéRA GN?THA? TOMHALTÁIRÍ RIARACHÁIN AGUS GN?THA? GINEARÍLTA (a)	3,631	-	3,631	7,289	-	7,289	101%
R.2	TACAÍOCHT DO THOMHALTÁIRÍ Ó.	243	-	243	65	-	65	-73%
S.1	AN OIFIG UM CHL?RÍ CUIDEACHTA? - DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS GN?THA? GINEARÍLTA	8,613	-	8,613	9,308	-	9,308	8%
S.2	?DARÍ S MAOIRSEOIREACHTA NA háIREANN UM INI?CHÁIREACHT AGUS CUNTASAÍOCHT (DEONTAS-I-gCABHAIR)	584	-	584	919	-	919	57%
	AN BORD UM MEAS?N? D?OBhéLACHA PEARSANTA Ó.	2,872	-	2,872	-	-	-	-
	DARÍ S MAOIRSEACHTA INI?CHÁIREACHTA ?darís Maoirseachta Ini?cháireachta agus Cuntasaíochta na háireannóCostais Tionscanta AGUS CUNTASAÍOCHTA NA h áIREANN - COSTAIS TIONSCANTA Ó.	232	804	1,036	-	-	-	-
	<i>Fo-lomlán:-</i>	<i>21,021</i>	<i>804</i>	<i>21,825</i>	<i>23,412</i>	<i>-</i>	<i>23,412</i>	<i>7%</i>

SLÁINTE AGUS S?BHÁILTEACHT

T.	AN t?DARÍ S Náisi?NTA UM ShéBHÁILTEACHT AGUS SLÁINTE CEIRDE - DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS GN?THA? GINEARÍLTA Ó.	17,848	-	17,848	20,598	-	20,598	15%
	<i>Fo-lomlán:-</i>	<i>17,848</i>	<i>-</i>	<i>17,848</i>	<i>20,598</i>	<i>-</i>	<i>20,598</i>	<i>15%</i>

SEIRBHÍSÍ EILE

U.	TAIGHDE AGUS SUIRBhéANNA DAONCHUMHACHTA SAN áIREAMH Ó.	107	-	107	359	-	359	236%
V.	COISTE FríMA?OCHTA NáISI?NTA UM BEARTAIS COTHROMA?OCHTA SAOHAIR / SAOIL Ó.	105	-	105	271	-	271	158%
W.	RANN?OCA?OCHTA? LE hEAGRA?OCHTA? IDIRNáisi?NTA, ETC.	13,467	-	13,467	14,995	-	14,995	11%
X.1	COIMISIáIN, COIST? AGUS FIOSrICHáIN SPEISIALTA	714	-	714	866	-	866	21%
X.2	?OCA?OCHTA? ILGHNáITHEACHA	454	-	454	2,051	-	2,051	352%
X.3	AOISLI?NTAS AGUS PINSIN LE hAGHAIDH BALL DEN CHáIRT OIBREACHAIS, DEN CHOIMISI?N UM CHLEACHTAIS SHRIANTACHA AGUS DEN UDARAS IOMAIOCHTA	492	-	492	635	-	635	29%
X.4	?RACHAS CREIDMHEASA ONNMHAIRíOCHTA AIS?OC LEIS AN ST?TCHISTE Ó.	907	-	907	85	-	85	-91%
	<i>Fo-lomlán:-</i>	<i>16,246</i>	<i>-</i>	<i>16,246</i>	<i>19,262</i>	<i>-</i>	<i>19,262</i>	<i>19%</i>
	<i>An tIomlán Comhl?n:-</i>	<i>894,821</i>	<i>370,972</i>	<i>1,265,793</i>	<i>944,973</i>	<i>445,100</i>	<i>1,390,073</i>	<i>10%</i>
	<i>Bain de:-</i>							
Y. -	LEITHGHABhéLACHA-I-gCABHAIR Ó.	108,105	-	108,105	101,480	50	101,530	-
	<i>An Gl?n-lomlán:-</i>	<i>786,716</i>	<i>370,972</i>	<i>1,157,688</i>	<i>843,493</i>	<i>445,050</i>	<i>1,288,543</i>	<i>11%</i>
	Glan-Mhéad? (€000)	130,855						
	P? agus pinsin St?tchiste san áireamh sa ghlan lomlán thuasluaite	285,354	301,408	6%				
	Fostaithe agus pinsináirí a bhain leis an tSeirbhés Phoibl?	6,229	6,259	-				

Fo-mhércinn faoina bhfuil s? ar intinn méid €29.78 milliún i 2005 de leithghabhéilacha neamhchaite a fheidhmí? le haghaidh seirbhísí sol?thair chaipitil.

	2005 Caiteachas Sealadach €000	2006 Meastachán €000	Athri 2006 thar 2005 %
<i>Feidhmí? Luach Gáillí?na larchurtha</i>			
B.2 IDIRThrídáil áIREANN	237	700	195%
C.2 FIONTRA?OCHT áIREANN - DEONTAS DO THIONSCAIL	4,000	-	-
C.3 FIONTRA?OCHT áIREANN - DEONTAS LE hAGHAIDH CAITEACHAIS CHAIPITIL	10,000	-	-
F CLáIR EOLA?OCHTA, TEICNEOLA?OCHTA AGUS NU?LA	10,000	6,355	-36%
G FORBAIRT FIONTAIR CHONTAE	1,000	3,000	200%
I.1 AN t?DARíS UM CHAIGHDEáIN NáISI?NTA NA háIREANN - DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHáIN AGUS COSTAS GINEARíLTA	-	365	-
K.4 F?S - CAIPITEAL	9,000	19,360	115%
	34,237	29,780	-13%

(a) Roinntear an sol?thar de €7.289m le haghaidh Gn?tha? Tomhaltais idir €4.289 díOSGT agus €3m don Bhord Idirlíne don Ghn?omhaireacht Tomhaltais nua.

Aguisín 2

Tuairisc ar mar a cloíodh le Forálacha an Achta um Ioc Pras Cuntas

Le linn 2005 gearradh ús pionóis €4,929.90 ar 24 sonrasc arbh fhiú €121,058.02 in iomlán iad. Ba mar seo leanas a bhí an mhoill:

- ▶ Suas le 30 lá thar téarma i 21 cás a raibh ús €307.05 mar thoradh air.
- ▶ Ní raibh cás ar bith idir 31 agus 60 lá thar téarma.
- ▶ Níos mó ná 60 lá thar téarma in 2 chás a raibh ús €4,622.85 mar thoradh air.

De réir I.R. Uimh. 388, ní íoctar ús ach nuair a bhíonn níos mó ná €5 dlite. Bhain timpeall €4,500.00 le réiteach leanúnach sonraisc le soláthróir amháin, a réitíodh in 2005.

Le linn 2003, tharla 65 íocaíocht dheireanacha a raibh ús €3,000.97 mar thoradh orthu.

Aguisín 3

Reachtaíocht arna riaradh ag an Roinn

Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair

Boiler Explosions Acts, 1882 agus 1890

Acht na nArm Ceimiceach, 1997.

An tAcht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar, 1998

An tAcht um Shubstaintí Contúirteacha, 1972 agus 1979

An tAcht um Mianaigh agus Cairéil, 1965

An tAcht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa (Suiteálacha amach ón gCósta), 1987

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

An tAcht um Shábháilteacht i dTionscal, 1955 agus 1980

Ceartha Fostaíochta

An tAcht um Shaoire Cúramóra 2001

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas) 2003

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta) 2000

An tAcht um Iontaobhas na nOspidéal (1940) Teoranta (Íocaíochtaí le hIarfhostaithe), 2000

Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973-2001

An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

An tAcht um Chaomhnú Fostaíochta, 1977

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001

Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984-2003

An tAcht um Íoc Pá, 1991

An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996

Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967-2003

Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001

Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-2001

An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 2003

An tAcht um Ghníomhaireacht Fostaíochta, 1971 (cé go riarann Rannóg ERIR na Roinne an tAcht seo, ní cuid é den tsraith reachtaíochta faoi chearta).

An tAcht um Cheadanna Fostaíochta, 2003

An Margadh inmheánach

Rialachán na Comhairle (EC) Uimh. 2679/98 den 7 Nollaig 1998 faoi fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh maidir le saorghluaiseacht earraí i measc na mBallstát.

Rún na Comhairle agus Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag cruinniú de chuid na Comhairle ar an 7 Nollaig 1998 faoi shaorghluaiseacht earraí.

Moladh an Choimisiúin Uimh. 2001/893/EC den 7 Nollaig 2001 maidir le prionsabail chun "SOLVIT" – Gréasán Réiteach Fadhbanna an Mhargaidh Inmheánaigh – a úsáid.

Moladh an Choimisiúin Uimh. 2005/309/EC den 12 Iúil 2004 faoi Threoracha a théann i bhfeidhm ar an margadh inmheánach a thrasú ina dhlí náisiúnta.

Tionscal

An tAcht Stroighne (Achtacháin a Aisghairm), 2000

Na hAchtanna Aerphoirt Neamhchustam, 1947 agus 1958 (codanna díobh)

An tAcht um Onnmhairiú a Spreagadh (Leasú), 1987

Na hAchtanna um Fhorbairt Tionscail, 1986-2003

An tAcht Taighde Tionscail agus Caighdeán, 1961

An tAcht um Chruach na hÉireann Teoranta, 1996

An tAcht Fán Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann, 1996

Na hAchtanna um Nitrigín Éireann Teoranta, 1963-2001

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

An tAcht Eolaíochta agus Teicneolaíochta, 1987

Na hAchtanna um Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustam na Sionna Teoranta, 1959-1991

Dlí Cuideachta

Achtanna na gCuideachtaí, 1963-2003

Achtanna na gCara-Chumann, 1896-1977

Na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair, 1893-1978

An tAcht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta, 1994

An tAcht um Painéal Táthcheangail na hÉireann, 1997

Limited Partnership Act, 1907

Partnership Act, 1890

An tAcht um Chlárú Ainmneacha Gnó, 1963

An tAcht um Iontaobhais Aonad, 1990

An tAcht um Chistí Infheistíochta Ainmnithe, 1985 (alt 6)

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 (alt 12(6))

An tAcht um Idirghabhálaithe Infheistíochta, 1995 (alt 80)
 An tAcht Iomaíochta 2002 (ailt 48(a) agus 51)
 An tAcht um Stocmhalartáin 1995

Gortú Pearsanta

An tAcht um Bhord Measúnaithe Ghortú Pearsanta, 2000

Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Maoin Intleachtúil

An Bille um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003
 An tAcht Taighde Tionscail agus Caighdeán, 1961
 Cearta um Mhaoin Intleachtúil
 Acht na bPaitinní, 1992
 Acht na dTrádmharcanna 1996
 Ailt 4 agus 5 den Acht um Maoin Intleachtúil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1998
 An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 (seachas ailt 98, 198, 199 agus 247 nár cuireadh i bhfeidhm leis an gcuid eile den Acht ar 1 Eanáir 2001)
 An tAcht um Dhearaí Tionscail, 2001
 An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar (Leasú), 2004 (Uimh. 18 de 2004)
 An tAcht Eolaíochta agus Teicneolaíochta, 1987

Trádáil

An tAcht chun Onnmhairí a Rialú, 1983
 An tAcht chun Allmhairí a Rialú, 1934-1964
 An tAcht Árachais (Ráthaíocht um Onnmhairiú), 1988
 An tAcht um Shrianadh Allmhairí a Rialú, 1962

Iomaíocht agus Polasáí Tomhaltóra

An tAcht Corr-Thrádála, 1995
 Cairt Cuideachta Goldsmith i mBaile Átha Cliath, 1637
 An tAcht Iomaíochta, 2002
 An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995
 (Cuid XI Idirghabhálaithe Creidmheasa; Cuid XIV Leasú an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980 Ailt 2 agus 54; Cuid XV Leasú ar an Acht Geallbhróicéirí, 1964; agus Cuid XVI Leasú ar an Acht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí 1978, Alt 9 (12).

Cuid II Fógraíocht agus Cóiríocht Airgeadais a Thairiscint; Cuid X Ilghnéitheach;

agus Cuid XIII Tabhaill Idirghabhálaithe Creidmheasa agus Morgáiste a fhad is a bhaineann na codanna seo le hIdirghabhálaithe Creidmheasa.

Is í an Roinn Airgeadais a dhéanann riaradh ar an gcuid eile den Acht seo.

An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí, 1978

An tAcht um Shainmharcáil, 1981

Hallmarking of Foreign Plate Act, 1904

An tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha (Ailt 68-74)

An tAcht um Dhilteanas i leith Táirgí Fabhtacha, 1991

Na hAchtanna Marcanna Earraí Ceannaíochta, 1887-1970

An tAcht Méadreoilaíochta, 1996

An tAcht um Thrádáil Ócaídeach, 1979

An tAcht um Earraí Pacáistithe (Cainníochtaí a Rialú), 1980

Plate Assay Act, 1783

Plate Assay (Ireland) Act, 1807

Acht Tástála Pláta (Leasú), 1931

Na hAchtanna Praghsanna, 1958-1972

An tAcht Stuaic-Dhíola, 1980

An tAcht um Chleachtas Srianta (Leasú), 1987

An tAcht um Chleachtas Srianta (Ordú a Dhaingniú), 1987

Sale of Goods Act, 1893

An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980

Acht na Siopaí (Uaire Trádála), 1938

An tAcht Stampaí Trádála, 1980

Ceardchumann agus Caidreamh Tionscail

Na hAchtanna Caidrimh Tionscail, 1946-2004

Na hAchtanna Ceardchumann, 1871-1990

An tAcht um Fhaisnéis agus Comhchomhairle Thrasnáisiúnta d'Fhostaithe, 1996

Na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontar Stáit), 1977 agus 1988

Fostaíocht agus Oiliúint

An tAcht Printíseachta, 1959

An tAcht Oiliúna Tionscail, 1967

An tAcht um Áiseanna Saothair, 1987

An tAcht um Chiste Náisiúnta Oiliúna, 2000

Aguisín 4

Reachtaíocht a achtaíodh i 2005

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 (Uimh. 10 de 2005))

Tháinig an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2005. Is cuid shuntasach den reachtaíocht nua i réimse na sábháilteachta agus na sláinte sa láthair oibre é an tAcht. Tagann sé in áit Acht 1989, a bhunaigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA). Cuireann an tAcht creatlach nua-aimseartha dlíthiúil ar fáil a ráthaíonn an cleachtas idirnáisiúnta is fearr maidir le sláinte agus sábháilteacht ceirde in Éirinn.

An tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005

Rinne an tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 roinnt athruithe ar an dlí a bhí ann faoi chistí infheistíochta d'fhonn solúbthacht níos mó a chur ar fáil do Thionscal na gCistí agus srianta cuí a choinneáil ag an am céanna. Déanann sé foráil chun cineál nua feithicil chiste infheistíochta a thabhairt isteach – an Coiste Coitianta Conarthach nach mbaineann le UCITS (Gnóthais chun Infheistíochtaí comhchoiteanna a dhéanamh in Urrúis Inaistrithe) agus déanann sé foráil chomh maith chun trasinfheistíocht agus dliteanas leithscartha do chistí infheistíochta a thabhairt isteach.

Tá roinnt athruithe eile déanta ar dhlí ginearálta na gcuideachtaí chun aimhrialtachtaí a bhí ann a bhaint amach agus an bealach a réiteach chun Treoracha AE faoi Mhí-úsáid an Mhargaidh agus Réamheolaire a thrasú go réidh. Méadaíonn an tAcht chomh maith líon na scaireanna is féidir a bheith ina sheilbh ag ball agus méadaíonn sé teorannacha airgeadais eile do Chuideachtaí Tionscail agus Coigiltis (comharchumainn). Tá roinnt mionleasuithe déanta chomh maith ar Dhlí an Tomhaltóra, den chuid is mó chun leibhéal na bhfíneálacha uasta is féidir a ghearradh ar pháirtithe a fhaightear ciontach as reachtaíocht shonrach tomhaltóra a shárú a ardú.

Síníodh an tAcht mar dhlí ar an 29 Meitheamh 2005 agus síníodh dhá Ordú Tosach Feidhme i rith 2005 (30 Meitheamh agus 9 Samhain).

Aguisín 5

Ionstraimí Reachtúla a rinneadh le linn 2005

I.R. Uimh. 24 de 2005

Rialachán um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 1998, Ordú 2005 (Ceapachán Údarás Inniúil). Cuireann na Rialacháin seo riachtanais Threoracha an AE maidir le hearraí contúirteacha a iompar de bhóthar i bhfeidhm chomh maith leis an ADR a ghabhann leis (Comhaontú Eorpach maidir le hiompar idirnáisiúnta earraí contúirteacha de bhóthar). Leagann na Rialacháin seo feidhmeanna amach atá le comhlíonadh ag údaráis inniúla éagsúla. Ceapann an tOrdú seo na húdaráis inniúla éagsúla ar son chuspóirí an Ahta seo.

I.R. Uimh. 25 de 2005

Rialachán um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (Táillí agus Íocaíochtaí Alt 18) 2005. Déanann an Rialachán aisghairm ar Rialachán 2001 um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (Táillí) 2001 trí tháillí leasaithe a shonrú is féidir le húdarás inniúil, scrúdaitheoir údaraithe nó comhlacht creidiúnaithe a ghearradh.

I.R. Uimh. 77 de 2005

An tAcht um Íocaíochtaí Iomaíochta Ordú 2003 (Tosú), Ordú 2005. Cheap an tOrdú Tosaithe seo an dáta 10 Aibreán, 2005 mar dháta chun tús a chur le fheidhmiú Ailt 7, 11 agus 12 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 2003 agus bonn dlíthiúil a sholáthar don Chóras Íocaíochtaí Iomarcaíochta TF ar-líne agus do mhodheolaíocht shimplíthe chun teidlíochtaí reachtúla iomarcaíochta a ríomh.

An tAcht Iomaíochta 2002 (Alt 34(11) (Údarás Árachas Sláinte), Ordú 2005 (I.R. Uimh. 127 de 2005):

Déanann Alt 34 den Acht Iomaíochta, 2002, foráil le haghaidh chomhaontuithe comhoibritheacha idir an tÚdarás Iomaíochta agus comhlachtaí reachtúla eile atá sonraithe i liosta i Sceideal 1 den Acht. Cuireann an tOrdú seo tús le comhaontú comhoibritheach foirmiúil an Údaráis Iomaíochta agus an Údaráis Árachais Shláinte (HIA) faoin acht chun éascú a dhéanamh ar eolas a roinnt.

I.R. Uimh. 116 de 2005

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Caighdeáin Tuarascála Idirnáisiúnta Airgeadais agus Leasuithe Ilghnéitheacha) 2005

Éilíonn Rialachán na Comhairle (EC 1606/2002) dar dáta an 19 Iúil, 2002 ar chuideachtaí liostaithe, banic agus cuideachtaí árachais san áireamh, a gcuntas comhdhlúite a ullmhú de réir na gCaighdeán Cuntasaíochta Idirnáisiúnta (IAS) ó 2005 ar aghaidh. Leasaíonn Treoir AE 2003/51/EC den 18 Meitheamh, 2003, a chomhlánaíonn Rialachán EC 1606/2002 4ú agus 7ú Treoracha an AE um Dhlí Cuideachtaí a riarann ullmhú chuntais bhliantúla agus comhdhlúite faoi seach.

Tugann na Rialacháin seo éifeacht iomlán do Rialachán 1606/2002 agus tugann éifeacht do Threoir 2003/51/EC agus cinntíonn siad go bhfuil cóireálacha roghnacha cuntasaíochta ar fáil faoi Chaighdeáin Chuntasaíochta Idirnáisiúnta mar atá formhuiníte ag an AE do chuideachtaí a bhfuil Treoracha Cuntasaíochta an AE (atá forfheidhmithe in Éirinn ag Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1986 agus Rialachán na gCuntas Grúpa) mar bhonn dá gcuntais chomh maith le hathruithe áirithe eile a dhéanamh faoi réir na gcleachtais reatha is fearr.

I.R. Uimh. 179 de 2005

Ordú na gCuideachtaí (Táillí) 2005

Déanann an tOrdú seo foráil le haghaidh diffeidhmiú tháillí chomhadaithe nuair a dhéantar cáipéisí sainithe a chomhadú go leictreonach le Clár na gCuideachtaí.

I.R. Uimh. 203 de 2005

An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000 (Ráta Íosta Náisiúnta Pá in Aghaidh na hUaire), Ordú 2005.

D'ardaigh an tOrdú seo an ráta pá íosta in aghaidh na huairé go €7.65 ón 1 Bealtaine, 2005.

I.R. Uimh. 232 de 2005

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ábhair agus Earraí atá le teacht i dTeagmháil le hEarraí Bia) 2005, ag tabhairt éifeacht do Threoir an Choimisiúin 2004/13/EC den 29 Eanáir 2004.

Rinneadh trasú ar na Rialacháin seo ar an 4 Bealtaine, 2005.

I.R. Uimh. 283 de 2005

An tAcht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 1998 (Táillí agus Íocaíochtaí Alt 18) (Leasú), Rialacháin 2005. Leasaíonn na Rialacháin seo an tAcht um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 1998 (Táillí agus Íocaíochtaí Alt 18), Rialacháin 2005 (I.R. Uimh. 25 de 2005)

I.R. Uimh. 323 de 2005

An tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 (Tosú), Ordú 2005

Sonraíonn an tOrdú seo dáta faoina mbeidh feidhm ag forálacha an Achta um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 (Uimh. 12 de 2005).

I.R. Uimh. 324 de 2005

Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/EC) 2005

Rinne na Rialacháin seo, mar aon le Cuid V den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005, Treoir AE 2003/71/EC agus Rialachán Coimisiúin 809/2004, a leagann síos rialacha nua chun réamheolaire a dhréachtú, a fhaomhadh agus a fheidhmiú nuair a ofráiltear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach chun trádála iad ar mhargadh rialaithe, a thrasú (is cáipéisí nochta é réamheolaire ina mbíonn an fhaisnéis uile atá riachtanach chun go mbeadh infheisteoirí ábalta luacháil chruinn a dhéanamh ar sheasamh airgeadais agus ar fhéidearthachtaí an eisi theorá agus ar na cearta a eascraíonn as na hurrúis atá á n-ofráil.) Bhí éifeacht leis an reachtaíocht nua ar an 1 Iúil 2005 agus rinne sé nuashonrú agus uasghrádú ar riachtanais a bhí sa réimse seo cheana.

I.R. Uimh. 328 de 2005

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tosú), Ordú 2005. Ba é cuspóir na Rialachán seo an 1 Meán Fómhair 2005 a shocrú mar dháta thús feidhme an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

I.R. Uimh. 331 de 2005

Rialacháin Chomhphobail na hEorpa (Beartais Sriantacha) (Cósta Eabhair) 2005 (29 Meitheamh 2005)

Is é éifeacht an Ordaithe seo ná foráil a dhéanamh le haghaidh pionós as Rialachán na Comhairle (EC) Uimh.

174/2005, a thug isteach cosc ar chúnamh teicniúil agus ar sholáthar airgeadais maidir le gníomhaíochtaí míleata agus le díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú trealaimh a d'fhéadfaí a úsáid ar son leatrom inmheánach sa Chósta Eabhair, a shárú.

I.R. Uimh. 232 de 2005

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ábhair agus Earraí atá le teacht i dTeagmháil le hEarraí Bia) 2005, ag tabhairt éifeacht do Threoir an Choimisiúin 2004/13/EC den 29 Eanáir 2004.

I.R. Uimh. 342 de 2005

Rialacháin um Mí-Úsáid Margaidh (Treoir 2003/6/EC) 2005

Rinne na Rialacháin seo, a tháinig in éifeacht ar an 6 Iúil 2005, mar aon le Cuid 4 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005 an Treoir um Mí-Úsáid Margaidh (MAD), a dhéanann foráil le haghaidh cosc, brath, fiosrúcháin agus smachtú a dhéanamh ar dhéileáil chos istigh, a thrasú. Tá ceithre Threoir AE san MAD – an príomh-Threoir ‘creatlaí’ 2003/6/EC faoi dhéileáil chos istigh agus ionramháil mhargaidh (Mí-úsáid Margaidh) agus Treoracha mionsonraithe forfheidhmiúcháin 2003/124/EC, 2003/125/EC agus 2004/72/EC. (Cuireann ionstraim ghaolmhar eile, Rialachán AE 2273/2003, a bhfuil feidhm dhíreach leis, Treoir 2003/6/EC i bhfeidhm maidir le díolúine dochláir cheannach ar ais agus cobhsú ionstraim airgeadais. Tá feidhm leis an reachtaíocht nua maidir le haon ionstraim airgeadais a cheadaítear don trádáil ar mhargadh rialaithe (nó mar a bhfuil iarratas trádála déanta) agus tugann sé isteach cion nua i ndlí na hÉireann, is é sin, ionramháil an mhargaidh.

Glacann na Rialacháin seo áit Chuid V d'Acht na gCuideachtaí 1990, den chuid is mó, acht a rinne foráil le haghaidh déileáil chos istigh cheana, agus Acht na gCuideachtaí (Leasú) 1991, a rinne foráil le haghaidh gníomhaíocht a chobhsú maidir le heisiúint nó díol urrúis.

I.R. Uimh. 365 de 2005

Ordú na gCuideachtaí (Táillí) (Uimh. 2) 2005

Déanann an tOrdú seo foráil chun táillí comhdaithe a laghdú nó a dhífheidhmiú nuair a dhéantar cáipéisí sainithe áirithe a chomhadú go leictreonach le Cláráitheoir na gCuideachtaí agus chun táillí comhdaithe a ardú nuair a sheachadtar na cáipéisí sin i bhfoirm pháipéir chuig

Cláráitheoir na gCuideachtaí.

I.R. Uimh. 366 de 2005

Rialacháin Ainmneacha Gnó 2005

Déanann an tOrdú seo foráil chun táillí comhdaithe a laghdú nó a dhífheidhmiú nuair a dhéantar cáipéisí shainithe áirithe a chomhadú go leictreonach le Cláráitheoir na gCuideachtaí agus chun táillí comhdaithe a ardú nuair a sheachadtar na cáipéisí sin i bhfoirm pháipéir chuig Cláráitheoir na gCuideachtaí.

I.R. Uimh. 382 de 2005

Acht na gCuideachtaí 1990 (Comhlachtaí Forordaithe Chaighdeán Chuntasaíochta), Rialachán 2005

Forordaíonn na Rialacháin seo comhlachtaí sna Stáit Aontaithe, i gCeanada agus sa tSeapáin a bhfuil an t-údarás acu chun caighdeán chuntasaíochta a leagan síos a bhféadfadh cuideachtaí infheistíochta cloí leo. Tá na Rialacháin déanta faoi Alt 260A d'Acht na gCuideachtaí mar arna chur isteach in Alt 28 den Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005.

I.R. Uimh. 392 de 2005

Rialacháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta) (Aisghairm) 2005. Déanann na Rialacháin seo aisghairm ar na forálacha sin sna Rialacháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta) 1993 (I.R. Uimh. 44 de 2003) (mar atá leasaithe ag Rialacháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta) (Leasú) 2003 (I.R. Uimh. 53 de 2003)] a inchorpraíodh san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag Obair 2005 (Uimh. 10 de 2005). Déanann siad aisghairm iomlán ar na Rialacháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta) (Leasú Uimh. 2) 2003 (I.R. Uimh. 53 de 2003).

I.R. Uimh. 517 de 2005

Ordú Cuideachtaí (Táillí) (Uimh.3) 2005

Déanann an tOrdú seo foráil chun tábla nua táillí a thabhairt isteach ón 1 Nollaig 2005 le híoc le Cláráitheoir na gCuideachtaí. Déanann an tábla seo foráil ar leith do tháillí atá iniúchta i leith beartas páipéir agus táillí atá iniúchta i leith beartais leictreonacha. Déanann an tOrdú aisghairm freisin ar an Ordú Cuideachtaí (Táillí) (Uimh. 2) 2005 (I.R.

Uimh. 365 de 2005) nach dtiocfaidh i bhfeidhm.

I.R. Uimh. 528 de 2005

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe) (Fostaithe Páirtaimseartha) 2005

Cuireann na Rialacháin seo deireadh leis an bhforáil in Acht na Seirbhísí Saothair 1987 (Uimh. 15 de 1987) (mír 10 (c) de Chuid II den Sceideal) go gcaithfidh fostaí 18 uair ar a laghad a oibriú sa tseachtain do FÁS sula mbíonn sé/sí i dteideal vótáil i dToghcháin Stiúrthóirí Oibrí. Cuireann na Rialacháin seo deireadh leis an bhforáil (i mír 11 de Chuid II den Sceideal) go gcaithfidh fostaí 18 uair ar a laghad a oibriú sa tseachtain do FÁS sula mbíonn sé/sí i dteideal ainmniúchán a fháil sna Toghcháin. Tá sé seo le héifeacht iomlán a thabhairt d'Alt 9 den Acht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha) 2001 (Uimh. 45 de 2001) a eisreachtáíonn leithcheal ar fhostaithe páirtaimseartha.

I.R. Uimh. 544 de 2005

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ábhair agus Earraí atá le teacht i dTeagmháil le hEarraí Bia) (Leasuithe) (Uimh. 2) 2005 a thugann éifeacht do Threoir an Choimisiúin 2004/14/EC den 29 Eanáir 2004.

Rinneadh trasú ar na Rialacháin seo ar an 20 Lúnasa 2005.

I.R. Uimh. 630 de 2005

Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe) (Dócmhainneacht Fostóirí) 2005. Rinne na rialacháin seo Treoir AE 2002/74/EC a thrasú trí leasú a dhéanamh ar an Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984. Leathnaíonn na forálacha nua an tAcht amach chun cumhdach a thabhairt d'fhostaithe chuideachtaí a d'éirigh dócmhainneach i mBallstát eile. Cuireadh dámhachtainí éagsúla eile a bhaineann le cearta leis an Acht chomh maith.

I.R. Uimh. 653 de 2005

Ordú Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (Tarmligeán feidhmeanna Aire) (Uimh. 2) 2004. Déanann an tOrdú seo cumhachtaí reachtúla agus dualgais an Aire Fiontar Trádála agus Fostaíochta, mar atá san Acht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005, a tharmligeán chuig Michael Ahern, TD, an tAire Stáit um Thrádáil agus Thráchtáil.

I.R. Uimh. 682 de 2005

Rialacháin um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) (Foirmeacha agus Gnáthaimh) 2005. Leagann na Rialacháin seo síos na foirmeacha agus na teastais leasaithe atá le húsáid maidir le héilimh faoi Ailt 6 agus 7 den Acht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984.

I.R. Uimh. 686 de 2005

Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 (Tosú), Ordú 2005. Shocraigh sé seo an dáta 1 Nollaig 2005 mar dháta feidhme alt 47 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht), 2003 sa mhéid is nach raibh sé i bhfeidhm cheana faoi réir mhír 5 de I.R. Uimh. 132 de 2003

I.R. Uimh. 693 de 2005

Acht na gCuideachtaí 1990 (Urrúis Neamhdheimhniithe) (Leasú), Rialacháin 2005.

Leasaíonn na Rialacháin seo Rialacháin Acht na gCuideachtaí, 1990 (Urrúis Neamhdheimhniithe) 1996 ar mhaithe le córas frithpháirtí lárnach a thabhairt isteach do mhargadh urrúis na hÉireann.

I.R. Uimh. 694 de 2005

Ordú Cuideachtaí (Foirmeacha) 2005

Is é cuspóir an Ordaithe seo foirm a shainordú le húsáid ar son úsáid fógra ó chuideachta go clárúitheoir na gcuideachtaí ar údarás gníomhaire comhdaithe leictreonaigh de réir alt 57(4)(a), an tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha 2005, agus ar son fógra faoi réir Alt 58(2) d'Acht 2005 ag cuideachtaí chuig an gclárúitheoir ag aisghairm údarú a ghníomhaire comhdaithe leictreonaigh.

I.R. Uimh. 695 de 2005

An tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha (Tosú) 2005 (Uimh. 2), Ordú 2005

Socraíonn an tOrdú seo an 1 Nollaig 2005 mar dháta infheidhme ailt 57, 58, 61 agus 71 an Achta um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha

2005.

I.R. 735 de 2005

Rialacháin Ainmneacha Gnó (Uimh. 2) 2005

Is é cuspóir na Rialachán seo táille an Chlárúitheoir Ainmneacha Gnó chun cóip nó sliocht neamhdheimhniithe as aon cháipéis Ainmneacha Gnó nó cuid de cháipéis dá leithéid atá comhdaithe leis an gClárúitheoir, a sholáthar go duine ar bith, pé acu an dtugtar don té sin é i bhformáid pháipéir nó leictreonaigh.

I.R. Uimh. 737 de 2005

Ordú Cuideachtaí (Táillí) (Uimh.4) 2005

Leagann an tOrdú seo síos an táille atá iníoctha maidir le Foirm B77 (fógra do chlárúitheoir na gcuideachtaí maidir le ceapachán/aisghairm gníomhaire comhdaithe leictreonaigh ag an gcuideachta), agus déanann sé foráil ar leith don táille atá iníoctha maidir le fógra ar pháipéar agus an táille atá iníoctha maidir le fógra leictreonaigh.

I.R. Uimh. 791 de 2005

Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 (Tosú) (Uimh. 2), Ordú 2005 : déanann sé seo foráil le haghaidh forálacha áirithe d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht), 2003 a thosú a cheadaíonn bunú Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA).

I.R. Uimh. 800 de 2005

Rialacháin na gComhphobail Eorpach (Bearta Srientacha) (Poblacht Dhaonlathas an Chongó) 2005 (1 Nollaig 2005)

